# An Roinn Fiontair, Trádála & Fostaíochta

# Tuarascáil Bhliantúil 2009

**Misean (2008-2010)**

*Cumas iomaíochta agus táirgiúlacht na hÉireann a chur ar aghaidh trí timpeallacht a chruthú a chuireann rath ar fhiontar, ar fhiontraíocht agus ar nuálaíocht agus ina gcothaítear deiseanna fostaíochta den scoth.*

Agus an misean seo á shaothrú aici tá Sprioc ar leibhéal ard curtha ag an Roinn di féin maidir le sé 'chrann taca' a Straitéise féin, mar seo a leanas:

| Crann taca | Sprioc |
|---|---|
| ***Infheisitiú in Eolas agus i bhFeidhmiú an Eolais*** | Ár gcumas iomaíochta a chur chun cinn trí feabhas suntasach a chur ar ár n-inniúlacht chun eolas nua a ghiniúint, a chosaint agus a úsáid ar mhaithe le tairbhe eacnamaíoch agus sóisialta |
| ***Beartais chun Fiontair a chur chun cinn i nGeilleagar Iomaíoch Ard-luacha*** | Cumas iomaíochta, nuálaíochta agus fiontair an náisiúin a chur ar aghaidh ar fud an gheilleagair chun tacú lena fhorás cothrom inmharthana, le deiseanna nua fostaíochta agus le gníomhaíocht láidir onnmhairíochta maidir le táirgí agus seirbhísí araon agus chun tionscnaimh a chur ar aghaidh i ndáil le geilleagar uile-oileáin |
| ***Soláthar agus Feabhsú Scileanna & Rannpháirtiú sa Lucht Saothair*** | Beartais margadh saothair a shaothrú a thacaíonn le forbairt fiontair agus a chuireann forbairt caipitil dhaonna ar aghaidh trí scileanna an lucht saothair a fheabhsú. Rannpháirtíocht i bhfostaíocht agus rochtain uirthi a fheabhsú ar an gcuma seo |
| ***Rialáil Gnó níos fearr agus an Tomhaltóir*** | A chinntiú go n-éascaíonn an coras rialála gnó iomaíocht san ionad margaidh mar aon le cosaint tomhaltóirí d'ardchaighdeán agus rialachais chorparáidigh |
| ***Comhpháirtíocht san Ionad Oibre agus Cearta Fostaíochta*** | Caidreamh tionscail maith agus an múnla comhpháirtíochta a chothú agus reachtaíocht chuí cearta fostaíochta agus creatlach chuí institiúideach mar thaca fúthu |
| ***Ár Spriocanna Straitéiseacha a sheachadadh*** | Leibhéal ard tacaíochta gairmiúla, seirbhíse agus comhairle a chur ar fáil agus éascaíocht á déanamh againn do chur i ngníomh spriocanna gnó na Roinne ar shlí a chinntíonn Luach ar Airgead. Leanúint de bheith i dtús cadhnaíochta ar chlár oibre an nuachóirithe ar fud |

| Crann taca | Sprioc |
|---|---|
| | na Seirbhíse Sibhialta agus na Seirbhíse Poiblí ag an am céanna |

## Rudaí tábhachtacha atá bainte amach againn in 2009

## CRANN TACA 1: Infheistiú in Eolas agus i bhFeidhmiú an Eolais

- Foilsíodh measúnú ar an dul chun cinn atá déanta i gcur i bhfeidhm na Straitéise um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013 'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht – an Geilleagar Cliste á Sheachadadh'. Sa measúnú seo leagtar amach na rudaí ba thábhachtaí atá bainte amach faoin Straitéis agus tugtar tuairisc ar fhorás suntasach atá tagtha ar fhostaíocht mar thoradh ar infheistíocht. Mínítear conas mar atá naisc láidre á gcruthú chun a chinntiú go ndéantar tráchtálú ar an líon níos mó smaointe nua agus ar an eolas nua atá ag teacht chun cinn chun táirgí agus seirbhísí nuálacha a tháirgeadh atá ag baint amach margaí onnmhairithe agus atá ag cruthú fostaíochta inmharthana.

- Chabhraigh an Roinn go gníomhach le moltaí an Tascfhórsa Nuálaíochta a cheapadh. Is é an Taoiseach a bhunaigh an Tascfhórsa i mí an Mheithimh 2009 chun comhairle a chur ar an Rialtas i ndáil lena straitéis chun ionad a thabhairt d'Éirinn mar Mhol Idirnáisiúnta um Fhorbairt Núalaíochta agus chun cabhrú leis an Geilleagar Cliste a bhaint amach i ndáiríre.

- In 2009, bhí taighdeoirí a bhí á maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann ag comhoibriú 601 uair leis an tionscal. Ba mhéadú 50% é seo i gcomparáid le 2008. Is ábhar misnigh é gur i gCorparáidí Ilnáisiúnta agus i bhFiontair Bheaga-Meánmhéide araon a bhíothas ag obair i gcomhar a chéile.

- Tugann an Roinn tacaíocht d'fhiontraithe trí Fhiontar Éireann chun a chinntiú go n-éireoidh linn fíorthairbhe thráchtála a bhaint as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus as smaointe gnó nuálacha. In 2009 bunaíodh 73 ghnólacht nua ardacmhainne mar thoradh ar mhaoiniú ceadaithe, mar aon le 13 ghnólacht nua ardacmhainne ionchasacha, in earnáil na TFC agus na n-eolaíochtaí beatha. Tháinig siad as taighde tríú leibhéil Státmhaoinithe. Táthar ag súil go gcruthóidh na cuideachtaí seo breis is 900 post nua agus go mbainfidh siad díolachán dar luach breis is €600 milliún amach san iomlán sna trí bliana atá amach romhainn.

## CRANN TACA 2: Beartais chun Fiontair a chur chun cinn i nGeilleagar Iomaíoch Ard-luacha

- Is í Éire an geilleagar is mó ina ndéantar infheistíocht dhíreach choigríche san Eoraip. De réir Tuarascáil Bhliantúil IBM 2009 um Threochtaí Lonnaithe Domhanda is í Éire an ceann scríbe is tábhachtaí ar domhan maidir le poist de réir infheistíochta isteach in aghaidh an duine.

- Seoladh an Ciste um Chobhsú Fiontair i 2009 mar scéim 2-bhliana d'fhonn tacú le cuideachtaí a bhí inmharthana ach a bhí i mbaol agus a raibh deacrachtaí acu de dheasca na lagtrá eacnamaíochta. Tugadh tacaíocht do 180 togra san iomlán faoin gCiste in 2009. Ceadaíodh €68 milliún do na cuideachtaí seo san iomlán. Bhí €58 den méid seo íoctha faoi dheireadh na bliana.

- Tugadh isteach Scéim Fordheontas Fostaíochta shealadach chun cabhrú le fostaithe a bpoist a choinneáil agus chun cabhrú le fostóirí a gcumas táirgthe a choinneáil ag an am céanna. Cáilíonn fiontair le haghaidh tacaíochta ar choinníoll go ngabhann siad orthu iolraí ar líon na bpost a bhfuil fóirdheontas á fháil acu ina leith a choinneáil go deireadh mhí na Samhna 2010. Foilsíodh dhá ghairm faoin Scéim. Mar thoradh air seo ceadaíodh tacaíocht do 1,700 fiontar, nach mór, agus tá de cheangal ar na cuideachtaí seo breis is 100,000 post a choinneáil go deireadh mhí na Samhna 2010.

- Críochnaíodh athbhreithniú mionsonraithe ar réimse na dtacaíochtaí airgeadais atá ar fáil ó na Boird Fiontair Chontae d'earnáil na micrifhiontar in 2009. Rinneadh an obair seo i gcomhar leis na Boird Fiontair Chontae agus le Láraonad Comhordúcháin na mBord Fiontair Chontae laistigh d'Fiontar Éireann. Ba í cuspóir an athbhreithnithe ná a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil ag teacht le riachtanais agus le héilimh earnáil na micrifhiontar.

## CRANN TACA 3: Soláthar agus Feabhsú Scileanna & Rannpháirtiú sa Lucht Saothair

- Lean an Roinn uithi in 2009 ag infheistiú i soláthar deiseanna foghlama do dhaoine sa lucht saothair. Leithdháileadh breis is €134 milliún chun gníomhaíochtaí oiliúna a sheachadadh do dhaoine i bhfostaíocht, printísigh san áireamh.

- Lean an Clár Líonraí Oiliúna Skillnets air ag soláthar oiliúint ardleibhéil d'fhostaithe in 2009. Ghlac 40,427 rannpháirtí páirt ó gach cearn den tír.

- Méadaíodh líon na ndaoine a ghlac páirt i gcláir oiliúna agus fostaíochta a chuir FÁS ar fáil do dhaoine dífhostaithe go 154,000 in 2009, i gcomparáid le 66,000 a bhain leas as tionscnaimh dá leithéid i 2008. Tugadh isteach tionscnaimh nua lena n-áirítear an Clár Socrúchán Oibre agus áiteanna oideachas tríú leibhéil páirtaimseartha.

- Cuireadh 26,000 duine ar aghaidh chuig FÁS faoin bPlean Gnímh Náisiúnta Fostaíochta in 2009. Bhí breis is 60% de líon iomlán na ndaoine a cuireadh ar aghaidh imithe ón mbeochlár faoi dheireadh 2009.

## CRANN TACA 4: Rialáil Gnó níos Fearr agus an Tomhaltóir

- Ina ráiteas Buiséid i mí Dheireadh Fómhair 2008 d'fhógair an tAire Airgeadais go gcumascfar an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta. Leanadh d'ullmhú na reachtaíochta atá riachtanach chun feidhm a thabhairt don gcumasc ar feadh 2009 ar fad. Ní hamháin go ndéantar an dá eagraíocht a chumasc leis an reachtaíocht seo ach athshonrófar na forálacha um

Chleachtais Tráchtála Éagóracha den Acht um Chosaint Tomhaltóirí. Ag an am céanna athshonrófar forálacha áirithe de na hAchtanna Iomaíochta chun an t-athbhreithniú ar dhlí iomaíochta agus obair an Ghrúpa Chomhairligh um Chumaisc na Meán a chur san áireamh.

- Thug an Rialtas dul chun cinn ar chur i ngníomh na Moltaí maidir leis an Údarás Iomaíochta dá haire i mí na Márta 2010 agus eisíodh ráiteas Rialtais ar an 8ú Aibreán 2010. Faoin am sin bhí 40% de mholtaí an Údaráis a rinne sé idir 2000 agus 2009 curtha i ngníomh agus bhí 9% eile díobh á bpróiseáil.

- I réimse Dlí na gCuideachtaí cuireadh reachtaíocht leasaitheach i ngníomh le linn 2009. D'fhreagair Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 do dheiseanna gnó nua a aithníodh trí thionscal na gcistí comhinfheistíochta. Leis an Acht seo tugtar isteach sás a cheadaíonn do chuideachtaí cistí i ndlínsí forordaithe a gcuid oifigí cláraithe a aistriú go hÉirinn gan iad a dhúnadh ar dtús ina ndlínsí baile. Trí achtú Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009 cuireadh leis na riachtanais a ghabhann le nochtadh i gcuntais bhliantúla cuideachtaí baincéireachta maidir le hiasachtaí dá gcuid stiúrthóirí agus dóibh siúd a bhfuil baint acu leo.

## CRANN TACA 5: Comhpháirtíocht san Ionad Oibre agus Cearta Fostaíochta

- In 2009 bhí an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta rannpháirteach i 35 seimineár inar malartaíodh eolas le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha araon. Áiríodh orthu iad siúd a bhfuil baint acu le fostóirí, ceardchumainn, comhairle do shaoránaigh, oideachas, ionadaíocht gairmithe chomh maith le heagraíochtaí eile. Rinne an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta imscrúdú ar bhreis is 8,860 fostóir sa tréimhse seo. Cuirtear eolas ar fáil leis, trí lárionad glaonna tiomnaithe an Údaráis. De bhreis ar sheirbhís an lárionaid seo tá áis aige a sholáraíonn eolas ar feadh 24 uaire an chloig.

- In 2009 leanadh den obair le heagraíochtaí ábhartha chun nuálaíocht agus solúbthacht trí chomhpháirtíocht san ionad oibre a chur chun cinn. Áiríodh orthu seo Coiste na Creatlaí Náisiúnta um Chothromaíocht Oibre – Saoil agus an Ciste um Nuálaíocht an Ionad Oibre.

- Mar thoradh ar an gcor chun donais eacnamaíoch tháinig méadú nach raibh a leithéid againn roimhe ar líon na n-éileamh a cuireadh isteach chuig na Rannóga um Íocaíocht Dóacmhainneachta agus Iomarcaíochta in 2009. In 2009 cuireadh isteach 77,000 éileamh iomarcaíochta i gcomparáid le 40,600 in 2008; próiseáladh 50,664 éileamh iomarcaíochta i gcomparáid le 29,802 in 2008 - is méadú 70% é seo. Cuireadh isteach 21,411 éileamh dóacmhainneachta in 2009 i gcomparáid le 12,028 in 2008 agus próiseáladh 20,172 éileamh i gcomparáid le 9,704 éileamh in 2008. Is ionann sin agus méadú 108%.

## CRANN TACA 6: Ár Spriocanna Straitéiseacha a sheachadadh

- Lean an Roinn uirthi ag soláthar seirbhíse ardchaighdeáin dár nAire agus do chúigear airí stáit (na hairí nua a ceapadh don Roinn i mí Bhealtaine san áireamh) ar

feadh 2009 ar fad, go mór mór trí comhairle chuí agus faisnéisiú cuí a chur ar fáil mar thacaíocht d'Airí agus iad i mbun a gcuid dualgas i leith na Roinne agus an Oireachtais a fheidhmiú.

- Tá an Roinn ag leanúint uirthi ag forbairt ríomh-sheirbhísí Rialtais d'fhonn ár gcuid seirbhísí dár gcustaiméirí a fheabhsú. In 2009 chuir an Roinn tús leis an gCóras Ar Líne d'Iarratais ar Cheadúnas Onnmhairithe a chuirfidh ar chumas onnmhaireoirí a gcuid iarratas ar cheadúnais onnmhairithe a chur isteach ar líne.

- Bhí roinnt cruinnithe sa dara leath de 2009 ag an nGrúpa um Chur i nGníomh a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh an Phlean Ghnímh a díorthaíodh chun freagairt do na moltaí a bhí i dtuarascáil an Chláir Aithbhreithnithe Eagraíochtúil in 2008. Phléigh an Grúpa faisnéis ar dhul chun cinn a baineadh amach i ndáil le 38 bPointe Gnímh i 7 réimse théamach an Phlean agus chuir tús le hoiriúnú na mbearta chun acmhainní laghdaithe na Roinne a chur san áireamh.

- Lean an Roinn uirthi ag obair as láimh a chéile le comhoibrithe ar fud an Rialtais agus chuir sí le réimse leathan tionscnamh a raibh tionchar acu ar ár gcuid luchtanna leasa (m. sh. seoladh Creatlach an Gheilleagair Chliste, obair Coistí agus Fochoistí Comh-aireachta éagsúla, ár gclár oibre AE a chur chun cinn, srl.).

## CRANN TACA 1: Infheistiú in Eolas agus i bhFeidhmiú an Eolais

### Sprioc Ardleibhéil

Ár gcumas iomaíochta a chur chun cinn trí feabhas suntasach a chur ar ár n-inniúlacht chun eolas nua a ghiniúint, a chosaint agus a úsáid ar mhaithe le tairbhe eacnamaíoch agus sóisialta.

**Achoimre**

Is é an dúshlán is tábhachtaí atá roimh Éirinn ar an aimsir seo agus cloch boinn do théarnamh ár ngeilleagair á cur againn ná geilleagar 'cliste', a fhorbairt, is é sin, geilleagar atá bunaithe ar nuálaíocht. Ní mór don tírdhreach fiontraíochta agus infheistíochta in Éirinn cur léi féin gan stad gan staonadh chun a cumas iomaíochta a choinneáil. Sa lá atá inniu ann is é an Geilleagar Cliste an tsamhail atáimid ag iarraidh a bhaint amach mar bhunús dár n-athnuachan gheilleagrach agus é á tógáil againn ar an dá láidreachtaí seo: nuálaíocht agus fiontraíocht.

Tá gealltanas mór tugtha ag an Rialtas tríd an infheistiú suntasach poiblí sa Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht 2006-2013 ar mhaithe leis an aistriú chuig Geilleagar Cliste a dhéanamh. Straitéis a bhaineann leis an Rialtas ar fad í seo. Dá réir déantar taighde mar aon le torthaí agus feidhmiú an taighde a leathadh thar mórán Ranna Rialtais. Is é atá i gceist leis an Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht ná dul san iomaíocht i margadh domhanda ina bhfuiltear i ngéariomaíocht lena chéile. Tuigimid go ndéanann náisiúin a bhfuil cumas iomaíochta fadtéarmach acu

infheistíochtaí suntasacha i dTaighde agus Forbairt (T&F).

Bhí fíorthairbhí ar an infheistíocht atá á déanamh ag Éirinn sa gheilleagar cliste i gcónaí in 2009. Thar na deich mbliana atá thart tá athrú ón mbonn aníos tagtha ar ár mbonneagar taighde mar thoradh ar infheistíocht atá á déanamh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus ag an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéil. Glacann cuideachtaí ó gach cearn den domhan le hÉirinn mar láthair tharraingteach chun T&F a dhéanamh. In 2009, ba i dTaighde, Forbairt agus Nuálaíocht a rinneadh 49% d'infheistíochtaí a ghnothaigh an ÚFT agus ba mhó a luach ná €500 milliún. Is fearr go mór é seo ná ar infheistíodh sna blianta 2004 agus 2005, na blianta a tháinig díreach roimh an Straitéis. Infheistíochtaí dar luach €140 milliún agus €260 milliún a rinneadh sna blianta sin faoi seach. Is de bharr na hoibre ríthábhachtaí atá á déanamh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann go bhfuil méadú ag teacht go leanúnach ar líon na bpost ardcháilíochta a ghnóthaítear. Is forbairt í seo atá i gcroílár an gheilleagair chliste.

Bhí IBM, Boston Scientific, Citi, Intel, Pfizer, Helsinn, HP, Paypal, Colgate-Palmolive, Alps Electric agus SITA ar chuid de na príomhinfheisteoirí Taighde, Fobartha agus Nuálaíochta le linn 2009. Cabhraíonn mórinfheistíochtaí dá leithéid le hoibríochtaí atá ann cheana féin a dhaingniú agus gnó a bheidh ar fáil ó ghnóthais ilnáisiúnta amach an seo a fháil. Go deimhin, is éacht suntasach é gur lean mórán de mhórchuideachtaí an domhain orthu ag infheistiú in Éirinn i réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear déantúsaíocht ardleibhéil, seirbhísí domhanda agus Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht in aineoin droch-chuinsí eacnamaíocha ar fud an domhain.

I measc na bpríomhréimsí ar díríodh orthu bhí bearta a imríonn tionchar díreach ar ár gcumas poist a chruthú agus a choinneáil, nó a chabhraíonn le fiontair buntáiste iomaíoch a bhaint amach. Ina thaobh seo bhí Fiontar Éireann ag obair i gcomhar le gnó fiontair dúchasach agus thacaigh sé le fiontair nuathionscanta dul i mbun gnó, nuálaíocht a dhéanamh agus onnmhairí a ghnothú ar leibhéal domhanda. Cuireadh maoiniú ar fáil chun tacú le Taighde agus Forbairt laistigh de chuideachtaí, chun comhoibriú idir an tionscal agus eagraíochtaí taighde a chur chun cinn agus chun tráchtálú ar thorthaí taighde a spreagadh. Ba léir go raibh rath ar na hinfheistíochtaí i Nuálaíocht agus i bhForbairt; is léir ó na torthaí go raibh níos mó díolacháin agus onnmhairí ag na fiontair siúd a raibh infheistiú déanta acu i bhForbairt agus Nuálaíocht le linn na gcúinsí deacra eacnamaíocha is déanaí. Ina theannta sin tháinig níos lú laghdú ar líon na bpost a bhí acu i gcomparáid leis na fiontair nach ndearna aon ionfheistíocht i dTaighde agus Forbairt. Cuireann cuideachtaí cliaint de chuid Fiontar Éireann 150,000 post díreach ar fáil sa gheilleagar mar aon le 150,000 post eile a bhaieann leo sin go hindíreach.

Ní mór d'Éirinn an tairbhe thráchtála is mó is féidir a bhaint as ár gcuid infheistíocht in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht san am atá romhainn. In 2009 bhí ról fíorthábhachtach ag Fiontar Éireann i gcónaí maidir le forbairt agus treisiú an chomhair idir an tionscal agus pobal na heolaíochta. De bhreis air sin bhí sé i gceannas ar iarracht náisiúnta chun cáilíocht agus líon na dtorthaí taighde a mhéadú a sheachadtar chuig an ionad margaidh.

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 1. | A bheith i gceannas ar chur chuige an Rialtais uile i leith cur i ngníomh na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, 2006-2013 agus é a chomhordú.<br><br>A chinntiú go mbeidh beartais chomhtháite ar fud na Ranna rialtais go léir maidir le cur i ngníomh spriocanna na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht. | Le linn 2009 bhí an Roinn ag uasmhéadú úsáide na struchtúr um chur i ngníomh na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht i gcónaí d'fhonn cur chuige comhtháite uile-rialtais comhoibritheach idir-ghníomhaireachta a bhunú maidir le spriocanna na Straitéise a bhaint amach. Leanamar orainn ag treorú cuir i ngníomh na Straitéise agus á comhordú trí bheith sa chathaoir ar an gCoiste Idir-rannach um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht agus thugamar tuairisc go rialta do na Coistí Comhaireachta um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht agus Athnuachan Eacnamaíoch chun a chur ar chumas na gCoistí seo a chinntiú go gcabhraíonn an timpeallacht d'eolaíocht, d'fhorbairt theicneolaíoch agus do nuálaíocht le cumas iomaíochta na hÉireann a chothú agus le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ionad na hÉireann mar gheilleagar fuinniúil atá á chur chun tosaigh ag eolas.<br><br>**Maoiniú faoin Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**<br>I bhfianaise an mheathlaithe atá tagtha ar airgeadas an Stáit d'aontaigh an Coiste Comhaireachta um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht ag cruinniú dá chuid i mí Iúil 2009 leithreasú airgeadais iomlán do Ranna atá freagrach as an Straitéis a chur i bhfeidhm a láimhseáil mar bhloc le linn an phróiseas Meastacháin 2010.<br><br>Bhí ról fíorthábhachtach ag an Roinn maidir le roghanna a cheapadh agus maidir le n-iad a chur faoi bhráid an Rialtais le haghaidh a mbreithnithe sna míonna sular fhógair an tAire Airgeadais an buiséad. Leithdháileadh €597 milliún i 2010 do Ranna a bhfuil baint acu leis an Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht faoi deireadh thiar.<br><br>In 2009 rinneadh cinneadh aon sruthán maoinithe amháin a chur ar bun don Straitéis d'fhonn infheistíocht a dhéanamh chomh héifeachtúil agus chomh dírithe agus is féidir. D'fhógair an tAire Airgeadais plean an Rialtais ina thaobh seo i gcomhthéacs Buiséid na bliana 2010.<br><br>Mar thoradh air sin cuireadh sruthán maoinithe amháin le haghaidh Taighde agus Forbartha dar luach €421 milliún san iomlán i bhfeidhm go luath i 2010. Tá an t-airgead seo faoi bhainistiú na Roinne agus a cuid gníomhaireachtaí, na Roinne Oideachais agus Scileanna agus na Roinne Sláinte agus Leanaí. D'fhógair an Taoiseach dá éis sin go dtabhafar freagracht as an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéil don Roinn seo de réir na cuspóra an infheistíocht d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a dhéanamh chomh |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | héifeachtach agus chomh dírithe agus is féidir.<br><br>**Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Núalaíocht – An Geilleagar Cliste á Sheachadadh**<br>Foilsíodh measúnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh sa Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht i 2009. In 'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht – An Geilleagar Cliste á Sheachadadh' tugtar cuntas ar na nithe is tábhachtaí atá bainte amach faoin Straitéis agus mínítear conas mar atá méadú suntasach tagtha ar fhostaíocht mar thoradh ar infheistíocht. Mínítear conas a dhéantar naisc láidre chun a chinntiú go ndéantar tráchtálú ar an eolas agus ar na smaointe nua atá ag teacht chun cinn chun táirgí agus seirbhísí nuálacha a tháirgeadh a bhaineann margaí onnmhaithithe amach agus a bhfuil fostaíocht inmharthana mar thoradh orthu. Tá an tuarascáil ar fáil i rannóg na bhfoilseachán ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.deti.ie.<br><br>**Baile Átha Cliath, Cathair na hEolaíochta 2012**<br>Tar éis cinneadh a bheith déanta ag Bord Maoirseoireachta an Fhóraim Oscailte Eorpaigh um Eolaíocht Baile Átha Cliath a roghnú mar ionad d'ócáid Chathair Eolaíochta na hEorpa 2012 d'fhaomh an Rialtas i 2009 go soláthófar maoiniú don ócáid seo ar bhonn ilbhliantúil. Tabharfaidh an ócáid seo ardán dúinn an obair agus na torthaí eolaíochta dá bhfuil againn in Éirinn thar gach disciplín a chur ar taispeáint; cuirfidh sé seo borradh faoi cháil idirnáisiúnta na hÉireann mar phríomhionad sármhaitheas eolaíochta agus taighde; de bhreis air sin beidh sé ina creat le haghaidh cláir chomhordaithe do ghníomhaíochtaí margaíochta idirnáisiúnta a mbeidh baint ag ÚFT agus le Fiontar Éireann leo. Cabhróidh sí leis, chun an eolaíocht agus gaimréimeanna eolaíochta a chur chun cinn i measc mac léinn ionchasacha agus a dtuismitheoirí.<br><br>**An Tascfhórsa Nuálaíochta**<br>Ba é an Taoiseach a chuir an Tascfhórsa Nuálaíochta ar bun i mí an Mheithimh 2009 chun comhairle a chur ar an Rialtas maidir lena straitéis chun áit a bhaint amach d'Éirinn mar Mhol Idirnáisiúnta um Forbairt Nuálaíochta agus mar chúnamh chun Geilleagar Cliste fíor a bhaint amach don tír. Chuir an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí go gníomhach le moltaí an Tascfhórsa Nuálaíochta.<br><br>Foilsíodh tuarascáil an tascfhórsa i mí an Mhárta 2010. Tá a lán smaointe nua inti agus chomh maith leis sin cuirtear in iúl go bhfuil gá le cláir agus le hiarrachtaí atá ann cheana féin a threisiú agus feabhas a chur ar a n-ailíniú. Tugtar a lán moltaí maidir le hinfheistíocht i dtaighde agus forbairt, an |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | earnáil ardoideachais, rochtain ar mhaoin intleachtúil, maidir le soláthar poiblí, dreasachtaí cánach agus dreasachtaí eile, coinbhéirseacht agus deiseanna eile chun cuideachtaí atá ann cheana a bhunathrú chun feabhais, maidir le bonneagar agus maidir le margaíocht.<br><br>D'aontaigh an Rialtas dá éis sin go mbeidh an tÁire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta mar chathaoirleach ar Choiste Feidhmiúcháin Ardleibhéil chun na moltaí atá i dTuarascáil an Tascfhórsa a chur i bhfeidhm. Is iad Ardrúnaithe Ranna Rialtais agus ionadaithe dearscnaitheacha ón earnáil phríobháideach atá ar an gcoiste seo. Bíonn cruinnithe rialta ag an gcoiste seo i gcónaí chun moltaí na tuarascála a chur i ngníomh.<br><br>**An Grúpa um Aiseolas Fiontair**<br>Ba é té a bhí ina aire go déanach i 2008 a chuir an Grúpa um Aiseolas Fiontair ar bun ag an am sin chun a chur ar chumas ionadaithe na luchtanna leasa plé a dhéanamh go marthanach leis an gcoiste idir-rannach um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht. Is é atá i gceist ná aiseolas ón nGrúpa um Aiseolas Fiontair a chur san áireamh i bhforbairt leanúnach beartais agus clár chun spriocanna na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a bhaint amach.<br><br>I mí an Mheithimh 2009 chur an Grúpa a chéad tuarascáil isteach. Moladh san aighneacht seo gur chóir don Rialtas sprioc amháin fhorbairt a bhfuil an Straitéis á díriú uirthi ar feadh dhá bhliana agus sprioc eile a bhfuil sí á díriú uirthi ar feadh cúig bliana mar fhreagra don ngéarchéim eacnamaíochta atá orainn faoi láthair. Glacadh roinnt bearta láithreach bonn mar fhreagra don tuarascáil, mar seo a leanas:<br><br>• Leag an Grúpa béim ar taighde feidhmeach atá faoi theoir an tionscail a chur chun cinn. Mar thoradh air seo brostaíodh forbairt Ionaid Inniúlachta atá faoi theoir an tionscail. Ina theannta sin comhaontaíodh go leathnófaí réimse cúraim Fondúireacht Eolaíochta Éireann sa mhéid go nglacfadh sí taighde feidhmeach san áireamh agus go gcuirfí an reachtaíocht chumasúcháin chuí ar aghaidh.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar oiriúnacht na socruithe d'úinéireacht agus ceadúnú maidir le Maoin Intleachtúil a thagann as taighde Státmhaoinithe agus tá na torthaí á gcur i ngníomh, le spreagadh ón Tascfhórsa Nuálaíochta, trí ghrúpa a bhfuil an tionsclaí Jim Mountjoy mar chathaoirleach air.<br>• Cuireadh moltaí maidir le soláthar ar aghaidh chuig an |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | nGrúpa um Nualaíocht Soláthair a chuir an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta ar bun i 2008 chun go gcuirfeadh an Grúpa i bhfeidhm iad agus go ndéanfadh sé monatóireacht orthu.<br>• Mar thoradh ar cheisteanna faoi scileanna agus oideachas a chuir an Grúpa agus go háirithe moltaí a rinne sé maidir le níos mó céimithe eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus mata a sholáthar déantar iarracht níos mó Tionscadal Mata a chur i ngníomh de réir a chéile agus pointí bónais a thabhairt do dhaltaí a dhéanann Mata ag an ardléibhéal san ardteistiméireacht.<br><br>**Teicneolaíocht Éireann**<br>Lean fóram Teicneolaíochta Éireann air ag cur ar aghaidh gné na fiontraíochta den Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht ar shlí chomhordaithe chomhtháite. Áirítear iad seo a leanas ar na tionscnaimh a chuir an fóram chun cinn:<br><br>• Straitéiseacha chun tráchtálú taighde a maoiníodh as an gciste poiblí a mhéadú<br>• Moltaí maidir le húsáid Maoine Intleachtúla a uasmhéadú<br>• Athbhreithniú ar an gcóras um Aistriú na Teicneolaíochta<br>• Forbairt na nIonad Inniúlachta agus iad a chur chun úsáide de réir a chéile<br>• Príomhthosaíochtaí Buiséid<br>• Roghanna mar a d'fhéadfaí ról an tionscail a mhéadú i dtaobh spriocanna ionaid thaighde a shainiú.<br><br>Rinneadh dul chun cinn maith i gcaitheamh na bliana leis, ar an athbhreithniú ar thacaíochtaí atá ar fáil chun saothrú Maoine Intleachtúla a thagann as taighde státmhaoinithe a spreagadh a thabhairt chun críche. Ba í an Roinn Fostaíochta, Trádála agus Nuálaíochta agus Forfás a choimisiúnaigh an t-athbheithniú seo mar fhreagra d'imní a cuireadh in iúl maidir le socruithe i dtaobh Maoine Intleachtúla atá i bhfeidhm faoi láthair a bheith oiriúnach agus éifeachtach. Foilsíodh an t-athbhreithniú i mí na Bealtaine 2010 agus bhog an Roinn ar aghaidh chun na moltaí a chur i ngníomh a bheidh ag nascadh ag an am céanna le cur i ngníomh na moltaí maidir le Maoin Intleachtúil a rinneadh i dtuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta in 2010. |
| 2. | Sármhaitheas i dtaighde in Éirinn a chothú agus Éire a chur chun cinn agus a chothú mar ionad a roghnaíonn taighdeoirí agus gnóthais a bhfuil ar intinn acu tabhairt | **Fondúireacht Eolaíochta Éireann**<br>Lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann uirthi in 2009 ag díriú ar chaipiteal daonna den scoth a chothú i dtaighde eolaíochta agus innealtóireachta. I gceangal le hobair gníomhaireachtaí stáit eile, go háirithe ÚFT Éireann, Fiontar Éireann, Forfás, an tÚdarás Ardoideachais agus an Bord um Thaighde Sláinte |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | faoi thaighde eolaíochta den scoth a dhéanamh. | beidh an caipiteal daonna seo mar fhoinse nua ag an tionscal chun buntáiste iomaíoch tionscal a bhaint amach. Leis seo déanfar deimhin de go ndéanfar ionad iomaíoch d'Éirinn d'fhiontar eolas-bhunaithe d'fhonn cumas iomaíochta a bhuanú sa bhfadtréimhse.<br><br>Le linn 2009 d'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann go gcuirfí seacht mBraisle Taighde Straitéisigh nua ar bun a ndéanfaidh sí maoiniú orthu, mar aon le hIonad nua Eolaíochta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta. Beidh an taighde a dhéanfar sna braislí/san ionad nua seo ag díriú ar réimsí straitéiseacha ar nós Bitheolaíocht Chórais, Teileachumarsáid, Teiripic Mhoilíneach i gcoinne na hAilse, agus Matamaitic Airgeadais.<br><br>De bharr na n-infheistíochtaí nua seo tá 29 n-ionad taighde againn faoin am seo atá á maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (10 nIonad Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta agus 19 mBraisle Taighde Straitéisigh). Tá comhpháirtíochtaí foirmiúla ag 179 gcuideachta idir chuideachtaí ilnáisiúnta agus cuideachtaí dúchasacha leo.<br><br>In 2009 bhí taighdeoirí atá á maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann i mbun 601 chomhoibrithe leis an tionscal. Is méadú 50% é seo i gcomparáid le líon na gcomhoibrithe i 2008. Is ábhar misnigh é gur le Corparáidí Ilnáisiúnta agus le Fiontair Bheaga agus Meánmhéide a bhí na taighdeoirí ag obair.<br><br>In 2009 chuir taighdeoirí atá á maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann 4,057 bhfoilseachán eolaíochta amach. Is méadú 26% é seo ar an líon foilseachán a chuir taighdeoirí Fondúireacht Eolaíochta Éireann amach i 2008. Mar thoradh ar an obair seo tá Éire den chéad uair ar an 20 náisiún is fearr a tháirgeann ábhar eolaíochta. Tá tionchar na hÉireann i réimsí áirithe ar chéim níos airde fós, rud a thaispeánann go bhfuil infheistíocht níos láidre déanta i ndisciplíní áirithe. Tá Éire sa 3ú háit go domhanda i dtaighde imdhíoneolaíochta agus san 8ú háit go domhanda in Eolaíocht na nÁbhar.<br><br>Tá ról ríthábhachtach ag grúpaí taighde de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le taighdeoirí ardoilte a sholáthar don bhfiontar. In 2009 bhí 846 thaighdeoir iardhochtúireachta ar fhoirne a bhí ag fáil tacaíochta ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (688 in 2008) chomh maith le 1,344 mhac léinn PhD (1,156 in 2008).<br><br>In 2009 thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann go díreach |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | le 3,225 phost san earnáil ardoideachais a raibh baint acu le taighde. Is méadú 15% é seo ar an líon ar tacaíodh leo in 2008.<br><br>De bhreis air seo d'éirigh le taighdeoirí a raibh dámhachtainí ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann acu maoiniú a ghiaráil ó fhoinsí eile chun tacú le 3,225 thaighdeoir breise san earnáil, rud a fhágann go raibh 6,450 ball foirne san iomlán i mbun taighde ghníomhaigh. Is bonneagar é seo a thugann cumas don bhfiontar in Éirinn.<br><br>**Soghluaiseacht Taighdeoirí**<br>Bhí an scéim um "Chomhaontú Óstála" ar mhaithe le Soghluaiseacht Taighdeoirí á hoibriú i gcónaí in 2009 agus bhí ag éirí thar cinn léi. Eisíodh 364 chomhaontú óstála do thaighdeoirí sa bhliain, rud a fhágann go bhfuil 810 gcomhaontú eisithe san iomlán faoin am seo. Tá ionadaíocht ar 60 náisiúntacht sa líon taighdeoirí seo. Tá creidiúnú tugtha do 19 n-institiúid tríú leibhéil agus do 4 eagraíocht fiontair phríobháidigh san iomlán faoin scéim anuas go deireadh na bliana 2009. De bhreis air seo bhíodh úsáideoirí ó phríomhranna ábhartha ag féachaint go rialta ar Bhunachar sonraí agus ar Eislíon an Chomhaontú Óstála ina gcoinnítear na sonraí is déanaí faoi thaighdeoirí Tríú Tíortha agus a gcleithiúnaithe. I measc na n-úsáideoirí seo tá daoine ó údaráis inimirce, ambasáidí agus consalachtaí, rud atá ag brostú nósanna imeachta inimirce do thaighdeoirí Tríú Tíortha. |
| 3. | Oibriú trí Fhiontar Éireann chun acmhainn an fhiontair dhúchasaigh a mhéadú d'fhonn a chur ar a chumas táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt ar mhaithe le buntáiste iomaíoch. É seo a dhéanamh trí acmhainn Taighde agus Forbartha a chothú i gcuideachtaí, trí naisc le taighde tríú leibhéil agus trí thacú le tráchtálú. | In 2009 bhí Fiontar Éireann ag díriú ar tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht Taighde agus Forbartha ghearrthréimhseach i gcuideachtaí agus ar thráchtálú taighde tríú leibhéil d'fhonn teicneolaíochtaí, táirgí agus próisis nuálacha a sheachadadh.<br><br>**Taighde agus Forbairt a chur chun cinn i gcuideachtaí**<br>Cheadaigh Fiontar Éireann maoiniú dar luach €45 milliún nach mór i 2009 chun tacú le tograí Taighde agus Forbartha. Dá thoradh sin bhí ar chumas 52 chuideachta breis is €2 milliún in aghaidh na bliana a infheistiú i dtograí Taighde agus Forbartha agus bhí ar chumas 704 chuideachta breis is €100,000 in aghaidh na bliana a infheistiú.<br><br>De bhreis air seo chabhraigh scéim na nDearbhán Nuálaíochta le cuideachtaí beaga réitigh Taighde agus Forbartha atá éifeachtach ó thaobh costais de a fháil ó institiúidí tríú leibhéil. Fuasclaíodh 492 dhearbhán nuálaíochta in 2009 arbh é a luach iomlán €2.4 milliún.<br><br>Bhí tríocha cuideachta rannpháirteach i gClár na |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | gComhpháirtíochtaí Nuálaíochta a chuireann tacaíocht airgeadais ar fáil do chuideachta agus d'institiúid tríú leibhéil chun obair i gcomhar a chéile ar thogra taighde.<br><br>**Cuideachtaí nua-thionscanta a chur chun cinn**<br>D'fhonn poist a chruthú agus forás atá bunaithe ar onnmhairiú agus athbheochan na heacnamaíochta a chur chun cinn tugtar tacaíocht d'fhiontraithe chun a chinntiú go ndéanfar tráchtálú ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar smaointe gnó nuálacha. In 2009, cheadaigh Fiontar Éireann maoinú a chuir tús le 73 chuideachta nua-thionscanta ardacmhainne. De bhreis air sin bunaíodh 13 chuideachta nua-thioscanta ardacmhainne ionchasacha in earnáil an TFC agus in earnáil na n-eolaíochtaí beatha mar thoradh ar thaighde tríú leibhéil Státmhaoinithe. Meastar go gcruthóidh na cuideachtaí seo níos mó ná 900 post nua agus go mbainfidh siad díolachán dar luach breis is €600 milliún amach thar na trí bliana amach romhainn.<br><br>**Taighde agus Forbairt atá bunaithe ar thionscal a chur chun cinn**<br>Is é atá in Ionaid Inniúlachta ná aonaid ina n-oibríonn fiontair bheaga agus meánmhéide Éireannacha, cuideachtaí ilnáisiúnta agus institiúidí taighde i gcomhar a chéile chun aghaidh a thabhairt ar ghnáthfhadhbanna taighde. Faoi dheireadh 2009 bhí cúig Ionad Inniúlachta curtha ar bun ag Fiontar Éireann agus bhíothas i mbun taighde tosaigh a dhéanamh ar dhá cheann eile faoin am sin.<br><br>Le linn 2009, bhí baint ag 127 gcuideachta i seacht gcinn de chláir thaighde faoi stiúir tionscail in earnálacha éagsúla. Tacaíonn na cláir chomhoibritheacha seo le gníomhaíochtaí taighde meántréimhseacha ag a bhfuil 'clár oibre comhroinnte' idir cuideachtaí nach bhféadfadh tabhairt faoi thaighde dá leithéid ar a gconlán féin.<br><br>**Ag tacú le líonraí gnó chun Taighde agus Forbairt a chur chun cinn**<br>D'fhonn comhar maidir le nuálaíocht idir an tionscal agus grúpaí earnála a spreagadh bunaíodh trí cinn de Líonraí chun cleachtais ghnó nuálacha a chur chun cinn i gcuideachtaí comhpháirtíochta agus chun naisc chomhoibritheacha a chruthú le lucht taighde: an Líonra um Nuálaíocht Bogearraí in Éirinn, an Comhaontas um TF Foirgníochta agus an Grúpa um Thaighde agus Forbairt sa Tionscal.<br><br>**Táirgí agus seirbhísí tráchtála a dhéanamh den taighde**<br>Cuireadh oifigí um aistriú teicneolaíochta ar bun in institiúidí |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | ardoideachais in Éirinn mar chabhair chun taighde a thráchtálú. Le linn 2009 bunaíodh 35 seachchuideachta dá bharr agus rinneadh 95 theicneolaíocht a bhfuil tábhacht thráchtála leo a cheadúnú do chuideachtaí.<br><br>De bhreis air seo cheadaigh Fiontar Éireann tacaíocht do 81 thogra taighde atá dírithe ar thráchtáil tríd an gCiste Tráchtálaithe. €12.5 milliún is ea an ceangaltas cistíochta san iomlán.<br><br>Is é is cuspóir don gclár um Chur Chun Cinn Taighde Fheidhmigh ná tacú le hionaid do thaighde feidhmeach a bhunú in Institiúidí Teicneolaíochta. Faoi dheireadh 2009 bhí 17 n-ionad taighde bunaithe in 11 cheann d'Institiúidí Teicneolaíochta. Tá 172 chomhthogra taighde tionsclaíocha curtha i gcrích, é sin, nó tá siad faoi shiúl, ó 2008 sna hionaid seo trí chéile.<br><br>Cuireadh an clár nua um Chomhpháirtithe Gnó ar siúl in 2009 chun lucht gnó a bhfuil na scileanna cearta acu chun cuideachtaí nua a chruthú ar an taobh amháin agus foirne taighde a bhfuil teicneolaíochtaí nua atá inmharthana ó thaobh tráchtála de ar an taobh eile, a thabhairt le chéile. Tar éis bliana amháin is cosúil go bhféadfadh cuideachtaí nua teacht chun cinn as 11 thogra.<br><br>Tá 21 ghorlann ghnó campais atá á dtacú ag Fiontar Éireann chomh maith le sé cinn de shaináiseanna bhith-ghoir á n-oibriú in Éirinn faoi láthair. Faoi dheireadh 2009 bhí 264 chuideachta bunaithe sna hionaid seo agus bhí 1,014 duine fostaithe iontu. Bhain siad leis na hearnálacha seo a leanas: bogearraí, gairis leighis agus meáin dhigiteacha. |
| 4. | Barrfheabhsú a dhéanamh ar rannpháirtiú na hÉireann i gcláir thaighde de chuid an AE agus i gcláir thaighde idirnáisiúnta. | **Gníomhaireacht Spáis na hEorpa**<br>Ba é €9 milliún luach iomlán na gconarthaí a shocraigh Gníomhaireacht Spáis na hEorpa in Éirinn in 2009. Fuair tionscal Éireannach 80% den bhfáltas seo. Tacaíonn na conarthaí tionscail go mór mór le nuálaíocht teicneolaíochta, le forbairt táirgí agus lena gcáiliú don mhargadh spáis tráchtála agus bíonn seachthograí i margaí eile seachas an margadh spáis mar thoradh orthu. Bhí dhá chuideachta as an 18 gcuideachta Éireannach a fuair conradh ón nGníomhaireacht Spáis i 2009 rannpháirteach sa chlár spáis den chéad uair. De bhreis air sin fuair 10 bhfoireann taighde conarthaí ón nGníomhaireacht Spáis i 2009. Is é €1.4 milliún luach measta na gconarthaí sin.<br><br>Bíonn cuideachtaí Éireannacha ag baint úsáide i gcónaí sa margadh domhanda as teicneolaíochtaí agus as táirgí a |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | forbraíodh le tacaíocht ón nGníomhaireacht Spáis. Meastar gurb é an fáltas iomlán do thionscal na hÉireann ná breis is €20 milliún in aghaidh na bliana. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an ngiaráil thráchtála de réir mar a bhogann cuideachtaí ar aghaidh ón gcéim Taighde agus Forbartha ina bhfaigheann siad tacaíocht ón nGníomhaireacht Spáis chuig an gcéim ina mbaineann siad tairbhe thráchtála as torthaí a saothair.<br><br>Is gné thábhachtach de rannpháirtíocht tionscal na hÉireann í an líon méadaitheach cuideachtaí Éireannacha a bhfuil baint acu le taighde ollscoile in Éirinn, taighde atá á mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Fiontar Éireann san áireamh. De réir moltaí na Tuarascála Genesis tá tús curtha le comhar foirmiúil le Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun plean taighde spáis straitéiseach a chur ar aghaidh ina gcuirtear níos mó béim ar chomhar idir an tionscal agus ollscoileanna.<br><br>**Creatchlár 7**<br>Lean Oifig Tacaíochta Náisiúnta an Chreatchláir 7 atá bunaithe i bhFiontar Éireann uirthi ag tabhairt cabhrach do lucht taighde poiblí agus príobháideach agus d'fhoirne taighde a rannpháirtíocht sa Chreatchlár 7 a bharrfheabhsú.<br><br>Sa tréimhse ó thosach an Chreatchláir 7 i mí na Nollag 2006 go mí Dheireadh Fómhair 2009 ba é 23.51% an ráta maidir le líon na n-iarratas Éireannach ar éirigh leo. Tá an ráta seo chun tosaigh ar mheánráta na mballstát Eorpach arbh é 21.68% é. Mar chion den mhaoiniú a ndearnathas iarratas air bhí an maoiniú a tugadh d'iarrthóirí as Éirinn ar aon dul leis an meánráta san AE arbh é 20.52% é.<br><br>San iomlán tharraing Éire €156 milliún anuas ó Chreatchlár an Aontais Eorpaigh um Thaighde, Forbairt Theicneolaíoch agus Gníomhaíochtaí Taispeántais sa tréimhse 2007-2009. Ba é an maoiniú iomlán a ceadaíodh i ngairmeacha ar thograí le linn na tréimhse céanna ná 1.24%. Bhí an méid seo ar aon dul leis an sprioc foriomlán a bhí curtha d'Éirinn don tréimhse 2007-2013 (is é sin, €600 milliún agus 1.25%).<br><br>**Taighde & Forbairt san AE agus go hIdirnáisiúnta**<br>Bhí an Roinn, i gcomhar le Forfás agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha, ag obair as láimh a chéile lenár gcomhpháirtithe san AE ar an Limistéar Taighde Eorpach a fhorbairt. Áirítear air seo tionscnaimh a chur ar aghaidh maidir le comhchlárú ar chláir thaighde náisiúnta chun tabhairt faoi mhórdhúshláin, gairmréimeanna taighdeoirí agus soghluaiseacht taighdeoirí, bonneagair thaighde a bhfuil |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | tábhacht straitéiseach leo don Eoraip, comhordú níos fearr ar chomhar le tríú tíortha agus tionscnaimh chun feabhas a chur ar aistriú eolais. Lean an Roinn uirthi leis, ag cothú teagmhálacha le tíortha eile lena n-áirítear an India agus an tSín, chun comhar déthaobhach i dTaighde & Forbairt a chur chun cinn tuilleadh. |
| 5. | Beartas agus reachtaíocht maidir le maoin intleachtúil a fhorbairt atá ag teacht lenár riachtanais náisiúnta agus lenár ndualgais idirnáisiúnta. A chinntiú go mbíonn ár gcuid reachtaíochta cothrom le dáta i gcónaí i ndáil le haitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le creatlach nua-aimseartha maidir le maoin intleachtúil a chothabháil mar fhoinse as a dtagann buntáise iomaíoch chugainn.<br><br>Córas éifeachtach éifeachtúil a chur ar fáil chun maoin intleachtúil a chosaint, córas a spreagann forbairt | **Trádmharcanna**<br>Ullmhaíodh roinnt páipéir chomhairliúcháin in 2009 agus eisíodh iad. Bhíothas ag lorg tuairimí ar roinnt gnóthaí, iad seo a leanas san áireamh:<br><br>• Ar chóir d'Éirinn Conradh Singeapór a dhaingniú ,<br>• Ar chóir go ndéanfaí leasú ar fhorálacha dlí intíre maidir le forais choibhneasta i scrúduithe ar iarratais ar thrádmharcanna.<br><br>Bhí an Roinn ag obair léi ar mholtaí chun na rialacha a ghabhann le trádmharcanna agus trád-dhearaí a chur in oiriúint do shaol na haimsire seo. Bhí Éire rannpháirteach go gníomhach leis, i bhforbairt tuairime an AE maidir le Comhaontú Trádála i gCoinne Góchumtha a chur le chéile, comhaontú a bhfuil idirbheartú idirnáisiúnta á dhéanamh air.<br><br>**Paitinní**<br>Foilsíodh na Rialacha Paitinne (Leasú) 2009 chun córas paitinne na hÉireann a thabhairt ar aon dul le caighdeáin idirnáisiúnta. Bhí páirt ghníomhach ag Éirinn in idirbheartuithe leanúnacha an Aontais Eorpaigh maidir le Paitinn amháin don AE ar fad a fhorbairt agus maidir le córas dlínse paitinne molta, aighneacht do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh san áireamh.<br><br>**Cóipcheart**<br>Rinneadh roinnt Ionstraimí Reachtúla a bhainean le gnóthaí cóipchirte. Baineann siad le fógra urghabhála a thugtar maidir le hurghabháil cóipeanna a sháraíonn cóipcheart, taifeadtaí neamhcheadaithe agus gairis nó earraí a bhriseann cosaint. Ina theannta sin tugadh rialacha chun críche a dhéanann cur-síos ar na nósanna imeachta atá le comhlíonadh agus ar na táillí atá iníoctha maidir le himeachtaí a chuirtear os comhair an Rialtóra.<br><br>Bhí líon na n-iarratas ar Chosaint Maoine Intleachtúla in Oifig na bPaitinní ag titim i gcónaí in 2009, 4.5% níos lú go 961 iarratas. Tháinig laghdú 13.3% ar thrádmharcanna náisiúnta go 2,339 n-iarratas agus ba é 26.5% an laghdú ar líon na n-iarratas ar thrádmharcanna idirnáisiúnta, síos go 1,871 iarratas. Tháinig |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | theicneolaíochta agus a chuireann fiontar chun cinn. | laghdú 36% ar líon na n-iarratas ar Dhearadh Tionsclaíoch, síos go 44 iarratas.<br>Tá na treochtaí síos seo mar an gcéanna ar fud na hEorpa agus léiríonn siad na deacrachtaí geilleagracha a bhí againn in 2009. Lean an Oifig uirthi ag obair go crua chun tuilleadh éifeachtúlachta a bhaint amach agus chuir sí tús le togra chun r-phost a thabhairt isteach le haghaidh mórchuid dá comhfhreagrais le custaiméirí. |
| 6. | Comhoibriú i dtaighde a chur chun cinn agus tacú leo ar mhaithe le buntáiste iomaíoch Oileán na hÉireann tríd an córas taighde a nascadh le hionaid sármhaitheasa agus comhpháirtíochtaí a chothú trí rannpháirtíocht i gcláir thaighde chomhoibríocha de chuid an AE. | Leanadh de chomhoibriú taighde ar mhaithe le buntáiste iomaíoch d'Oileán na hÉireann a chur chun cinn agus de bheith ag tacú leis ar feadh 2009 ar fad. Tá rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá, rialtas na hÉireann agus rialtas Thuaisceart Éireann rannpháirteach i gComhpháirtíocht Taighde agus Forbartha na SA-na hÉireann. Tá siad ag obair i gcomhar a chéile chun dul chun cinn san eolaíocht a chur ar aghaidh trí deontais taighde a bhronnadh le haghaidh eolaíochta. Bronntar na deontais ar bhonn iomaíoch i réimsí téamacha an Diaibéitis, na Fíobróise Cistí, na Nanaiteicneolaíochta agus Braiteoirí. Cabhraíonn an chomhpháirtíocht seo le taighdeoirí agus le hinnealtóirí naisc a bhunú eatarthu i gcomhpháirtíochtaí ar fud an tsaoil acadúil agus an saol an tionscail chun tabhairt faoi cheisteanna taighde fíorthábhachtacha sna réimsí seo, chun acmhainneacht do chuideachtaí teicneolaíochta nua agus dóibh siúd atá ann cheana féin a chothú, chun tionscal a mhealladh a d'fhéadfadh dul chun tairbhe don trí gheilleagar seo agus chun deiseanna oideachais agus gairmréime san eolaíocht agus san innealtóireacht a mhéadú.<br><br>I mí Dheireadh Fómhair 2009 chuir Ambasadóir na Stát Aontaithe in Éirinn, an tUas. Dan Rooney fáiltiú ar siúl chun na ceithre togra tosaigh ar éirigh leo maoiniú a fháil faoin gcomhpháirtíocht a shonrú. Bronnadh deontas €7 milliún ar na tograí seo trí chéile. Ba iad an tAire Gnóthaí Saothair, an tUas. Dara Calleary T.D. agus an tAire Fostaíochta agus Foghlama i dTuaisceart Éireann, Sir Reg Empey, MLA, a bhí i láthair ag an bhfáiltiú. Is é is cuspóir do cheann amháin de na tograí tríthaobhacha ná cabhrú le lucht déanta beartais an tionchar a réamh-mheas a imreoidh athrú aeráide amach anseo agus díreoidh ceann eile ar an tsláinte phoiblí a chosaint trí cabhrú leis na húdaráis rabhadh luath a thabhairt maidir le héilliúchán agus a chur ar a gcumas bearta coischeacha a chur i ngníomh. Díreoidh an tríú ceann ar dheiseanna forbartha eacnamaí do na hearnálacha teileachumarsáide, uathghluaisneach, leighis agus don earnáil slándála trí iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt trasraitheoirí atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de.<br>Tá an cheathrú comhpháirtíocht gafa le mórthaighde géiniteach ar na haimhréidheanna a ghabhann le diaibéiteas. |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | D'fhéadfadh go dtiocfaidh spriocanna le haghaidh cóireálacha nua as an taighde seo.<br><br>**Dámhachtainí Charles Parsons**<br>Le linn 2009 ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann freagracht airgeadais agus riaracháin as dámhachtainí Charles Parson um Thaighde Fuinnimh de réir a sainchúraim nua a áiríonn Fuinneamh Inmharthana/Teicneolaíochtaí Fuinnimh Éifeachtúil. Aistríodh na 7 ndámhachtain seo go déanach i 2009 ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chuici. Tá beirt fhaighteoirí dámhachtana Charles Parson lonnaithe i dTuaisceart Éireann, in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus in Ollscoil Uladh faoi seach. |

## CRANN TACA 2: Beartais chun Fiontair a chur chun cinn i nGeilleagar Iomaíoch Ard-luacha

### Sprioc Ardleibhéil

Cumas iomaíochta, nuálaíochta agus fiontair an náisiúin a chur ar aghaidh ar fud an gheilleagair chun tacú lena fhorás cothrom inmharthana, le deiseanna nua fostaíochta agus le gníomhaíocht láidir onnmhairíochta maidir le táirgí agus seirbhísí araon agus chun tionscnaimh a chur ar aghaidh i ndáil le geilleagar uile-oileáin.

**Achoimre**

Is é an dúshlán a chuireann geilleagar domhanda na 21ú haoise roimh gheilleagar beag oscailte cosúil lenár ngeilleagar féin anseo in Éirinn ná go gcaithfimid forbairt leanúnach a dhéanamh ar thimpeallacht ghnó na hÉireann chun a chinntiú gur féidir le gnóthais idirnáisiúnta agus le gnóthais dhúchasacha araon a bheith faoi bhláth. Ní mór do chuideachtaí a dhéanann Infheistiú Dhíreach Choigríche a gcuid oibríochtaí in Éirinn a athrú agus a fheabhsú chun gníomhaíochtaí ardluacha a dhéanamh díobh agus chun a dtábhacht straitéiseach laistigh dá máthairchuideachta a chur chun cinn. Cuireann cuideachtaí Infheistíochta Dírí Coigríche go mór le geilleagar na hÉireann agus is mór an chabhair atá tugtha acu d'Éirinn chun comhardú fabhrach trádála a choinneáil di, rud atá thar a bheith tábhachtach d'fhorás eacnamaíoch.

Tá geilleagar rathúil ag brath ar leibhéal an chumas iomaíochta atá aige. Le blianta beaga anuas tá an buntáiste iomaíoch a bhíodh ag Éirinn thar a príomhiomaitheoirí trádála dulta ar gcúl beagáinín i margaí tábhachtacha. Ba é an dúshlán a bhí romhainn le linn 2009 ná céimeanna cuí a ghlacadh chun costais ionchuir atá ag an earnáil ghnó a laghdú. Mar an gcéanna bhí gá le céimeanna a ghlacadh chun na sriantachtaí acmhainneachta sa ngeilleagar a laghdú a bhí ag cur srian ar an airgeadú a bhí ar fáil chun gnó a spreagadh.

Tá obair chrua déanta againn le linn 2009 faoi chúinsí achrannacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo go léir trí úsáid a bhaint as na láidreachtaí atá ag ár ngeilleagar. Tá dea-cháil orainn atá tuillte go maith againn as lucht saothair láidir ilchumasach a bheith againn. Mar thoradh ar infheistíocht a bheith déanta i mbonneagar tá feabhas nach beag tagtha ar ár gcumas táirgeachta. Tacaíonn ár dtimpeallacht rialála le fiontar. Tá bunús maith tionscail againn i bpríomhthionscail, go háirithe in earnáil na cógaisíochta, na TFC agus na n-eolaíochtaí beatha. Tá deiseanna nua ag teacht chun cinn de bharr teicneolaíochtaí nua. Caithfimid leas a bhaint astu seo agus beimid ag féachaint le seasamh maith a bhaint amach i réimsí ar nós "an gheilleagair ghlais" agus beimid ag tógáil ar a bhfuil bainte amach againn roimhe seo ó thaobh taighde agus forbartha de. Mar an gcéanna, tá roinnt margaí againn cheana féin a thabharfaidh deiseanna d'fhiontraithe bunaithe agus d'fhiontraithe nua araon margaíocht a dhéanamh ar a gcuid táirgí.

Leanfaimid orainn ag glacadh na gcéimeanna atá riachtanach chun cabhrú le cuideachtaí Éireannacha greim láidir a fháil ar margaí nua agus na táirgí ardcháilíochta a dhéanaimid anseo a chur ar taispeáint. Is mar thoradh ar na hiarrachtaí seo a bheith faoi rath a éireoidh linn deiseanna fostaíochta inmharthana a chruthú.

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 1. | Feabhsuithe ar chumas iomaíochta agus ar tháirgeacht náisiúnta a luasghéarú i dtreo go leanfaidh ár ngeilleagar de bheith ar na geilleagair is mó san Eoraip a mheallann gnó. É seo a dhéanamh trí beartas a chumadh agus a chur chun cinn thar na réimsí ar fad atá faoi thionchar an Rialtais, a chuireann nuálaíocht agus táirgeacht chun cinn ag an leibhéal náisiúnta, earnála agus i ngnóthais chun go sroichfidh tagarmharcanna iomaíochta caighdeáin na ngeilleagar is láidre a bhfuilimid in iomaíocht leo, é sin, nó go sáróimid iad sin fiú amháin. | Tá athbhunú an iomaíochais ar cheann de thrí phríomhchrann taca an bhirt a dhéanfaidh an Rialtas ar mhaithe le téarnamh geilleagair na tíre sa meántéarma. Thar 2009 bhí na costais ionchuir a bhí ag gnóthais in Éirinn ag titim go géar agus go leanúnach. Is é laghdú ar chostais tuarastail agus ar chostais fuinnimh is cúis leis sin go páirteach.<br><br>Is í Éire an tír ba mhó inar thit an costas aonad saothair i limistéar an euro. De réir meastachán an Choimisiúin Eorpaigh tá feabhsú 5 faoin gcéad tagtha air in 2009 i gcomparáid leis an gcuid eile de limistéar an euro agus táthar ag súil le méadú suntasach in 2010 chomh maith, rud a chabhróidh linn ár n-iomaíochais idirnáisiúnta a athbhunú.<br><br>Ar an iomlán chuaigh na laghduithe suntasacha ar chostas fuinnimh, idir leictreachas agus gás, chun sochar do gach catagóir ghnó in 2009. Is de thoradh ar laghduithe praghais rialáilte agus de thoradh ar íocaíochtaí toillte laghdaithe le gineadóirí chomh maith le bearta eile nach iad, a laghdaíodh na costais seo.<br><br>Tháinig laghdú 4.5% ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí in 2009. Bhí titim 1.7% in 2009 ar an Treoir-Uimhir Praghsanna Comhchuibhithe do Thomhaltóirí, is é sin, an tomhas comhchuibhithe Eorpach ar bhoilsciú. Ba é seo an titim ba mhó san AE. Tháinig méadú 1% ar an meánluach san AE sa tréimhse céanna. Tháinig titim chomh mór sin ar na praghsanna in Éirinn go bhfuil siad san tríú háit is ísle san AE faoin am seo agus tá siad faoi bhun meánluachanna an AE agus Limistéar an euro. Cabhróidh sin linn ár gcumas iomaíochta a athbhunú. Tá praghsanna in Éirinn níos ísle ná praghsanna i gcuid dár gcomhpháirtithe trádála tábhachtacha cosúil leis an RA agus SAM. |
| 2. | A chinntiú go mbeidh an beartas fiontair ag freagairt i gcónaí don timpeallacht gheilleagair a bhíonn ag síor-athrú. | **Beartas Fiontair**<br>Mar fhreagra don ngéarchéim eacnamaíochta dhomhanda rinne Fiontar Éireann mionchoigeartú ar a straitéis 2008-2010 agus dhírigh sé a chuid iarrachtaí ar chuideachtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo d'fhonn iad a neartú agus a chothú trí roinnt tionscnamh atá dírithe ar riachtanais a |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | gcliant: dhírigh siad ar shaincheisteanna a bhaineann leis an ngearrthréimhse agus leis an bhfadtréimhse. Bhí an plean don bhliain 2009, '*Irish Enterprise: Building for the Future'* ar siúl go comhuaineach leis an straitéis reatha atá á reachtáil ag Fiontar Éireann: *'Transforming Irish Industry 2008-2010'*.<br><br>Ba iad seo a leanas na tosaíochtaí ar díríodh orthu faoin straitéis athbhreithnithe seo: rochtain ar airgeadas; díolacháin nua a ghnóthú; cumas iomaíochta a spreagadh; nuálú agus Taighde & Forbairt leanúnach; agus forbairt fiontraíochta. Áiríodh iad seo a leanas ar na tionscnaimh a chuir Fiontar Éireann ar siúl:<br><br>• Próisis inmheánacha a bhrostú chun a chinntiú go mbeidh teacht níos tapúla ar mhaoiniú ceadaithe,<br>• Sainaonad a chur ar bun chun tacú le cuideachtaí cliaint a bhíonn ag déileáil le hathstruchtúrú airgeadais,<br>• Sainaonad a chur ar bun chun cabhrú le cuideachtaí a gcuid costas a ísliú agus díriú ar phróisis bharainneacha agus<br>• Athúsáid a bhaint as acmhainní d'fhonn dianobair a dhéanamh le cuideachtaí chun cabhrú leo a gcuid custaiméirí a choinneáil agus chun margaí nua a aimsiú, go háirithe i limistéar an euro.<br><br>**Ciste Cabhsúcháin d'Fhiontair**<br>Seoladh an Ciste Cabhsúcháin d'Fhiontair in 2009 mar scéim 2-bhliana chun tacú le cuideachtaí leochaileacha atá inmharthana mar sin féin agus a raibh deacrachtaí acu mar thoradh ar an lagtrá eacnamaíochta. Tá an scéim á hoibriú mar chuid den scéim chúnamh stáit na hÉireann atá faofa faoin Chreat Sealadach um Chúnamh Stáit de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Tugadh isteach í i mí na Nollag 2008 agus tá sí faoi riarachán Fiontar Éireann. Tugadh tacaíocht as an gCiste do 180 togra in 2009. Ceadaíodh €68 milliún san iomlán do na cuideachtaí agus bhí €58 milliún den méid seo íoctha amach faoi dheireadh na bliana. Bhí an ciste ar fáil i gcónaí in 2010.<br><br>**Scéim Fóirdheontas Fostaíochta**<br>Tugadh an Scéim Fóirdheontas Fostaíochta (Sealadach) isteach chun cabhrú le fostaithe a gcuid post a choinneáil agus tugadh cúnamh ag an am céanna d'fhostóirí a gcumas táirgíochta a choinneáil. Oibríonn Fiontar Éireann an scéim leis, mar chuid den scéim Éireannach atá faofa faoin Chreat Sealadach um Chúnamh Stáit de chuid an Choimisiúin |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Eorpaigh. Faoin scéim seo atá á bainistiú ag Fiontar Éireann, íoctar fóirdheontas le gnóthais ar choinníoll go gcoinneoidh siad líon post comhaontaithe. Chun cáiliú le haghaidh tacaíochta ní mór d'fhiontair gabháil orthu féin iolrú ar líon na bpost a bhfuil fóirdheontas á fháil acu ina leith a choinneáil go deireadh mhí na Samhna 2010.<br><br>Cuireadh amach 2 ghairm faoin Scéim agus ceadaíodh tacaíocht do 1,700 cuideachta, nach mór, dá thoradh. Ghabh na cuideachtaí orthu breis is 100,000 post a choinneáil go deireadh mí na Samhna 2010.<br><br>Is í an fheidhm atá ag Boird Fiontair Chontae agus Chathrach ná tacaíocht a chur ar fáil don earnáil mhicrifhiontar le linn do ghnóthais a bheith ag tosú agus ag fás, acmhainneacht micrifhiontair dhúchasaigh a chur chun cinn agus a fhorbairt agus gníomhaíocht eacnamaíoch agus fiontraíocht a spreagadh ag an leibhéal áitiúil. Críochnaíodh athbhreithniú mionsonraithe ar na tacaíochtaí airgeadais éagsúla atá ar fáil ó na Boird Fiontair Chontae agus Chathrach don earnáil seo in 2009 i gcomhar leis na Boird Fiontair agus le Láraonad Comhordúcháin na mBord Fiontair laistigh d'Fhiontar Éireann. Ba é cuspóir don athbhreithniú seo ná a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí atá ar fáil ag teacht le riachtanais agus le héilimh an earnáil mhicrifhiontair. Cuireadh réimse nua tacaíochtaí airgeadais do mhicrifhiontair i bhfeidhm in 2010. (Cuirtear na tacaíochtaí seo ar fáil le haghaidh réimse níos fairsinge costas a bhaineann le gnó). |
| 3. | Ag obair as láimh a chéile le Ranna eile agus le luchtannnna leasa eile chun a chinntiú go gcoinníonn Éire beartais fhioscacha láidre agus beartais a thacaíonn le cáin íseal chorparáide agus pearsanta chun dreasachtaí a thabhairt d'fhiontar agus d'fhonn fostaíocht a chur chun cinn. | Lean an Roinn uirthi ag obair as láimh a chéile leis an Roinn Airgeadais agus le luchtanna leasa eile d'fhonn a chinntiú go mbeidh Éire ina háit tharraingteach ina bhfuil sé éasca Fiontair dhúchasacha Éireannacha a fhorbairt agus a mheallann Infheistiú isteach chuige, a choinníonn é agus a fhorbraíonn é.<br><br>I mBuiséad na Nollag 2009 dhearbhaigh an tAire Airgeadais go bhfuil sé i gceist ag Éirinn an ráta cánach coparáide 12.5% a choinneáil sa bhfadtréimhse.<br><br>Tugadh isteach asbhaint cánach i leith Sócmhainní Doláimhsithe sa Bhuiseád forlíontach i mí Aibreáin 2009. Ba fheabhsú nár bheag é seo ar thairiscint cánach na hÉireann agus ba spreagadh do Gheilleagar Cliste na hÉireann é.<br><br>Bhí an Díolúine do Chuideachtaí Nua-thionscanta a tugadh isteach ar dtús maidir le gnólachtaí úrnua a bunaíodh in |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | 2009 (trí chuideachta) i bhfeidhm i gcónaí in 2010. Spreag sé seo fiontraíocht agus gníomhaíocht eacnamaíoch araon.<br><br>Bhí an Tobhach Ioncaim a tugadh isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2009 agus a méadaíodh ina dhiaidh sin le héifeacht ón 1 Bealtaine 2009 ina bheart chun ioncam a bhailiú ar bhonn an-leathan. |
| 4. | A chinntiú go gcuirfidh beartas comhshaoil dúshláin maidir le hiomaíochas san áireamh agus go gcuirfidh beartas fiontair níos mó béim ar “eicea-nuálaíocht” agus go gcabhróidh sé le gnothais Éireannacha leas a bhaint as an líon méadaitheach deiseanna atá ag teacht as earnáil idirnáisiúnta na dtáirgí agus seirbhísí comhshaoil atá ag leathnú go tapa. | Chuir an Roinn le forbairt beartas náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta um athrú aeráide agus á chinntiú aici go ndéanfaí plé cuí ar cheisteanna iomaíochais. Ba í ár Roinn-ne an Roinn ceannais maidir le socrú na rialacha um sceitheadh carbóin faoin Scéim Trádála Astaíochtaí.<br><br>De bhreis air seo bhí an Roinn freagrach as a chinntiú gur léiríodh ceisteanna tionscal na hÉireann i ndreacht-bhearta um chur i ngníomh a tháinig as an gCreat-Treoir um éicidhearadh táirgí a ídíonn fuinneamh.<br><br>I dtuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil um Fhiontar Glas “*Developing the Green Economy in Ireland*”, a seoladh i mí na Nollag 2009 míníodh an acmhainneacht atá ag earnáil na dtáirigí agus seirbhísí comhshaoil i ndáil le hinfheistíocht agus chun poist a chruthú. Aithníodh roinnt réimsí soiléire ina bhféadfar dul i mbun gnímh agus ina bhfuil deiseanna ar fáil: Soláthar glas; Fuinneamh inathnuaite agus éifeachtacht ó thaobh fuinnimh de a sholáthar; saincheantair le haghaidh Fiontair Ghlais; Taighde & Forbairt Ghlas den scoth; Bainistiú dramhaíola; agus Uisce agus cóireáil uisce dramhaíola.<br><br>Ina theannta sin rinne an Roinn éascaíocht don seisiún Éire an tOileán Núalaíochta – Teicneolaíocht Ghlas ag Fóram Eacnamaíoch Domhanda na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2009. |
| 5. | Tacú le fiontair chun a n-acmhainneacht chun fáis a bhaint amach | **An Ciste chun Gnó Domhanda a bhaint amach**<br>Seoladh an Ciste chun Gnó Domhanada a bhaint amach de chuid Fiontar Éireann in 2009 d’fhonn cabhrú le gnóthais atá i mbun trádála áitiúla iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun a gcuid gnó a idirnáisiúnú. Tugann an ciste tosaíocht do gnó a dhéanann trádáil go hidirnáisiúnta agus tairgeann sé tacaíocht do ghnothais rathúla in Éirinn ar mian leo deiseanna a iniúchadh a gcuid táirgí a dhíol thar lear.<br><br>**An Ciste Fáis**<br>Mar aitheantas don tábhacht atá le cur chun cinn cumas iomaíochta i dtionscal na hÉireann bunaíodh ciste fáis €60 |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | milliún chun cabhrú le cliaint bheaga agus meánmhéide de chuid Fiontar Éireann níos mó cumas iomaíochta a bhaint amach trí feabhas a chur ar a n-acmhainneacht onnmhairithe. In 2009 cheadaigh Fiontar Éireann 64 thogra faoin gCiste Fáis do chuideachtaí cliaint dar luach breis is €13.6 milliún mar thacaíocht dhíreach.<br><br>**Caipiteal Síl agus Fiontair**<br>Bhí Fiontar Éireann ag díriú ar thionscal an Chaipiteal Fiontair i gcónaí in 2009. Ba é an méid iomlán a bhí ar fáil do chuideachtaí le haghaidh infheistíochta faoin gClár Caipiteal Síl agus Fiontair 2007-2012 de chuid Fiontar Éireann in 2009 ná oiread is €525 milliún. Tháinig ceathrú den méid sin, isteach is amach, as an Státchiste agus tháinig an t-iarmhéid ó institiúidí airgeadais náisiúnta agus idirnáisiúnta ar nós cistí pinsin. Bhí luach iomlán na gCistí Fiontair a infheistíodh in 2009 53% ní ba mhó ná mar a bhí sé in 2008 (€52 milliún i gcomparáid le €34 milliún in 2008) agus bhí méadú 47% ar líon na gcuideachtaí a ndearnadh infheistíocht iontu (25 i gcomparáid le 17 in 2008).<br><br>**An Clár ar mhaithe le Fás Ceannaireachta**<br>Tá an Clár ar mhaithe le Fás Ceannaireachta dírithe go sonrach ar POF cuideachtaí a bhfuil d'uaillmhian agus d'acmhainneacht acu dul chun cinn suntasach a dhéanamh sna margaí is rogha leo. Bhí 60 POF san iomlán rannpháirteach sa Chlár ar mhaithe le Fás Ceannaireachta d'Fhorbairt Bainistíochta in 2009. An an am céanna chuir 80 duine sinsearach i bpost díolacháin ó chuideachtaí cliaint tús leis an gClár Díolacháin Idirnáisiúnta a chabhraíonn le cuideachtaí onnmhairithe straitéiseacha meántréimhse nó fadtréimhse do dhíolacháin idirnáisiúnta a fhorbairt. Tá an clár seo ar siúl le ceithre bliana anuas agus leathnaíodh amach é chun cuideachtaí i réimse leathan earnálacha a chur san áireamh ina n-áirítear Seirbhísí Idirnáisiúnta, Bogearraí, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Leictreonaic Eolaíochtaí Beatha agus Bia ar an aimsir seo.<br><br>**Boird Fiontair Chontae agus Chathrach**<br>Is é ról na mBord Fiontair Chontae agus Chathrach ná tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí nuathiosnscanta san earnáil mhicrifhiontair agus dóibh siúd atá ag leathnú amach, d'fhonn acmhainneacht mhicrifhiontair dhúchasach a chur chun cinn agus a fhorbairt agus chun gníomhaíocht eacnamaíoch agus fiontraíocht a spreagadh ag an leibhéal áitiúil. Le linn 2009 thug an Roinn cabhair chun réimse tacaíochtaí a sholáthar don earnáil mhicrifhiontair trí breis |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | is €20 milliún a chur ar fáil do líonra na mBord Fiontair Chontae agus Chathrach le haghaidh forbairt micrifhiontair ar fud na tíre.<br>In 2009 thug na Boird Fiontair Chontae agus Chathrach cúnamh airgeadais díreach mar Dheontais Chaipitil, Deontais Fostaíochta agus Deontais Staidéar Féidearthachta chomh maith le cúnamh neamhairgeadais cosúil le comhairle ghnó, faisnéis ghnó agus oiliúint i gcumas bainistíochta agus cláir forbartha d'earnáil na micrifhiontar.<br><br>**An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann**<br>Tá clár curtha le chéile ag Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann chun rochtain saor in aisce inléite amháin a chur ar fáil ar chaighdeáin Éireannacha ar chaighdeáin oiriúnaithe Eorpacha agus Idirnáisiúnta iad. Mar chuid den chlár seo tá sé i gceist ag an Údarás ionaid eolais nua a oscailt sna blianta amach anseo. De bhreis air seo tá 1,767 gcaighdeán de chuid an AE glactha isteach i gcaighdeáin na hÉireann ag an Údarás in 2009.<br><br>Lean an Roinn agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann orthu ag tacú le rannpháirtíocht ghníomhach i ngrúpaí saineolaithe um chaighdeáin idirnáisiúnta (tuairim is 100 díobh in 2009). Mar bhall de phríomheagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta um cheapadh chaighdeán tugann an tÚdarás rochtain do ghnothais Éireannacha ar na grúpaí seo. Dá bharr sin bíonn deis acu cur le forbairt na gcaighdeán go díreach. De bhreis air sin cuireann an tÚdarás cúnamh teicniúil ar fáil má bhíonn gá leis. |
| 6. | Leanúint de bheith ag mealladh tograí infheistíochta dhírí coigríche ardcháilíochta go hÉirinn agus seasamh níos láidre a thabhairt do chuideachtaí infheistíochta dírí coigríche atá ann cheana féin i ngeilleagar na hÉireann | **ÚFT Éireann**<br>Is í infheistíocht dhíreach choigríche atá mar bhunús le rathúnas na tíre seo le fada an lá agus is mar sin a bheidh an scéal san am atá romhainn. Is é geilleagar na hÉireann an geilleagar is mó san Eoraip ina ndéantar infheistiú díreach coigríche. De réir Tuarascáil Bhliantúil IBM 2009 um Threochtaí Lonnaithe Domhanda is í Éire an ceann scríbe is tábhachtaí ar domhan maidir le poist de réir infheistíochta isteach in aghaidh an duine.<br><br>I bhfianaise na gcúinsí deacra eacnamaíocha beidh earnáil bheoga infheistíochta dírí coigríche ag teastáil chun téarnamh na heacnamaíochta a chur ar aghaidh, téarnamh atá bunaithe ar fhás atá bunaithe ar onnmhairiú agus ar fhorbairt an Gheilleagair Chliste.<br><br>Cruthaíonn cuideachtaí infheistíochta dírí coigríche na céadta míle post ardcháilíochta d'fhostaithe na cuideachta a dhéanann an infheistíocht agus sna cuideachtaí a |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | sholáthraíonn earraí agus seirbhísí chucu araon. In 2009 fostaíodh 100,000 sa mbreis go neamhdhíreach mar thoradh ar Infheistíocht Dhíreach Choigríche. Ba é €110 billiún luach na n-earraí onnmhairithe agus ba 70% d'earraí onnmhairithe ar fad iad.<br><br>Tá fíorghá le hinfheistiú i dTaighde, Forbairt agus Nuálaíocht chun geilleagar cliste na hÉireann a thógáil. In 2009 rinneadh 49% d'infheistíochtaí a fuair tacaíocht ó hÚFT Éireann i dTaighde, Forbairt agus Nuálaíocht. Tá dul chun cinn suntasach déanta i dtaobh timpeallacht a chruthú a éascaíonn comhpháirtíocht ar mhaithe le taighde agus tráchtálú idir cuideachtaí ilnáisiúnta atá lonnaithe in Éirinn agus institiúidí acadúla.<br><br>Ba iad seo a leanas príomhshonraí ÚFT in 2009:<br><br>• Rinneadh 125 indfheistíocht choigríche.<br>• Ghabh Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht le 49% d'infheistíochtaí.<br>• Rinne cuideachtaí atá ann cheana féin 69% d'infheistíochtaí.<br>• Méadú 11% i gcomparáid le 2008 ar líon na gcuideachtaí a rinne infheistíocht in Éirinn den chéad uair.<br>• Infheistíodh €500 milliún i dTaighde, Forbairt agus Nuálaíocht.<br>• Cruthaíodh 4,615 phost nua.<br>• €110 billiún ab ea luach na n-earraí agus seirbhísí a d'onnmhairigh cuideachtaí cliaint de chuid ÚFT.<br><br>Imríonn iomaíochas na hÉireann tionchar mór ar ár gcumas infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh chugainn. Le linn 2009 tháinig laghdú ar an gcostas a ghabhann le gnó a dhéanamh in Éirinn i roinnt réimsí tábhachtacha. Thit costais saothair, fuinnimh, tógála, seirbhísí agus cíosanna in 2009 agus dá thoradh sin tá tairiscint iomaíoch á déanamh ag Éire d'infheisteoirí ionchasacha. An seo thíos cuid de na laghduithe costais is mó a tharla in 2009:<br><br>• Leibhéil tairiscintí i bhfoirgníocht 29% níos ísle ná mar a bhí siad ag an mbuaic in 2007. Iad ag an leibhéal céanna agus a bhí siad in 1999,<br>• Laghdú 30% ar chostas seilbh oifige,<br>• Costas cíosa príobháidí ar an leibhéal náisiúnta 25%, isteach is amach, níos ísle ná mar a bhí ag an mbuaic in 2007, |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | • Costas maireachtála 4.5% níos ísle agus<br>• Réamh-mheastar go dtiocfaidh feabhas 10% ar chostais choibhneasta aonad pá (praghas agus táirgiúlacht) i gcomparáid lena mheánchostas san AE faoin mbliain 2011.<br><br>**Forbairt na Sionainne**<br>Tá Forbairt na Sionainne freagrach as Infheistíocht Dhíreach Choigríche i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne agus comhlánaíonn sí obair an ÚFT agus Fiontar Éireann trí réitigh réadmhaoine a sholáthar ar fud réigiún an lár-iarthair. Rinne Forbairt na Sionainne ceiliúradh ar a chothrom 50 bliain in 2009.<br><br>Tá straitéis forbartha nua Fhorbairt na Sionainne bunaithe ar seacht bpríomhthogra don tréimhse 2009-2013, mar seo a leanas:<br><br>• Limistéar Neamhchustaim na Sionainne<br>• Forbairt Turasóireachta agus Táirgeachta<br>• Mórcheantar Luimnigh<br>• Lárionaid Fáis Réigiúnacha<br>• Braisle Fuinnimh<br>• Forbairt a cuid buntáistí<br>• Bonneagar Cumarsáide<br><br>Is é is cuspóir don straitéis seo ná Forbairt na Sionainne a chur in ionad ina bhfuil ar a cumas an tairbhe is fearr a bhaint as feabhsú na heacnamaíochta domhanda a thiocfaidh go cinnte. Déanfar é seo trína cuid buntáistí a chur chun úsáide agus trí bhearta a chuireann i gcroílár í chun forbairt réigiúnach, áitiúil agus náisiúnta a dhéanamh.<br><br>In 2009 rinneadh na forbairtí seo a leanas:<br><br>• D'infheistigh Forbairt na Sionainne €15.5 milliún chun tacú le Cuideachtaí Limistéar Neamhchustaim na Sionainne,<br>• Tháinig méadú 10% ar chaiteachas ar Thaighde agus Forbairt i gCuideachtaí Limistéar Neamhchustaim na Sionainne i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Caith siad €48.6 milliún orthu, agus<br>• D'fhostaigh Limistéar Neamhchustaim na Sionainne 6,320 duine in 2009. Ba cheann de na limistéirí tionscail ba mhó lasmuigh de Bhaile Átha Cliath é dá bharr. |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 7. | Forbairt cultúr fiontraíochta láidir a chothú chun go n-aithneofar Éire de bharr cáilíocht nuálach a cuid fiontraithe mar thimpeallacht den scoth ina bhféadfar tús a chur le gnó agus é a chur chun cinn. | **Rochtain ar Chreidmheas**<br>Le linn 2009 bhí rochtain ar chreidmheas ar cheann de na cúiseanna imní ba mhó a bhí ag Fiontair Bheaga agus Meánmhéide. Bhí an Roinn ag obair faoi choimirce Grúpa Imréitigh an Rialtais maidir le Soláthar Creidmheasa as láimh a chéile le heagraíochtaí ionadaíochta an tionscail, an Roinn Airgeadais agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile agus leis an earnáil baincéireachta. Áirítear ar na tionscnaimh ar tugadh fúthu ná Cód Cleachtais a dhréachtú i dtaobh Iasachtaí d'Fhiontair Bheaga agus Meánmhéide a dhéantar faoi mhaoirseacht an Rialtóir Airgeadais chomh maith le hocht gcruinniú réigiúnacha maidir le heachtraí a bhí ag gnólachtaí beaga i dtaobh iasachtaí ón mbanc a fháil.<br><br>D'fhonn cabhrú le sreabhadh airigid i bhFiontair Bheaga agus Meánmhéide thug an Rialtas tréimhse íocaíochta 15 lá isteach do Ranna an Rialtais Láir le héifeacht ón 15 Meitheamh 2009. Maidir leis an Roinn Fostaíochta, Trádála agus Nuálaíochta, sa cheathrú dheireannach de 2009 rinne sí 1,988 n-íocaíocht laistigh den tréimhse 15 lá. Is ionann sin agus 81% d'iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh sa cheathrú sin.<br><br>**Cuideachtaí nua-thionscanta ardacmhainneachta**<br>Ní mór go dtiocfaidh fiontair nuálacha ardacmhainneachta isteach inár ngeilleagar chun a chinntiú go mbeidh fás agus poist againn san am atá romhainn. In 2009 thug Fiontar Éireann tacaíocht do 73 chuideachta ardacmhainneachta (34 díobh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) in earnálacha ar nós dlútheolas, eolaíochtaí beatha, bith-theicneolaíocht, gairis leighis agus teileachumarsáid. De bhreis air sin fuair cuideachtaí i roinnt réimsí nideoige cabhair, mar shampla comhlíonadh agus bainistiú riosca.<br><br>**Boird Fiontair Chontae agus Chathrach**<br>De bhreis ar tacaíocht deontais dhíreach, comhairle ghnó agus seirbhísí meantóireachta agus oiliúna a sholáthar do chuideachtaí lean na Boird Fiontair orthu cultúr na fiontraíochta a chur chun cinn go gníomhach trí scéim náisiúnta na nGradam Fiontraíochta agus, go háirithe san earnáil oideachais, trí scéim náisiúnta na nGradam Fiontraíochta do Mhic Léinn. D'oibrigh siad chomh maith chun fiontraíocht i measc na mban a chur chun cinn tríd na líonraí 'Mná i mBun Gnó'. D'eagraigh siad Lá Náisiúnta Fiontair na mBan chomh maith leis sin. |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 8. | A chinntiú bhfásfaidh an eacnamaíocht go cothrom ar fud réigiúin na hÉireann. | Cuireann Fiontar Éireann go mór le forbairt chothrom ar fud na réigiún trína chuid clár agus de bharr a shuímh.<br><br>Tá 70% den bhfostaíocht a thugann cuideachtaí cliaint Fhiontar Éireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Cuireann Scéim an Ionad Fiontair Phobail spás chun gnó a reáchtáil ar fáil i dtimpeallacht a thacaíonn leo siúd atá ag cur tús le fiontar. Is rannchuidiú le forbairt réigiúnach é ar féidir é a thadhall agus a fheiceáil.<br><br>Tá ionad ag Fiontar Éireann i ndeich suíomh ar fud na tíre. Bunaíodh a Cheanncheathrú Réigiúnach sa Pháirc Thiar i Sionainn agus is tuilleadh fianaise é go dtuigeann an Rialtas cé chomh tábhachtach agus atá sé go ndéanann an ghníomhaireacht forbairt chothrom ar fud na réigiún.<br><br>Tá roinnt struchtúr curtha ar bun ag an Roinn mar chúnamh chun an chuspóir seo a bhaint amach. Cabhraíonn struchtúr na mBord Fiontar Contae agus Cathrach forbairt chothrom réigiúnach a bhaint amach. Oibríonn na Boird ag an leibhéal áitiúil ar fud na tíre agus dá bhrí sin cabhraíonn a gcuid idirghabhálacha le gnó i bpobail áitiúla.<br><br>Tá an tÚFT meáite go huile agus go hiomlán ar cothromaíocht ó thaobh forbartha réigiúnaí de a dhaingniú. Tá 9 n-oifig réigiúnacha aige i suíomhanna ar fud na tíre. Tá sé i gceist 50% de thograí a bhunú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh sa tréimhse idir 2010 go 2014 de réir na gcuspóirí atá leagtha amach i Straitéis na Gníomhaireachta "*Horizon 2020*".<br><br>Is é Forbairt na Sionainne an ghníomhaireacht forbartha eacnamaíochta réigiúnach san Lár-Iarthar. Tá a feidhm dírithe ar fhorbairt eacnamaíoch réigiúnach agus comhlánaíonn sí ról na ngníomhaireachtaí náisiúnta, ÚFT Éireann agus Fiontar Éireann atá ag oibriú i réigiún an Lár-Iarthair chomh maith. |
| 9. | Athbhreithniú a dhéanamh, de réir mar is gá, ar an Ráiteas Náisiúnta ar Bheartas Trádála i bhfianaise forbairtí domhanda agus réigiúnacha. | Ó seoladh an Ráiteas Náisiúnta ar Bheartas Trádála in 2005 tá athruithe móra tagtha ar an ngeilleagar domhanda. Tá difear déanta acu seo ar gach cuid d'earnáil ghnó na hÉireann, idir ghnó ilnáisiúnta agus gnó dúchasach. Tá forbairtí nua tábhachtacha tagtha chun cinn san ionad margaidh domhanda d'onnmhaireoirí na hÉireann in earnálacha ar nós teicneolaíocht ghlan, fiontar glas agus gnó líonra-chumasaithe na Chéad Ghlúine eile agus i margaí áirithe geografacha idir mhargaí seanbhunaithe agus margaí nua. |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | I *Building Ireland's Smart Economy*, gabhann an Rialtas air féin plean gníomhaíochta a fhorbairt chun trádáil, turasóireacht agus naisc infheistíochta leis na margaí nua atá ag teacht chun cinn go tapa a fheabhsú. Mar fhreagra chuir an Roinn Grúpa Oibre Ardleibhéil ar bun i mí na Samhna (a chuimsíonn Ranna agus Gníomhaireachtaí lena mbaineann) chun Straitéis agus Plean Gníomhaíochta le haghaidh Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta a fhorbairt. Díreofar an Straitéis ar mhargaí nua a bhfuil fás mór fúthu cosúil leis an tSín, agus ar ár bpríomhchomhpháirtithe trádála chomh maith. Is é an chuspóir atá againn ná díriú níos mó fós ar leasa eacnamaíochta agus tráchtála idirnáisiúnta na hÉireann a shaothrú ar shlí chomhtháite bhuanseasmhach. |
| 10. | Na tairbhí is fearr a bhaint amach do leasa na hÉireann i gcórais trádála an AE agus na hEagraíochta Domhanda Trádála. | Leanadh de Bhabhta Cainteanna an Chlár Oibre Forbraíochta Doha san Eagraíocht Dhomhanda Trádála le linn 2009, go mór mór ag leibhéal teicniúil. Bhí an Roinn i gceannas ar rannpháirtíocht na hÉireann. I dtreo deireadh na bliana bhí an tAire Trádála agus Tráchtála i gceannas ar thoscaireacht idir-rannach ag 7ú Comhdháil na nAirí de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála.<br><br>De réir mar a tháinig meath ar an dealramh go bainfí torthaí amach i gcainteanna san Eagraíocht Dhomhanda Trádála in 2009 bhíomar ag díriú ár gcuid iarrachtaí chun margaí eachtracha a oscailt nó a fheabhsú ar idirbheartaíochtaí chun teacht ar chomhaontuithe trádála déthaobhacha idir an AE agus roinnt tríú tíortha. Roghnaíodh na tríú tíortha seo, tíortha cosúil leis an India, an Chóiré Theas, an Cholóim, Peiriú, Singeapór agus Ceanada, de bharr na ndeiseanna suntasacha atá á dtairiscint acu d'onnmhaireoirí in Éirinn agus i mBallstáit eile den AE. I mí Dheireadh Fómhair tugadh na hidirbheartaíochtaí leis an gCóiré Theas chun críche go rathúil agus glacadh an chéad chéim chun comhaontú saorthrádála a bhunú a bheidh i bhfeidhm ó lár 2011.<br><br>Rachaidh an Comhaontú Saorthrádála leis an gCóiré Theas go mór chun tairbhe d'Éirinn mar beidh deiseanna ag onnmhaireoirí earraí agus seirbhísí na tíre seo dá bharr. Beidh buntáistí ag mórán dár bpríomhonnmhairí ar nós earraí cógaisíochta, leictreonaicí, gairis leighis agus biotáillí mar thoradh ar an léirscaoileadh san gComhaontú Saorthrádála. Tiocfaidh buntáistí chuig onnmhaireoirí seirbhísí mar thoradh ar deireadh a bheith á chur le constaicí in earnálacha ar nós airgeadas, árachas, seirbhísí ríomhaire agus seirbhísí gnó eile nach iad. Maidir le |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | seirbhísí comhshaoil ar réimse iad a ndéanfar forbairt uirthi faoi straitéiseacha Éireannacha, osclófar tuilleadh deiseanna ina dtaobh d'onnmhaireoirí Eorpacha chomh maith.<br><br>Ó 2009 tá idirbheartaíochtaí curtha i gcrích againn leis an Cholóim, le Peiriú agus le tíortha i Meiriceá Láir chomh maith. Sna blianta amach anseo beimid ag obair chun a chinntiú go mbeidh tairbhí ábharacha ag teacht as na hidirbheartaíochtaí trádála déthaobhacha atá faoi shiúl i gcónaí le Ceanada, leis an India, leis an Mhalaeisia agus le Singeapór agus go gcuirfidh siad borradh faoinár gcuid onnmhairí.<br><br>Lasmuigh de bheith ag oscailt margaí agus á gcur chun cinn bhí obair ar siúl i gcaitheamh na bliana chun a chinntiú go bhfuil na margaí atá ar fáil d'fhiontair Éireanneacha cheana féin ag feidhmiú i dtimpeallachtaí trádála atá cothrom cóir trí bheith ag obair as láimh a chéile lenár gcomhpháirtithe san AE d'fhonn constaicí agus iomaíocht éagóir a shárú agus rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála a fhorfheidhmiú. |
| 11. | Cabhrú le honnmhaireoirí Éireannacha an oiread earraí agus is féidir a onnmhairiú. | Bhí Airí na Roinne i gceannas ar 17 gcinn de mhisin thrádála ar leith thar lear i gcaitheamh 2009. Bhíodar sin eagraithe i gcomhar le Fiontar Éireann. De bhreis air seo bhí an Roinn agus Fiontar Éireann rannpháirteach i misean mór trádála go dtí an tSeapáin a raibh an Taoiseach i gceannas air, 9 gcinn de mhisean trádála go tíortha san Eoraip agus misin go dtí tíortha eile chomh maith: An Araib Shádach, Catar, an Rúis, an Afraic Theas, an tSín, Ceanada, an RA agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.<br><br>Chabhraigh na misin thrádála seo le cuideachtaí Éireannacha caidrimh a bhunú nó a fhorbairt le comhpháirtithe ionchasacha nó leo siúd atá acu cheana i spriocmhargaí éagsúla. Léiríonn an réimse margaí a roghnaíodh go bhfuil gá le tacaíocht a chur ar fáil i margaí tábhachtacha seanbhunaithe ar an taobh amháin agus cabhrú le cuideachtaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a n-acmhainneacht onnmhairithe agus éagsúlú a dhéanamh trí theacht isteach i margaí éiritheacha.<br><br>Taifeadadh díolacháin onnmhairithe nua dar luach €693 milliún i 2009. Cé gur tháinig titm 10 faoin gcéad ar iomlán na ndíolachán onnmhairithe, síos go €12.9 billiún, méadaíodh ar onnmhairí i bpríomhearnálacha fáis lena n-áirítear bogearraí, seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | agus eolaíochtaí beatha.<br><br>Mar thoradh ar lagú a bheith tagtha ar steirling agus dollar i gcomparáid leis an euro agus titim a bheith tagtha ar éileamh intíre sheol Fiontar Éireann Tionscnamh Limistéar an Euro in 2009. Sa tionscnamh seo bhí Fiontar Éireann ag obair go dian trí chlár nua taighde mhargaidh, leis an 100 cliant ba thábhachtaí ó thaobh acmhainneacht onnmhairithe i Limistéar an euro de. De bhreis air sin d'aithin sé 326 chuideachta eile a bhfuil acmhainneacht maidir le Limistéar an euro acu. Leis an gclár taighde mhargaidh nua táthar chun cabhrú le cliaint de chuid Fiontar Éireann leibhéal níos fairsinge a bhaint amach maidir le héagsúlú margaidh de agus spleáchas ar mhargadh na RA a laghdú agus tuilleadh béime a chur ar Limistéar an euro agus margaí eile. |
| 12. | Níos mó rannpháirtíocht ó thaobh trádála de a thabhairt d'Éirinn i margaí éiritheacha. | In 2009 reáchtáladh an seachtú seisiún de chuid Comhchoimisiún Eacnamaíoch na hÉireann/na Rúise i mBaile Átha Cliath. Rinneadh dul chun cinn ar roinnt saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí trádála. Tá an Comhchoimisiún seo ar cheann de chúig cinn de choimisiúin dá shórt atá curtha ar bun ag an Rialtas. Is iad na tíortha eile a bhfuil comhchoimisiúin déanta leo ná an Araib Shádach, an tSín, Poblacht na Cóiré Theas agus an Libia. Is fóraim fhoirmiúla dhéthaobhacha idir-rialtasacha iad seo a cuireadh ar bun chun gach gné d'fhorbairt trádála a phlé, earraí agus seirbhísí. Is é atá i gceist leo ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhar eacnamaíoch agus gnó, comhar eolaíoch agus teicneolaíoch san áireamh, agus fóram a chur ar fáil chun saincheisteanna comhleasa agus cúraimí a phlé atá ag Éirinn agus na tíortha eile araon. De bhreis air seo tá Ciste Comhchoimisiúin Eacnamaíoch á riaradh ag an Roinn le cúnamh ó Fhiontar Éireann agus ón Roinn Gnóthaí Eachtracha. Úsáidtear an ciste seo chun tionscnaimh thrádála leis na tíortha seo a chur chun cinn. Is síolchistí iad a chuirtear ar fáil tríd an gCiste atá thar a bheith éifeachtach ó thaobh costais de agus atá idirghníomhach. Tugtar do thograí nuálacha iad atá ar siúl ag comhpháirtithe comhoibritheacha i dtíortha Comhchoimisiúin Eacnamaíoch lena mbaineann ag leibhéal oifigiúil, acadúil agus taighde.<br><br>In 2009 tugadh maoiniú do roinnt tograí lena n-áirítear: taighde margaidh d'Fhiontair Bheaga agus Meánmhéide in Éirinn atá ag dul isteach i margadh na Rúise; comhoibriú i dtaighde agus forbairt idir institiúidí in Éirinn agus sa Rúis; maoiniú do thaighde margaidh agus spreagadh tuisceana do mhargadh na Síne chomh maith le faisnéis margaidh do |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | chuideachtaí tógála as Éirinn atá ag iarraidh gnó a dhéanamh i stáit na Murascaille.<br><br>Bhí Staitéis na hÁise de chuid an Rialtais a bhí ar siúl ar feadh deich mbliana go deireadh 2009 dírithe ar ocht dtír go sonrach: an tSín, an Rúis, an India, Vítneam, Singeapór, an Chóiré Theas, an Téalainn agus an tSeapáin. Is mar thoradh ar an straitéis seo a forbraíodh naisc thrádála agus naisc eile atá ag Éirinn le príomhgheilleagair na hÁise. Is iontach mar a d'éirigh le Straitéis na hÁise. Tháinig méadú €5.6 billiún ar luach na n-onnmhairí chuig na hocht dtír seo idir 1999 agus 2009, ó €4 billiún go €9.6 billiún. Ba é €9 billiún an sprioc a rabhthas ag súil leis. Tá láithreacht sna tíortha seo ag cúig oiread an líon cuideachtaí Éireannacha ar an aimsir seo: méadú ó 54 go 272 atá go maith chun tosaigh ar an sprioc arbh é 215 é. D'fhonn an rannpháirtíocht seo a fhorbairt agus a fhairsingiú cinnteoidh an Roinn go dtogfar an Straitéis nua Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta atá á forbairt mar fhreagra do Chreatlach an Gheilleagair Chliste ar a bhfuil bainte amach ag Straitéis na hÁise. Beidh an straitéis nua ag déileáil le réimse níos leithne ná Straitéis na hÁise agus díreofar í ar phríomh-mhargaí atá ag teacht chun cinn go tapa, margaí ar nós an tSín, an India, an tSeapáin, Stáit na Murascaille agus an Bhrasaíl mar aon leis na comhpháirtíthe trádála is tábhachtaí atá againn cheana féin.<br><br>Aithníonn Fiontar Éireann go mbeidh fás fadtéarmach chuid mhaith dá chliant ag brath ar mar a éiríonn leo i margaí mórfháis cosúil leis an mBrasaíl, an Rúis, an India, an tSín, an tSeapáin agus Stáit na Murascaille. Rinne Fiontar Éireann 18 misean trádála in 2009 agus bhí 8 gcinn díobh go dtí an tSeapáin, an tSín, Hong Cong, an Araib Shádach, Catar, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Afraic Theas agus an Rúis.<br><br>Lasmuigh de na Misin Thrádála d'eagraigh Fiontar Éireann 22 aonach trádála idirnáisiúnta in 2009 inár raibh cliaint rannpháirteach. Ba chomhlánú na misean trádála iad na haonaigh. De bhreis air seo mheall Fiontar Éireann 598 gceannaitheoir idirnáisiúnta go hÉirinn in 2009.<br><br>Lean Fiontar Éireann air ag aimsiú cliant oiriúnach chun dul isteach i margaí roghnaithe na Brasaíle, na Rúise, na hIndia, na Síne, na Murascaille agus na Seapáine agus ag tacú leo. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an obair atá ar siúl cheana féin san earnáil táirgí tógála agus san earnáil seirbhísí i Stáit na Murascaille. |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Cuireann an Clár Taighde Mhargaidh de chuid Fiontar Éireann cúnamh deontais ar fáil do chuideachtaí seanbhunaithe a bhfuil i gceist acu clár taighde mhargaidh a chur ar siúl d'fhonn deiseanna margaidh nua a fhorbairt.<br><br>Bunaíodh an Scéim Forbartha do Margadh Seirbhísí Foirgníochta chun tacú le hidirnáisiúnú cuideachtaí a chuireann seirbhísí gairmiúla foirgníochta ar fáil. Faoin scéim seo bhí tacaíocht deontais á tairiscint do chuideachtaí i leith na gcostas a ghabh le taighde margaidh thar lear. Deonaíodh deich ndeontas forbairt margaidh le haghaidh seirbhísí foirgníochta dar luach iomlán €3 milliún in 2009. |
| 13. | Cabhrú chun Margadh Inmheánach de chuid an AE atá lánfheidhmiúil a chruthú. Is iad cuid de na bearta a ghlacfar chuige seo ná margadh aonair ó thaobh Seirbhísí de a fhorbairt, sásanna le haghaidh comhar riaracháin idir Ballstáit a chur ar bun agus Treoracha AE a thrasuíomh go tráthúil. | **An Treoir um sheirbhísí san Margadh Inmheánach**<br>Glacadh leis an Treoir um sheirbhísí sa mhargadh inmheánach (2006/123/CE)[1] in 2006 chun "fíormhargadh aonair" a bhunú le haghaidh seirbhísí tráchtála. Ba phríomhfhoráil i gclár oibre Liospóin é seo. Is é atá sa Treoir ná forálacha tábhachtacha maidir le comhar riaracháin idir Ballstáit. Tá na forálacha seo déanta chun muinín agus iontaoibh a chur chun cinn idir na Ballstáit agus chun muinín a spreagadh i measc tomhaltóirí agus soláthraithe seirbhíse tabhairt faoi idirbhearta trasteorann. Ina theannta sin tá forálacha tábhachtacha maidir le cosaint tomhaltóirí inti.<br><br>Foilsíodh doiciméad comhairliúcháin faoi thrasuíomh na Treorach go dlí na hÉireann ar an 4 Lúnasa 2009 agus fuarthas líon maith aighneachtaí. Ina theannta sin foilsíodh dréachtanailís tionchair rialála den Treoir in 2009. Bhíothas ag obair i gcónaí in 2009 chun an Treoir a thrasuíomh agus mar chuid den obair seo bhí cruinnithe ar siúl ag an nGrúpa Saineolaithe faoi chathaoirleacht an Choimisiúin sa Bhruiséil. Níor cuireadh na cainteanna i gcrích faoin spriocdháta, an 28 Nollaig 2009, áfach.<br><br>**Sásanna le haghaidh comhar riaracháin**<br>Le blianta beaga anuas tá an Coimisiún Eorpach, i gcomhar leis na Ballstáit, ag obair go dian chun sásanna do chomhar riaracháin a chruthú a thacaíonn le bunús reachtúil an Mhargaidh Aonair. Cruthaíodh SOLVIT, an líonra um réiteach fadhbanna neamhfhoirmiúil, in 2002 chun fadhbanna maidir le gnothaí trasteorann atá ag saoránaigh nó ag gnólachtaí an AE le riaracháin phoiblí i mBallstáit eile a réiteach. Is féidir le SOLVIT cabhair a thabhairt más rud é go bhfuil fadhbanna acu toisc go bhfuil a gcuid cearta maidir leis an Margadh Inmheánach á ndiúltú mar thoradh |

[1] IO L 376, 27.12.2006

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | gan dlí an mhargaidh inmheánaigh (nó an mhargaidh aonair) a bheith á chur i bhfeidhm i gceart. Is é is aidhm do SOLVIT ná freagra réasúnaithe réasúnta a chur ar fáil laistigh de 10 seachtaine agus éiríonn leis é seo a dhéanamh i bhformhór na gcásanna. Is é an tairbhe eile a ghabhann leis ná go laghdaítear an seans go mbeidh na fadhbanna céanna ag saoránach nó ag gnó eile agus is rud é seo a fheabhsaíonn feidhmiú an Mhargaidh Aonair. Is é an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta an tIonad SOLVIT in Éirinn.<br><br>Méadaíodh ar na cásanna a bhí ag an Ionad SOLVIT in Éirinn ó 94 in 2008 go 157 in 2009. Ba é SOLVIT féin a thionscain 27 de na cásanna in 2009 agus thionscain ionaid SOLVIT eile 130 cás. Láimhsigh an tIonad a lán fadhbanna agus ceisteanna eile a bhí ag saoránaigh agus ag gnólachtaí.<br><br>Sás eile do chomhar riaracháin is ea Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh. Nascann an Córas Faisnéise seo údaráis inniúlachta i riaracháin náisiúnta (m. sh. eagraíochtaí a dhéanann rialáil ar na gairmeacha) a bhfuil baint acu le bainistiú / cur i ngníomh na saorghluaiseachta sa Margadh Aonair. Cuireadh tús le togra trialach faoi Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a phléann leis na forálacha um chomhar riaracháin na Treorach Seirbhísí in 2009. Bhí sé dírithe ar seacht n-earnáil seirbhíse i dtosach báire: ailtirí, seirbhísí lónadóireachta, seirbhísí foirgníochta, gníomhairí eastáit, gníomhairí taistil, dlíodóirí agus tréidlianna.<br><br>**Trasuíomh Treoracha an AE**<br>Is ar na Ranna atá freagrach as rialacha an mhargaidh inmheánaigh a thrasuíomh agus as iad a fheidhmiú, an Roinn seo san áireamh, atá freagrach ar an gcéad dul síos as a chinntiú go bhfeidhmíonn Éire rialacha an mhargaidh inmheánaigh i gceart. Is chun leasa gach Roinne atá sé a chinntiú go bhfuil an margadh inmheánach ag obair i gceart ar mhaithe le gnólachtaí agus saoránaigh. Mura gcuirtear rialacha an mhargaidh inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach agus go tráthúil baintear dá rannchuidiú le fás agus le hiomaíochas an AE.<br><br>D’éirigh leis an Roinn trí (3) chinn de Threoracha a thrasuíomh go dlí intíre le linn na bliana. Bhain Éire rátáil easnaimh 0.8% maidir le trasuíomh amach i dtaobh Teoracha an Mhargaidh Inmheánaigh ar Scórchlár an Mhargaigh Inmheánaigh do mhí Iúil 2009 agus rátáil easnaimh 1.0% do mhí na Nollag 2009. (Ciallaíonn ráta |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | easnaimh 1% gur trasuíodh 99% na dTreoracha faoin spriocdháta.) |
| 14. | Tacú le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta trí onnmhairiú earraí straitéiseacha a rialú. | **Rialú Onnmhairithe**<br>Cuirtear an córas iarratais ar líne le haghaidh ceadúnais onnmhairithe ar fáil ó mhí Eanáir 2009 agus faoi dheireadh na bliana bhí aistriú déanta ag mórchuid na n-onnmhaireoirí go dtí an gcóras nua. Is áis nua thábhachtach é seo atá curtha leis na seirbhísí ar líne agus r-thráchtála eile atá á gcur ar fáil ag an Roinn dóibh siúd a mbíonn orthu gnó a dhéanamh linn.<br><br>Tháinig an Treoir ón gComhairle (CE) Uimh. 428/2009 den 5 Bealtaine 2009 i bhfeidhm ar an 27 Lúnasa 2009. Leis an Treoir seo cuirtear córas Comhphobail ar bun chun onnmhairiú, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras itimí dé-úsáide a rialú. De bhreis ar líon mór na leasuithe a rinneadh roimhe sin ar an Treoir Dé-Úsáide (1334/2000) a chomhdhlúthú tugann Treoir 428/2009 rialuithe nua isteach i dtaobh gníomhaíochtaí bróicéireachta agus idirthuras earraí. Tugadh éifeacht bhreise di i ndlí na hÉireann leis an Ordú chun Onnmhairí a Rialú (Itimí Dé-Úsáide) 2009 a rinneadh faoin Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008.<br><br>Rinneadh an tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht) in 2009 chomh maith. Baineann sé le hearraí agus teicneolaíochtaí atá ar liosta ar a dtugtar Liosta Comhchoiteann de Threalamh Míleata an AE de ghnáth. Iarrtar ar na Ballstáit onnmhairiú na n-earraí atá ar an liosta seo a rialú agus forálann Ordú na bliana 2009 nach féidir iad a onnmhairiú ach amháin "faoi cheadúnas agus de réir ceadúnais". Leis an Ordú seo aisghairtear an tOrdú chun Onnmhairí a Rialú 2005 a rinne rialú maidir le honnmhairiú earraí míleata atá ainmnithe sa sceideal a ghabhann leis an Ordú arbh earraí iad a bhí ar Liosta Comhchoiteann de Threalamh Míleata an AE an uair sin.<br><br>Glacadh le Treoir 2009/43/CE ar an 6 Bealtaine 2009. Is treoir í seo lena ndéantar téarmaí agus coinníollacha maidir le haistriú táirgí cosanta laistigh den gComhphobal a shimpliú. Is é is cuspóir don Treoir seo ná na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhmithe d'aistriú táirgí a bhfuil baint acu le cosaint laistigh den gComhphobal a shimpliú "d'fhonn a chinntiú go bhfuil an margadh inmheánach ag feidhmiú i gceart". Sular glacadh le Treoir 2009/43/CE, bhí a chuid rialacha féin i bhfeidhm ag gach Ballstát i ndáil le haistriú táirgí cosanta laistigh den Eoraip. Cé go bhforálann an Treoir go bhfuil cead ag na Ballstáit ceadúnais dá gcuid féin a fhorchur más rud é gur dóigh leis |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | an Stát seo nach mór a leasa slándála bunúsacha a chosaint cuireann an Treoir cineálacha nua ceadúnas ginearálta agus iomlán ar bun. Tá ar na Ballstáit an Treoir a thrasuíomh ina ndlí náisiúnta faoin 30 Meitheamh 2011 ar a dhéanaí agus beidh an Treoir i bhfeidhm ón 30 Meitheamh 2012 ar aghaidh. Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin d'fhonn reachtaíocht náisiúnta a dhréachtú chun an Treoir a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann in 2009.<br><br>**Ceadúnú Allmhairithe**<br>Bhí rialacha á gcur i bhfeidhm i gcónaí ag an Aonad Ceadúnaithe maidir le heisiúnt ceadúnas allmhairithe le haghaidh earraí atá faoi réir srianta cáinníochtúla agus bearta faireachais de chuid an AE.<br><br>Bhí allmhairí táirgí teicstíleacha áirithe de thionscnamh na Cóiré Thuaidh, na Belarúise agus na hÚisbéiceastáine chomh maith le hallmhairí earraí iarrainn agus cruach faoi réir príomhreachtaíochta de chuid an AE de réir mar atá sonraithe i Rialacháin ón gComhairle agus ón gCoimisiún a bhaineann le hábhar.<br><br>**Smachtbhanna**<br>Úsáideann an pobal idirnáisiúnta smachtbhanna trádála d'fhonn tionchar a imirt ar shaincheisteanna éagsúla is cúram don phobal idirnáisiúnta. Tá feidhm ríthábhachtach ag an Roinn i ndáil le bearta an AE a chur i ngníomh ar glacadh leo chun tabhairt faoi smachtbhannaí trádála. In 2009 rinne an Roinn Ionstraimí Reachtúla maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine, Burma/Maenmar agus Duine agus Aonaid Áirithe a bhfuil baint acu le Usama Bin Laden, an Gréasán Al-Qaida agus na Talabanaigh.<br><br>**An Ghné Idirnáisiúnta**<br>D'fhonn a chinntiú go bhfuil córas rialála onnmhairithe láidir éifeachtach ag Éirinn ghlac an Roinn páirt i gcruinnithe le Grúpaí Oibre an AE a chuireann le chéile beartas rialála agus rialúchán an AE maidir le honnmhairí. Bhí an Roinn rannpháirteach leis, i gcruinnithe maidir le córais rialála idirnáisiúnta i dtaobh onnmhairí, go háirithe i Socrú Wassenaar. |
| 15. | Timpeallacht fhabhrach a chur chun cinn a bharrfheabhsaíonn tairbhí an gheilleagair uile-oileáin ar mhaithe le fiontair trí chomhar Thuaidh/Theas, go háirithe maidir le forbairt trádála agus gnó. | **InterTradeIreland**<br>Déanann an Roinn cómhaoiniú ar InterTradeIreland atá ar cheann de sé cinn d'eagraíochtaí um chur i ngníomh ó thuaidh agus ó dheas. Cuireadh ar bun é trí Chomhaontú Aoine an Chéasta. Le linn 2009 d'fhreastail InterTradeIreland ar dhá chruinniú de chuid Chomhairle na nAirí Thuaidh/Theas inár chuir an eagraíocht roinnt páipéar |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | i láthair lenár áiríodh tuairisic ar dhul chun cinn ar a cuid gníomhaíochtaí agus forbairtí maidir le comhar Thuaidh/ Theas ar thaighde agus forbairt.<br><br>Is iad na cuspóirí straitéiseacha atá ag InterTradeIreland le linn saolré a Phlean Chorporáidigh 2008-2010 ná luach gnó a ghiniúint trína chuid cláir ghnó Thuaidh-Theas agus cabhrú chun an timpeallacht iomaíochta a fheabhsú san oileán trí thaighde ar bheartas comhair, tuarascálacha agus líonraí. Le linn 2009 bhain 3,329 ngnóthas úsáid as seirbhísí Comhairle Ghnó de chuid InterTradeIreland agus as an Ionad Ilfhreastail a ghabhann léi. Seirbhís nua ab ea í seo ar cuireadh tús léi i mí Bhealtaine 2009. Chuir sí cúnamh agus comhairle ar shaincheisteanna faoi ghnóthaí trasteorann ar fáil do chuideachtaí i mbaill éagsúla ó thuaidh agus ó dheas. San iomlán ghlac 461 ghnóthas páirt ina cuid clár agus cruthaíodh 211 phost mar thoradh ar an tseirbhís seo.<br><br>D'fhoilsigh InterTradeIreland roinnt foilseacháin taighde eacnamaíoch in 2009 lena n-áirítear iad seo a leanas: *Quarterly Business Monitor, A Gravity Model Approach to Estimating the Expected Volume of North/South Trade, Mapping Differences in Business Regulation on the Island of Ireland, Management Matters in Northern Ireland and the Republic of Ireland, Market Intelligence Reports* agus *A Simple Guide to Cross-Border Trade.*<br><br>**An Clár Fiontair Interreg**<br>Is clár Cistí Struchtúrtha atá á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach é an Clár Interreg IVA (2007-2013) do Thuaisceart Éireann, Réigiún Teorainn na hÉireann agus Iarthar na hAlban. Tacaíonn sé le comhar trasteorann straitéiseach trí nuálaíocht agus iomaíochas a chur chun cinn i bhforbairt fiontair agus gnó agus i gcúrsaí turasóireachta chun dul i ngleic le fadhbanna eacnamaíocha agus sóisialta a eascraíonn as teorainneacha a bheith ann.<br><br>In 2008, rinneadh na Ranna atá freagrach as an Téama Fiontair den Chlár den Roinn seo agus den Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann.<br><br>In 2009, cheadaigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann deontais dar luach €8.747 milliún do cheithre thogra faoin téama fiontair. |
| 16. | Leanúint orainn ag obair as láimh a chéile idir Ranna, idir | Tá Aonad Comhordúcháin i bhFiontar Éireann curtha ar bun ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta do na |

| | Sprioc | Gníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | Rialtais agus idir Gníomhaireachtaí d'fhonn ár gcuspóirí maidir le hIomaíochas agus Fiontar a bhaint amach de réir mar atá siad mínithe sa Ráiteas Straitéise seo. | Boird Fiontair Chontae agus Chathrach. Cuireann an tAonad tacaíochtaí éagsúla straitéiseacha, riaracháin, airgeadais agus teicniúla ar fáil do na Boird Fiontair. Is é an sprioc dheiridh atá aige ná éifeachtacht agus tionchar na mBord a chur chun cinn i ndáil le forbairt micrifhiontar agus cabhrú chun níos mó comhsheasmhacht agus barrchleachtas a bhaint amach ar fud líonra na mBord Fiontar trí chéile. Mar thoradh ar an Aonad seo tá níos mó comhtháthú idir gníomhaíochtaí na mBord Fiontar agus Fiontar Éireann ag leibhéal na micrifhiontar. Chomh maith leis sin cabhraíonn sé leis an Roinn níos mó aird a thabhairt ar fhorbairt beartais straitéisigh maidir leis an earnáil mhicrifhiontair.<br><br>Lasmuigh de bheith ag obair as láimh a chéile leis na húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí forbartha eile ina gceantair féin is rannphairtithe gníomhacha ar Bhoird Forbartha Chontae na nÚdarás Áitiúil lena mbaineann siad iad na Boird Fiontair. De bharr an struchtúr ionadaíochta seo a bheith thar eagraíochtaí éagsúla déantar clár oibre a éascaíonn seachadadh tacaíochtaí ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal réigiúnach.<br><br>Sa Ghrúpa Oibre Ardleibhéil a cuireadh ar bun i mí na Samhna 2009 chun Straitéis nua agus Plean Gníomhaíochta le haghaidh Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta a fhorbairt tháinig na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Rialtais ar fad lena mbaineann le chéile chun Straitéis agus Plean Gníomhaíochta nua le haghaidh Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta a fhorbairt. Leis an bpróiseas seo déanfar a chinntiú go gcuirfidh an straitéis nua comhar níos fearr chun cinn sna trí earnáil, trádáil, turasóireacht agus infheistíocht. |

## CRANN TACA 3: Soláthar agus Feabhsú Scileanna & Rannpháirtiú sa Lucht Saothair

### Sprioc Ardleibhéil

Beartais margadh saothair a shaothrú a thacaíonn le forbairt fiontair agus a chuireann forbairt caipitil dhaonna ar aghaidh trí scileanna an lucht saothair a fheabhsú. Rannpháirtíocht i bhfostaíocht agus rochtain uirthi a fheabhsú ar an gcuma seo.

**Achoimre**

Sa sprioc ardleibhéil seo cuimsítear taobh soláthair agus taobh éilimh an mhargadh saothair chomh maith leis na beartais atá á saothrú ag an Roinn d'fhonn forbairt caipitil dhaonna agus fiontair a uasmhéadú. In 2009 tháinig an Státchiste faoi bhrú mór de dheasca meath a bheith tagtha ar fhás an gheilleagair agus dífhostaíocht a bheith ag dul i méid. Dá thoradh sin tá tábhacht ar leith leis an sprioc ardleibhéil seo do shaoránaigh agus d'fhostóirí uile.

Tá forbairt caipitil dhaonna trí fheabhsú scileanna ríthábhachtach d'fhás an gheilleagair. Chuir an Roinn roinnt clár ar fáil trí FÁS agus *Skillnet* a bhí dírithe ar leibhéil scileanna an lucht saothair a chur chun cinn. In 2009 lean an Roinn uirthi ag infheistiú i soláthar deiseanna foghlama do dhaoine fostaithe. Chuige seo leithdháil sí breis is €134 milliún chun gníomhaíochtaí oiliúna a sheachadadh lena n-áirítear gníomhaíochtaí do phrintísigh, d'fhonn seans a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach i gcúrsaí breisoiliúna a bhaineann le fostaíocht. Caitheadh breis is 12 milliún ar an gClár Forbartha Inniúlachta in 2009 chun oiliúnt a chur ar 9,784 rannpháirtí agus fuair an Líonra Oiliúna Skillnet €16.6 milliún ón gCiste Oiliúna Náisiúnta.

Mar chuid dár gcuid beartas chun a chinntiú go mbíonn na sainscileanna ag fiontair atá uathu chun fás agus forbairt bhí socrú an chárta ghlais agus socrú um aistriú idir-chorparáideach á choinneáil ag an Roinn. Tá feidhm acu seo faoin scéim ceadúnas oibre. Ós rud é go bhfuil níos mó dúshláin ag baint leis an margadh saothair sa bhaile cuireadh i bhfeidhm critéir incháilitheachta níos déine ón 1 Meitheamh 2009 maidir le ceadúnais oibre nua a dheonú do dhaoine a d'fhéadfadh teacht isteach i scéimeanna ceadúnas oibre.

Tá obair déanta ag an Roinn chun a chinntiú go bhféadfaidh gach duine atá in aois oibre rannpháirtiú i bhfostaíocht. Mhéadaigh an Roinn an infheistíocht i scéimeanna do dhaoine dífhostataithe in 2009. Dá thoradh sin bhí tuairim is 154,000 duine rannpháirteach i gcláir oiliúna agus fostaíochta de chuid FÁS. Bhí 66,000 duine rannpháirteach sna cláir seo in 2008.

Faoin gCrann Taca seo den tuarascáil seo leagtar amach tuilleadh sonraí maidir leis an obair atá déanta ag an Roinn in 2009 chun tuilleadh rannpháirtíochta i bhfostaíocht agus tuilleadh rochtana uirthi a éascú. Níor éirigh linn an ráta rannpháirtíochta a mhéadú áfach, de bharr na lagtrá eacnamaíochta atá ann faoi láthair in Éirinn.

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 1. | Leibhéil scileanna an lucht saothair a fheabhsú trí dianiarracht a dhéanamh chun cuspóirí na tuarascála "An Straitéis Náisiúnta Scileanna" de chuid an Ghrúpa Saineolaithe Forfás um Riachtanais Scileanna Amach Anseo a chomhlíonadh. | Lean an Roinn uirthi in 2009 ag infheistiú i soláthar deiseanna foghlama do dhaoine fostaithe. Leithdháil sí breis is €134 milliún chun gníomhaíochtaí oiliúna a sheachadadh, do phrintísigh chomh maith, chun deis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i gcúrsaí breisoiliúna a bhaineann le fostaíocht.<br><br>Infheistíodh breis is €12 milliún i gClár um Fhorbairt Inniúlachta in 2009. Tríd an gclár seo bhí deis ag 9,784 rannpháirtí dul faoi oiliúint. De bhreis air sin caitheadh níos mó ná €1 milliún chun oiliúint a chur ar fáil dóibh siúd a bhí fostaithe san earnáil Scannáin & Teilifíse agus caitheadh €1.75 milliún eile ar rannpháirtithe i mbun tionscnamh oiliúna a bhí á reáchtáil ag ríomh-choláiste FÁS agus cúrsaí oiliúna urraithe.<br><br>Chabhraigh FÁS le líon chomh mór le 2,407 duine dul faoi oiliúint litearthachta agus uimhearthachta faoin gCiste "Oideachas Bunúsach don Áit Oibre" atá á mhaoiniú ag an Roinn. Caitheadh beagnach €2.4 milliún ar an tseirbhís seo.<br><br>Lean an Roinn agus FÁS orthu in 2009 ag obair as láimh a chéile leis na luchtanna leasa ar fad lena mbaineann chun cabhrú le hoiread is féidir printíseach a bhí as obair gabháil ar aghaidh chun a gcáilíochtaí printíseachta deiridh a bhaint amach. Seachadadh réimse bearta solúbtha laistigh de bhuiséad €94 milliún san iomlán chuige seo. Faoi rialacha sceidealaithe athbhreithnithe a tugadh isteach in 2009 tugadh seans do bhreis is 2000 printíseach a dífhostaíodh le linn tréimhse oiliúna i mbun an phoist lena bhfostóirí gabháil ar aghaidh chuig an chéad tréimhse oiliúna eile den phrintíseacht lasmuigh den phost gan an oiliúint i mbun an phoist a chríochnú ar dtús.<br><br>Bhí 21,412 phrintíseach san iomlán cláraithe in 2009. Bhí 6,383 díobh cláraithe mar dífhostaithe. Ba mhéadú 3,275 é seo ó 2008. Ba é meath mór ar an earnáil fhoirgníochta ba mhó ba chúis leis. Mar thoradh ar an meath seo tá laghdú tagtha ar clárúcháin printíseach nua chomh maith, mar seo a leanas: 1,535 in 2009 i gcomparáid le 3,686 in 2008.<br><br>Cuireadh dhá Thionscnamh Comhghuallaíochta Straitéisí de chuid FÁS i bhfeidhm go céimneach – an chéad cheann chun oiliúint a chur ar oibrithe atá ar bheagán scileanna/oiliúna agus tá an dara ceann dírithe ar oiliúint chun scileanna bainistíochta a chur chun cinn i bhfiontair bheaga agus meánmhéide. |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Tugadh €16.6 milliún do Chlár na Líonraí Oiliúna Skillnets as an gCiste Oiliúna Náisiúnta in 2009. Leis an leithdháileadh seo, ar chuir cuideachtaí rannpháirteacha ón earnáil phríobháideach airgead leis, d'éirigh le Clár na Líonraí Oiliúna 200,245 lá oiliúna agus breisoiliúna a sheachadadh san iomlán. Bhain 40.427 rannpháirtí i 103 líonra leas as an tionscnamh seo.<br><br>Lean an Grúpa um Chomhordú Breisoiliúna a cuireadh ar bun in 2007 air ag forbairt comhalartuithe comhair agus eolais idir Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais lena mbaineann. Is é an phríomhchuspóir atá leis ná cur chuige níos straitéisí a fhorbairt i leith forbairt beartais oiliúna agus beartais a bhaineann le hoiliúint chun a chinntiú go dtéitear i ngleic le dúblú soláthar seirbhísí.<br><br>Chuir an Roinn €400,000 leis an tsraith Teilifíse *'Written Off 2'* a bhí á chur ar aghaidh ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh agus a chraoil RTÉ ó mhí Aibreáin 2009. Is é is cuspóir leis an tionscnamh seo atá ar siúl i gcónaí ná a chur i gcuimhne don bpobal go bhfuil seirbhísí ar fáil a chabhraíonn le daoine scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt agus chun iad siúd a bhfuil faoi mhíbhuntáiste oideachais agus gairme a spreagadh le húsáid a bhaint as an tseirbhís seo.<br><br>Lean an Roinn uirthi ag comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le heagraíochtaí eile lena mbaineann d'fhonn a chinntiú go bhfuil forbairtí agus treoracha atá comhaontaithe ag an leibhéal idirnáisiúnta mar bhunús ag beartais agus ag cleachtais oiliúna agus oideachais sa bhaile. Chomh maith leis sin lean an Roinn uirthi ag obair as láimh a chéile le hÚdarás Náisiúnta na gCáilíochtaí in Éirinn chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí. |
| 2. | A chinntiú go mbíonn na scileanna siúd ag fiontair atá ag teastáil uathu chun fás agus forbairt a dhéanamh. | Go luath in 2009, tar éis athbhreithniú ar shocruithe maidir le ceadúnas fostaíochta a bheith déanta coinníodh na socruithe a bhí i bhfeidhm chun cabhrú le fiontair leas a bhaint as sainscileanna faoi chóras an chárta ghlais agus na socruithe um aistriú idir-chorparáideach. Ós rud é go bhfuil níos mó dúshláin ag baint leis an margadh saothair sa bhaile cuireadh critéir incháilitheachta níos déine i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2009 maidir le ceadúnais oibre nua a dheonú do dhaoine a d'fhéadfadh teacht isteach i scéimeanna ceadúnas oibre. Bíonn an scéim ceadúnais oibre ag freastal ar earnáil na n-oibrithe ar bheagán scileanna a bhíonn ar fáil d'fhiontair ón taobh istigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de ghnáth. |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 3. | Rannpháirtíocht i bhfostaíocht a mhéadú dóibh siúd go léir atá in aois oibre agus níos mó rannpháirtíocht ban agus oibrithe breac-aosta a chur chun cinn, iad siúd ar mhaith leo leanúint ar aghaidh i mbun oibre nuair a bheidh aois 65 slánaithe acu san áireamh. Níos mó rannpháirtíocht grúpaí mar iad seo a leanas a chur chun cinn: daoine atá as obair le fada an lá, tuismitheoirí aonair, daoine faoi mhíchumas agus Lucht Siúil. | **Cláir Oiliúna agus Fostaíochta**<br>De dheasca cúngú suntasach a bheith tagtha ar gheilleagar na hÉireann in 2009 níorbh fhéidir an rannpháirtíocht i bhfostaíocht a mhéadú. Mar fhreagra d'ardú na leibhéil dífhostaíochta rinne an Roinn a cuid caiteachais a athdhíriú áfach, chun níos mó acmhainní ar chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe. Idir 2008 agus 2009 cuireadh tuairim is €24.3 milliún leis na hacmhainní seo, suas go €695.5 milliún san iomlán. De bharr na hinfheistíochta méadaithe seo ar mhaithe le hoiliúint do dhaoine dífhostaithe, mar aon le tuilleadh gearrchúrsaí tháinig méadú nár bheag ar acmhainneacht soláthair don lucht dífhostaithe. In 2009 bhí tuairim is 154,000 duine rannpháirteach i gcláir oiliúna agus fostaíochta de chuid FÁS. Ní raibh ach 66,000 duine rannpháirteach sna cláir seo in 2008. Mar chuid dá bhfuil á chur ar fáil in 2009 thug an Roinn isteach tionscnaimh nua ar nós an Clár Socrúcháin Oibre chomh maith le soláthar áiteanna oideachais páirtaimseartha tríú leibhéil.<br><br>Tá teacht ag oibrithe breac-aosta, daoine atá dífhostaithe le tamall maith anuas, tuismitheoirí aonair, daoine faoi mhíchumas agus daoine den lucht siúil ar gach oiliúint phríomhshrutha.<br><br>**Straitéis Choisctheach**<br>Leis an Straitéis Choisctheach cuirtear caidreamh gníomhach baill de na Seirbhísí Fostaíochta le daoine dífhostaithe ar fáil. Táthar ag díriú ar idirghabháil luath i gcás daoine a atreoraíonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chuig FÁS chun go dtabharfar cúnamh dóibh chun filleadh ar obair agus go múintear na scileanna dóibh, más gá, atá uathu chun feabhas a chur ar a n-infhostaitheacht.<br><br>In 2009, atreoraíodh 86,782 duine chuig FÁS. Is ionann sin agus méadú breis is 26,000 i gcomparáid leis an líon daoine a atreoraíodh in 2008. D'fhág 53,638 dá líon an Beochlár. Tá FÁS ag freastal ar an gcuid eile díobh i gcónaí.<br><br>Cuireann FÁS sraith seirbhísí ar fáil dóibh siúd atá ag cuardach fostaíochta. Is iad na príomhscéimeanna fostaíochta na Fostaíocht Pobail agus an Tionscnamh Post. Cuirtear deiseanna oibre agus oiliúna ar fáil leo i bpobail áitiúla. In 2009 bhí ábhairín níos mó ná 24,900 áit sna cláir seo. |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | **Cuimsiú Sóisialta**<br>Cuireadh Grúpa Monatóireachta ón Ardstiúrthóireacht Náisiúnta um Chuimisú Sóisialta ar bun i FÁS in 2009. Ba é an Grúpa Monatóireachta ón Ardstiúrthóireacht Náisiúnta um an Straitéis d'Oiliúint Gairme do dhaoine faoi mhíchumas é an grúpa seo roimhe seo. Rinneadh téarmaí tagartha an ghrúpa a leathnú go mór chun go gcuimseoidh siad forbairt, monatóireacht agus cur i ngníomh plean gníomhaíochta a comhaontaíodh sna beartais seo a leanas um chuimsiú sóisialta: An Straitéis don Lucht Siúil; Beartas FÁS um Chomhionannas dá Chustaiméirí; agus beartas comhionannais i Nósanna Imeachta FÁS le haghaidh um dhearbhú cáilíochta. Ina theannta sin tá an Grúpa freagrach as freagraí thar rannáin éagsúla i ndáil le cuimsiú sóisialta do chreatlaigh agus do straitéiseanna eile lena n-áirítear Creatlach Óige FÁS agus an Straitéis do Dhaoine Breacaosta atá ag dul i mbun oiliúna agus oibre.<br><br>Rinneadh tástáil ar "Shamhail um Chuimsiú Sóisialta" a forbraíodh chun tacú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste sóisialta nach féidir leo rochtain a fháil go héasca ar oiliúint, oideachas agus ar an margadh saothair faoi dheireadh thiar. Bhí dhá ghrúpa de thuismitheoirí aonair ó cheantar Bhaile Átha Cliath rannpháirteach san tástáil. Cuireadh Grúpa Stiúrtha Idirghníomhaireachta ar bun faoi chathaoirleacht FÁS, ina raibh ionadaithe ón iar-Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, ón gCumann Gairm-Oideachais in Éirinn agus ó ghrúpaí ionadaíochta tuisimitheoirí aonair – Treoir, *One Family* agus *OPEN*, chun monatóireacht a dhéanamh ar an tionscnamh. Sa chur chuige seo bhí ar na gníomhaireachtaí obair as láimh a chéile d'fhonn an clár a chur chun cinn agus earcaíocht a dhéanamh dó. Chomh maith leis sin bhí air eolas agus tacaíochtaí a chur ar fáil do na rannphháirtithe. Is é is cuspóir don gclár ná éascaíocht a dhéanamh dóibh siúd a ghlacann páirt chun gur féidir leo roghanna feasacha críonna a dhéanamh maidir lena gcuid riachtanas oiliúna agus oideachais agus dul isteach sa margadh saothair faoi dheireadh. Tugann torthaí luatha le tuiscint gur éirigh go maith leis an gcur chuige ó tá céatadán ard go maith de Thuismitheoirí Aonair a d'fhreastail ar na seisiúin eolais ag clárú le haghaidh clár reatha agus clár atá ar na bacáin.<br><br>**An Scéim Athbhreithnithe um Fhóirdheonts Tuarastail**<br>Leanadh den Scéim um Fhóirdheontas Tuarastail atá á maoiniú ag FÁS in 2009 d'fhonn dreasachtaí leanúnacha a chur ar fáil d'fhostóirí agus do dhaoine faoi mhíchumas |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | chun dul i mbun fostaíochta sa margadh saothair oscailte. Leanadh den Scéim Tacaíocht Fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas in 2009 chomh maith. San iomlán bhí breis is 1000 duine rannphháirteach i bhfostaíocht mar thoradh ar na scéimeanna seo le linn 2009.<br><br>Chuir an Roinn tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus cúnamh chun tuiscint a spreagadh ar fáil i gcónaí in 2009 trína bhuiséad FÁS chun cuimsiú daoine faoi mhíchumas san lucht saothair a chur chun cinn.<br><br>**Straitéis fhostaíochta uileghabhálach do dhaoine faoi Mhíchumas**<br>Bhíothas i mbun pléite i gcónaí in 2009 le Ranna Rialtais eile agus le gníomhaireachtaí stáit chun dréacht de Straitéis Fhostaíochta Uileghabhálach do dhaoine faoi mhíchumas a chur ar aghaidh. Is é is aidhm don straitéis seo ná aghaidh a thabhairt ar na cúinsí, na riachtanais agus na cumais éagsúla atá ag daoine faoi mhíchumas agus feabhas a chur ar oibriú agus ar éifeachtacht na dtacaíochtaí agus na seirbhísí go léir atá ag FÁS atá dírithe ar níos mó daoine faoi mhíchumas a chumasú chun dul isteach sa mhargadh saothair oscailte. Cuireadh an straitéis ar aghaidh tuilleadh i nGrúpa Tras-Earnála faoi cheannas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus na Roinne Sláinte agus Leanaí. Bhí ionadaithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó FÁS agus ó FSS sa ghrúpa seo chomh maith.<br><br>**Ciste Sóisialta na hEorpa**<br>Rinneadh athbhreithniú mór ar an gClár Oibriúcháin um Chaipiteal Daonna de chuid Chiste Shóisialta na hEorpa 2007-2013 in 2009. Mar fhreagra ar an athrú mór atá tagtha ar na cúinsí eacnamaíochta comhaontaíodh moltaí athbhreithnithe ag Cruinniú Choiste Mhonatóireachta an Chlár Oibriúcháin ar an 23 Meitheamh 2009 agus chomhaontaigh an Coimisiún Eorpach go foirmiúil iad i mí Dheireadh Fómhair 2009. Leis na moltaí bhíothas ag iarraidh an rannchuidiú ó Chistí Struchtúrtha an AE a uasmhéadú sa ngearrthréimhse agus sa meántréimhse mar chabhair i bhfianaise na géarchéime eacnamaíochta trí deimhin a dhéanamh de gur féidir cistí ón gCiste Sóisialta a tharraing anuas níos luaithe. Dá bhrí sin bhí gá leis an méid caiteachais réamh-mheasta iomlán den gClár Oibriúcháin a laghdú ó €1.35 billiún anuas go €906.70 milliún. Is é €375.352 milliún rannchuidiú an AE le Ciste Sóisialta na hEorpa i gcónaí. Athraíodh teidil an dá thosaíocht atá ann faoi láthair chun fíorchás an gheilleagair |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | agus an Clár Oibriúcháin, agus béim nua aige, a léiriú. Mar sin tugtar an teideal 'Gníomhachtú an Lucht Saothair a mhéadú' ar Thosaíocht 1 agus tá an teideal 'Rannpháirtíocht a mhéadú agus Neamhchomhionannas a laghdú san lucht saothair' ar Thosaíocht II. |
| 4. | Rannpháirtíocht éifeachtach a bheith againn i bpléite an AE maidir le beartas don margadh saothair. | Bhí an Roinn rannpháirteach i bpléite maidir le beartas don margadh saothair ar choiste um Fhostaíocht agus Gnóthaí Sóisialta agus ar choiste Fostaíochta agus i bhfoghrúpaí a bhaineann leo. Ina theannta sin chuir an Roinn go mór leis an gClár Athchóirithe Náisiúnta d'Éirinn.<br><br>**Fás Eacnamaíoch**<br>Tá athrú suntasach tagtha ar ionchas an gheilleagair. Tá laghdú 7.6% tagtha ar an olltáirgeacht intíre agus tá laghdú 10.7% tagtha ar an olltáirgeacht náisiúnta i Ráithe a ceathair de 2009 i gcomparáid le Ráithe a ceathair in 2008.<br><br>**An Lucht Saothair**<br>Amhail Ráithe a ceathair de 2009 bhí 2,155,200 duine san lucht saothair (daoine fostaithe + daoine dífhostaithe). Ba ionann sin agus laghdú 69,100, is é sin, 3.1% sa bhliain. Is é laghdú 53,700 ar rannpháirtíocht go mór mór is cúis leis an laghdú ar mhéid an mhargadh saothair.<br><br>Bhí an ráta rannpháirtíochta iomlán ag titim i gcónaí in 2009, ó 62,9% d'iomlán na ndaoine os cionn 15 bliana ó Ráithe a ceathair de 2008 go 61.2% i Ráithe a ceathair de 2009.<br><br>**Fostaíocht**<br>Ba shuntasach an laghdú a tháinig ar an bhfostaíocht in 2009. Bhí 166,900 duine (-8.1%) níos lú fostaithe sa bhliain go Ráithe a ceathair de 2008. Mar thoradh ar an laghdú seo ní raibh ach 1,887,700 duine i bhfostaíocht. Ba é 4.9% an laghdú ar an ráta fostaíochta iomlán (i measc daoine idir 15 agus 64 bliana d'aois) síos go 61.1%.<br><br>Thit líon na ndaoine fostaithe i 9 gcinn de 14 d'earnálacha eacnamaíochta cé gur tuairiscíodh méaduithe beaga sna cúig earnáil eile. Tharla an laghdú ba mhó in earnáil na foirgníochta, earnáil inár chaill 79,600 duine (36.8%) a bpoist.<br><br>**Fostaíocht de réir Náisiúntachta**<br>I Ráithe a ceathair de 2009 ba eachtrannaigh iad beagáinin níos mó ná 13.5% d' iomlán na ndaoine fostaithe. Tháinig laghdú 50,000 (-16.4%) ar líon na n-eachtrannach i |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | bhfostaíocht sa bhliain. Thit líon na n-eachtrannach i bhfostaíocht i mórchuid na n-earnálacha eacnamaíochta ach tuairiscíodh na laghduithe ba mhó i bhfoirgníocht, mórdhíol agus miondhíol, i ndeisiúchán feithiclí mótair agus gluaisrothar agus sa Tionscal.<br><br>**Dífhostaíocht**<br>Bhí 267,400 duine dífhostaithe (189,100 fear agus 78,400 bean) i Ráithe a ceathair de 2009. Méadaíodh ar an r 4 of 2009. Mhéadaigh an ráta dífhostaíochta ó 7.6% go 12.4% sa bhliain. Bhí an ráta dífhostaíochta céanna againn i 1995. Bhí 15.7% d'fhir dífhostaithe agus bhí 8.3% de mhná ar an mbeochlár. Bhí 89,100 duine dífhostaithe go fadtéarmach agus méadú suntasach a bheith tagtha ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmach, suas go 4.1%.<br><br>**Ciste Sóisialta na hEorpa**<br>Cuireadh tús le cúig cinn déag as seacht gcinn déag de ghníomhaíochtaí beartaithe sa Chlár Oibriúcháin um Chaipiteal Daonna 2007-2013 le linn 2009. Táthar ag súil le tús a chur le dhá thogra ar tograí trasnáisiúnta iad agus nach bhfuil tosaithe fós in 2010, áfach. Ní thugtar maoiniú a thuilleadh do thogra amháin, is é sin, Oiliúint do Dhaoine faoi Mhíchumas (an Tosaíocht dar teideal Rannpháirtíocht a mhéadú agus Neamhchomhionannas a laghdú san lucht saothair) faoin gClár Oibriúcháin um Chaipiteal Daonna mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar an gClár in 2009.<br><br>Bhí gá le hord tosaíochta nua a chur ar idirghabhálacha a maoinítear as Ciste Sóisialta na hEorpa d'fhonn tacú le cuspóirí beartais a dhírítear níos mó de réir a chéile ar an lucht dífhostaithe agus ar lucht cuardaigh fostaíochta. Leis na moltaí bhíothas ag iarraidh freagra a thabhairt do na srianta atá ar an airgeadas poiblí atá mínithe thuas. Chomh maith leis sin bhí sé i gceist méid na gcistí a bhí le tarraingt anuas ón gCiste Sóisialta a uasmhéadú go tráthúil i gcomhréir leis an ngá le haghaidh a thabhairt le cás eacnamaíochta na tíre. Leis na hathruithe táthar chun a chinntiú go mbainfear cuspóirí tábhachtacha eacnamaíochta agus sóisialta an Chlár Oibriúcháin amach d'ainneoin an athruithe atá tagtha ar na cúinsí sóch-eacnamaíocha agus ar an mbuiséad.<br><br>Bíodh is dtéann na hathruithe seo i bhfeidhm ar leithdháiltí airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí áirithe sa Chlár Oibriúcháin ní thagann aon athrú ar bhéim agus ar chuspóir straitéiseach iomlán an Chláir ach beifear ag cloí |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | leis na tosaíochtaí a aithníodh dó faoin gCreat Tagartha Straitéiseach Náisiúnta d'Éirinn.<br><br>Ba é €281.116 milliún caiteachas iomlán an Chlár Oibriúcháin um Chaipiteal Daonna in 2009. Ba é €115.305 milliún an méid a caitheadh as Ciste Sóisialta na hEorpa sa tréimhse. Tá €299.525 milliún (is ionann sin agus 79.80%) den leithdháileadh iomlán ón gCiste Sóisialta arb é €375.362 milliún é san iomlán do shaolré an Chláir caite go dtí seo.<br><br>**Caiteachachs agus gníomhaíochtaí FÁS**<br>Bhí an Roinn rannpháirteach san obair a rinneadh chun freagraí a aimsiú agus a fhorbairt maidir le tosaíochtaí oiliúna agus margadh saothair, go háirithe tríd na moltaí a rinne sí chun Ráiteas Straitéise FÁS 2006-2009 a cheapadh. De bharr nach raibh aon fheabhas ag teacht ar an timpeallacht eacnamaíoch agus mar thoradh ar líon na ndaoine dífhostaithe sa lucht saothair a bheith ag dul i méid bhíothas ag díriú go príomha ar oiliúint, breisoiliúint agus oiliúint nua a chur ar lucht saothair na tíre in earnálacha den margadh saothair atá ríthábhachtach agus atá ag teacht chun cinn. Bhí ról fíorthábhachtach ag FÁS agus ábhair a chuid seirbhísí oiliúna á gcur in oiriúint aige chun tabhairt faoi na dúshláin a chuireann an lagtrá eacnamaíochta romhainn: sheachadaigh sé cláir oiliúna agus fostaíochta agus d'oibrigh sé as láimh a chéil leis an tionscal chun a chinntiú go raibh a chuid seirbhísí ag freastal ar riachtanais na bhfostóirí.<br><br>Leithdháileadh tuairim is €1.010 billiún do ghníomhaíochtaí oiliúna agus fostaíochta de chuid FÁS in 2009. Ba ionann sin agus laghdú 6.1% ar mhaoiniú i gcomparáid leis an leithdháileadh a tugadh in 2008. Infheistíodh tuairim is €415 milliún i gcláir oiliúna le linn 2008. Infheistíodh na hacmhainní go háirithe chun oiliúint scileanna bhreise a sholáthar dóibh siúd a bhí dífhostaithe agus ar chaill mórán díobh a gcuid post mar thoradh díreach ar an gcor chun donais eacnamaíoch, is dócha. Áiríodh air sin soláthar gearrchúrsaí lánaimseartha thar dhisciplíní éagsúla d'fhonn freastal ar riachanais oiliúna láithreacha a bhí ag daoine dífhostaithe oilte agus cáilithe, chun go gcuirfidís lena gcuid scileanna d'fhonn filleadh ar fhostaíocht.<br>Leanadh de bheith ag infheistiú chomh maith, i mbreisoiliúint a chur orthu siúd a bhí i bhfostaíocht, chomh maith. Seachadadh 10,000 idirghabháil oiliúna sainchuideachta, nach mór, faoin gClár Forbartha |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Inniúlachta in 2009 d'oibrithe ag gach leibhéal. Ba chabhair é seo chun a chinntiú go gcoinneoidh lucht saothair na hÉireann a chumas iomaíochta san ionad margaidh nuair a chasfaidh an taoide i ngeilleagar na hÉireann. De bhreis air seo chuir 15,000 printíseach, nach mór, céim dá n-oiliúint lasmuigh den phost i gcrích.<br><br>Cuireadh acmhainní isteach leis, i soláthar cláir oiliúna a bhí ceaptha chun cabhrú leo siúd a bhí as obair le fada an lá, a bhí faoi eisiamh sóisialta agus le mná chun dul isteach sa margadh saothair agus chun a gcuid deiseanna maidir le filleadh ar fhostaíocht a fheabhsú.<br><br>Ar an iomlán chríochnaigh 77,000 duine, nach mór, a bhí ag cuardach fostaíochta clár oiliúna FÁS le linn 2009.<br><br>Cuireadh breis is €435 milliún ar leataobh in 2009 maidir le soláthar cláir fostaíochta. Áirítear orthu seo an Clár Tionscnaimh Post a chuireann fostaíocht lánaimseartha ar fáil do dhaoine atá os cionn 35 bliana d'aois agus atá dífhostaithe le breis is 5 bliana anuas; an Clár Fostaíochta Pobail a chabhraíonn le daoine atá gan post le tréimhse fhada filleadh ar obair. Cabhraíonn an clár leo dul i dtaithí ar an ngnáthamh oibre as an úr agus taithí na dífhostaíochta a bhriseadh; agus an Clár Fostaíochta faoi Thacaíocht: tionscnamh gníomhach maidir leis an margadh saothair chun cabhrú le lucht cuardaigh fostaíochta faoi mhíchumas fostaíocht a aimsiú sa margadh saothair oscailte. Bhí beagáinín ní ba mhó ná 36,000 duine rannpháirteach i gclár fostaíocht in 2009. Is ionann sin agus ardú 10% i gcomparáid leis an bhliain roimhe sin.<br><br>Bíonn cruinnithe rialta ar siúl ag an Roinn le FÁS chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn atá déanta agus chun a chinntiú go ndéantar an straitéis agus an maoiniú a chur in oiriúint do na tosaíochtaí de réir mar a bhíonn siad ag athrú. Déantar monatóireacht ar chaiteachtas agus ar ghníomhaíocht go leanúnach agus déantar athbhreithniú criuinn ar scéimeanna ar leith de réir mar is gá.<br><br>Bhí obair ar siúl ar athbheithniú ar Luach ar Airgead an Chláir um Fhorbairt Inniúlachta de chuid FÁS ar sás é atá ceaptha chun scileanna fostaithe sonraithe in earnálacha ar leith a fheabhsú.<br><br>In 2008 d'fhogair an Roinn Athbhreithniú ar na cláir margadh saothair go léir atá á maoiniú aici, iad siúd atá á |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | soláthar ag FÁS san áireamh. Dúradh go ndéanfaí gach clár reatha a iniúchadh san Athbhreithniú i ndáil lena éifeachtúlacht agus lena chríochnúlacht agus i bhfianaise na ndúshlán a ghabhann le beartas margadh saothair san am atá romhainn, an Straitéis Scileanna Náisiúnta san áireamh. Bhíothas ag gabháil don obair ar an Athbhreithniú i gcónaí in 2009.<br><br>I mí na Nollag 2009 d'fhógair an Tánaiste a bhí in oifig an uair sin go ndéanfaí athbhreithniú inmheánach ar luach ar airgead ar an Tionscnamh Dúshlán Eolaíochta de chuid FÁS. Mar thoradh ar thuarascáil agus moltaí an Athbhreithnithe agus i bhfianaise an ghéarchoir chun donais eacnamaíochta mar aon leis an tuiscint nach mór do FÁS díriú isteach ar a chuid croífheidhmeanna, is é sin, tionscnamh oiliúna don lucht dífhostaithe a raibh a líon ag dul i méid an t-am ar fad d'ordaigh an Tánaiste i mí Bhealtaine 2009 an Tionscnamh a thabhairt chun críche a luaithe agus a bhí a chuid ceangaltas airgeadais comhlíonta aige.<br><br>Ar an 24 Aibreán 2009 d'fhaomh an Tánaiste a bhí in oifig an uair sin ceapachán an Uas. Paul O'Toole mar Ardstiúrthóir FÁS i gcomharbas ar an Uas. Eddie Sullivan a bhí i mbun an phoist sin go sealadach.<br><br>Le linn 2009 ullmhaíodh reachtaíocht chun an tAcht Seirbhísí Saothair 1987 a leasú d'fhonn foráil a dhéanamh do struchtúr rialachais agus freagrachta níos láidre i bhFÁS. Achtaíodh an reachtaíocht leasúcháin, an tAcht Seirbhísí Saothair (Leasú) 2009, ar an 9 Nollaig 2009. Is é atá san Acht seo ná foráil go bhfuil an tArdstiúrthóir cuntasach don Oireachtas. Chomh maith leis sin tugann sé cosaint do bhaill den bhfoireann a dhéanann "sceithireacht" ar mhíghníomh tromchúiseach san eagraíocht. Bhí an tAcht le teacht i bhfeidhm ar an 20 Eanáir 2010, tráth a bhíothas chun Bord nua a cheapadh do FÁS nach bhfuil ach 11 bhall air, Ardstiúrthóir na heagraíochta san áireamh.<br><br>Tá glactha le Cód Cleachtais ag FÁS maidir le Rialachas Eagraíochtaí Stáit de réir mar a nuashonraíodh é i mí Bhealtaine 2009 agus tá céimeanna glactha aige chun a chinntiú go ndéantar de réir an Chóid i ngach gné dá chuid oibríochtaí. Le dhá bhliain anuas agus mar thoradh ar thuarascálacha leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le Fógraíocht agus Cur chun cinn agus maidir le fadhbanna Rialachais tá soiléiriú déanta ag FÁS ar a chuid |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | nósanna imeachta agus tá rialú inmheánach neartaithe aige, feidhmeanna iniúchóireachta agus soláthair san áireamh. |
| 5. | Comhar gníomhach agus comhordú Thuaidh/Theas a chur chun cinn i ndáil le ceisteanna a bhaineann leis an margadh saothair. | In 2009, bhí FÁS rannpháirteach sa Chlár *Wider Horizons*. Tá an clár seo dírithe ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch atá idir 18 agus 28 mbliana d'aois. Is é is aidhm don gclár ná cur le deiseanna fostaíochta trí oiliúint ghairme, taithí oibre agus oiliúint i bhforbairt phearsanta a chur ar fáil san dá áit, sa bhaile agus thar lear. In 2009 bhí 608 nduine óg rannpháirteach sa chlár *Wider Horizons* i 29 dtogra. Ba as pobail Náisiúnacha agus Aontachtacha sa Tuaisceart iad na rannpháirtithe agus as pobail faoi mhíbhuntáiste in aice na teorann agus i mBaile Átha Cliath araon.<br><br>Bhí an Chomhpháirtíocht Thrasteorann EURES ina hóstach don cheathrú Comhdháil bhliantúil de chuid FÁS/Roinn Oideachais agus Foghlama Thuaisceart Éireann in Inis Ceithleann ar an 17 Meitheamh 2009. D'fhreastal breis is 30 toscaire ar an gComhdháil seo a raibh Stiúrthóirí an dá eagraíochta i gceannas uirthi. Ba ionadaithe ar fhoirne bainistíochta an dá eagraíochta iad na toscairí. Bhí toradh fíormhaith ar an gComhdháil sa mhéid gur éirigh léi an caidreamh idir an dá eagraíocht a fhorbairt tuilleadh.<br><br>Chuir an Chomhpháirtíocht Thrasteorann EURES ócáid eolais dar teideal "Bus feadh na Teorann" ar siúl chomh maith. Lean an ócáid seo ar aghaidh ar feadh seachtaine i mí an Mhárta 2009. Stad an bus in ocht mbaile, Leitir Ceanainn agus an Srath Bán san áireamh. Bhí an ócáid i Leitir Ceanainn le bheith i gcomhthráth le Seachtain Fiontair Dhún na nGall. |
| 6. | Obair as láimh a chéile le Rannáin eile den Roinn agus le Ranna agus gníomhaireachtaí eile d'fhonn ár gcuid cuspóirí a bhaint amach. | Bhí an Roinn ag obair go gníomhach as láimh a chéile le Ranna eile agus le gníomhaireachtaí chomh maith, chun aghaidh a thabhairt ar an méadú ar dhífhostaíocht. Mar chuid den obair seo bhí an Roinn rannpháirteach i gCoiste Comh-aireachta um Athnuachan na hEacnamaíochta agus na struchtúir tacaíochta a ghabhann léi. Agus í mar chuid den gCoiste seo ghlac an Roinn páirt i gceapadh na mbeartas a ghlacann an Rialtas maidir le gníomhachtú an mhargadh saothair. |

# CRANN TACA 4 Rialáil Gnó níos fearr agus an Tomhaltóir

## Sprioc Ardleibhéil

A chinntiú go n-éascaíonn an coras rialála gnó iomaíocht san ionad margaidh mar aon le cosaint tomhaltóirí d'ardchaighdeán agus rialachais chorparáidigh.

Le linn 2009 lean an Roinn uirthi ag cur chun cinn timpeallacht rialála gnó a thacaíonn le hionad margaidh iomaíoch, ina bhfuil a laghad ualach rialála agus is féidir agus ina gcinntítear ag an am céanna go bhfuil leibhéal ard cosanta ag an tomhaltóir. Leanadh den obair ar chun na hualaigh riaracháin atá ar ghnóthais i réimse Dlí n agCuideachtaí, Dlí Fostaíochta agus Dlí Sláinte agus Sábháilteachta a laghdú. Rinne baill ghnó den Ghrúpa Ardleibhéil um Rialú Gnó na hualaigh riaracháin sa réimse seo a thomhas agus a bhailíochtú ina dhiaidh sin.

Mar thoradh ar an anailís a rinne Forfás in 2008 ar an gcostas difreálach atá ar gnó a dhéanamh i bPoblacht na hÉireann i gcomparáid le Tuaisceart Éireann agus leis an Ríocht Aontaithe d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a staidéar ar an earnáil mhiondíola allmhairithe/dáileacháin i mí Mheithimh 2009. Ba iad an Tánaiste agus an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a choimisiúnaigh an tuarascáil seo d'fhonn a dhearbhú conas a oibríonn iomaíocht sa réimse áirithe seo. Sa tuarascáil seo aithníodh tosca atá ina gcúis, i bpáirt, le praghsanna miondíola níos airde i bPoblacht na hÉireann. Beidh torthaí na tuarascála mar bhunús ag beartas tomhaltóra agus iomaíochta a cheapfar don réimse seo go luath.

I réimse an Dlí Chuideachta, cuireadh reachtaíocht leasúcháin shuntasach i bhfeidhm go rathúil le linn 2009. D'fhreagair Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 do dheiseanna nua gnó a d'aithin tionscal na gcistí comhinfheistíochta. Leis an Acht seo tugtar isteach sás a ligeann do chudeachtaí cistí i ndlínsí forordaithe a n-oifigí cláraithe a aistriú go hÉirinn gan a bheith orthu foirceannadh ina ndlínsí baile ar dtús. Mar thoradh ar achtú Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009 méadaíodh na riachtanais nochtaithe maidir le cuntais bhliantúla

cuideachtaí baincéireachta i ndáil le hiasachtaí a thugann siad dá stiúrthóirí agus dóibh siúd a bhaineann leo. Rinneadh dul chun cinn in 2009 leis, ar an mBille um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Cuideachtaí.

Maidir le Treoracha Eorpacha i dtaobh Dlí na gCuideachtaí, d'éirigh linn an Treoir um Chearta Scairshealbhóirí agus leasuithe ar an Treoir um Chuntais Bhliantúla agus Comhdhlúite a thrasuíomh le linn 2009. De bheis air sin leanadh den obair ar leasuithe ar an Treoir Réamheolairí, an Treoir um Iniúchtaí Reachtacha agus ar mholadh ón gCoimisiún i dtaobh Cuideachta Príobháideach Eorpach. Is é is aidhm don Rialachán maidir le Cuideachta Príobháideach Eorpach ná cabhrú le Fiontair Bheaga agus Meánmhéide Eorpacha gnó a dhéanamh trasna teorainneacha. Chuige seo tairgtear cruth dlí Eorpach dóibh atá bunaithe ar prionsabail dhlí cuideachtaí chomhchoiteann atá curtha in oiriúint do shainriachtanais Fiontar Beaga agus Meánmhéide.

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 1. | An t-ualach riaracháin atá ar an earnáil ghnó a laghdú i réimse fregreachtaí beartais na Roinne agus barrchleachtas a chur chun cinn thar Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais san obair a bhaineann le ualaigh riaracháin a laghdú an oiread agus is féidir. | Tá dul chun cinn déanta ag an nGrúpa Ardleibhéil um Rialú Gnó ar thríocha ceann de shaincheisteanna rómhaorlathais agus tá sé ag obair leis i gcónaí chun teacht ar réitigh i dtaobh ocht gcinn is tríocha eile. Tá béim láidir á cur ag an nGrúpa ar tograí tras-Rialtais a bhunú agus tacú leo d'fhonn dúblú iarratas ar shonraí maidir le gnó a laghdú. Is fiú trí phríomhshampla a lua: an éascaíocht a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim trí ríomh-shíniú a úsáid do chuideachtaí ar mhaith leo comhadú leictreonach a dhéanamh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, an cumas tuarscálacha a fháil i bhformáid XBRL (teanga tuairiscithe ghnó inbhreisithe), agus an comhaontú go mbainfidh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí sonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim trí comhaitheantóir gnó comhaontaithe, d'fhonn an gá a laghdú atá le suirbhéireacht dhíreach a dhéanamh ar ghnóthais.<br><br>Bhreithnigh an Grúpa Ardleibhéil an dul chun cinn atá déanta ag an nGrúpa Oibre um Fhorfheidhmniú Bunaithe ar Riosca a thionóil an Roinn chun barrchleachtas a roinnt agus chun deiseanna comhoibrithe a fhorbairt idir gníomhaireachtaí iniúchóireachta agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe. Ghabh an Grúpa Oibre air féin cur chuige ríthábhachtach ina nglactar céimeanna chun teacht ar chleachtas forfheidhmithe níos éifeachtaí atá bunaithe ar chomhroinnt sonraí agus as a leanann anailís riosca níos fearr chomh maith le feabhas ar an tslí ina n-aimsítear gnothais neamh-chomhlíontacha. Is dóigh leis an nGrúpa Ardleibhéil go mbeidh éifeachtúlachtaí níos fearr mar thoradh ar an obair seo do na gníomhaireachtaí lena mbaineann agus laghdófar na hualaigh riaracháin a bhíonn ar ghnóthais chomhlíontacha.<br><br>Rinneadh ualaigh riaracháin i nDlí na gCuideachtaí, i nDlí Fostaíochta agus i nDlí Sláinte agus Slándála a thomhas agus bhailíochtaigh baill ghnó den Ghrúpa Ardleibhéil iad ina dhiaidh sin. Go dtí seo tá coigiltis €20 milliún in aghaidh na bliana tuairiscithe ag an nGrúpa Ardleibhéil do ghnóthais.<br><br>Le linn don obair seo a bheith idir lámha scrudaigh an Grúpa Idir-ranna d'ionadaithe na Ranna an reachtaíocht ar fad a bhaineann le gnó agus chuir in ord tosaíochta í. Rinne siad an obair seo mar chuid dá bhfreagracht na Dualgais Tuairiscithe is tábhachtaí a aithint chun go ndéanfaí iad a thomhas. |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 2. | Tacú leis na heagraíochtaí rialála a phléann le hiomaíocht, cosaint tomhaltóirí agus Dlí na gCuideachtaí (An tÚdarás Iomaíochta, An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthora um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Cláraitheoir na gCara-chumann, an tÚdarás Iniúchóireachta agus Caighdeáin Chuntasaíochta in Éirinn agus an Painéal Táthcheangail na hÉireann) agus a chinntiú go mbeidh cuntasacht chuí éifeachtach i bhfeidhm maidir lena gcuid oibre. | Leithdháiltear acmhainní airgeadais go bliantúil ar eagraíochtaí rialála a bhfuil d'fhreagracht orthu iomaíocht, cosaint tomhaltóirí agus dlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú. Le linn 2009 bhí monatóireacht de réir a reachtaíochta rialaithe agus na nósanna imeachta is fearr maidir le rialachas corparáideach á déanamh i gcónaí ar mhaoiniú na nOifigí agus na nGníomhaireachtaí seo a thugtar dóibh chun a gcostais oibriúcháin a ghlanadh. |
| 3. | Margaí láidre a bhfuil cumas iomaíochta acu a chur chun cinn i ngach earnáil den gheilleagar. | **Moltaí ón Údarás Iomaíochta**<br>Bíonn feidhm ríthábhachtach ag beartas iomaíochta de ghnáth maidir le feabhas a chur ar chumas iomaíochta geilleagair, go háirithe i ngeilleagar beag oscailte cosúil le hÉirinn. Is ríthabhachtach an rud é atógáil iomaíochas costais na hÉireann chun cobhsaíocht eacnamaíoch a athbhunú.<br><br>Agus í ag comhlíonadh a ghealltanais atá luaite i *Building Ireland's Smart Economy,* go "bhfoilseoidh sí freagairt uile-Rialtais do mholtaí atá i dtuarascálacha an Údarás Iomaíochta laistigh de naoi mí tar éis iad a bheith foilsithe" chuir an Roinn, i gcomhar leis an Údarás Iomaíochta agus leis gComhairle Náisiúnta Iomaíochta, liosta le chéile le linn 2009 ina luaitear 21 mholadh ón Údarás Iomaíochta in ord tosaíochta de réir na héifeachta atá acu ar chumas iomaíochta.<br><br>Thug an Rialtas ar dhul chun cinn dá aire a rinneadh maidir le Moltaí an Údarás Iomaíochta a chur i ngníomh i mí an Mhárta 2010 agus éisíodh ráiteas Rialtais ar an 8 Aibreán 2010. Faoin am sin bhí 40% de na moltaí a rinne an tÚdarás idir 2000 agus 2009 curtha i ngníomh agus bhí 9% eile díobh á bpróiseáil.<br><br>**Staidéar ar an Earnáil allmhairithe/dáileacháin a bhaineann le Miondíol**<br>D'iarr an Tánaiste agus Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a bhí in oifig ag an am sin, Máire Ní Chochláin T.D. ar an Údarás Iomaíochta staidéar a dhéanamh ar an earnáil allmhairithe/dáileacháin a bhaineann le miondíol agus tuairisciú di faoin 30 |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Aibreán 2009.<br><br>Rinne sí an t-iarratas seo i gcomhthéacs tuarascála ó Fhorfás ón mbliain 2008 ar na costais a ghabhann le hoibríocht miondíola a reáchtáil in Éirinn agus inar mhol Forfás gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí iomaíochta san earnáil allmhairithe/dáileacháin a bhaineann le miondíol agus go measfaí san athbhreithniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil easpa iomaíochta ag cur isteach ar na tairbhí a thagann as laige an phunt steirling a bheith ag dul chun sochair don tomhaltóir i bpraghsanna níos lú.<br><br>Dhírigh tuarascáil an Údaráis a foilsíodh i mí Mheithimh 2009 ar earnálacha na n-earraí grósaera, éadaí agus cógasaíochta. Fuair an tÚdarás amach gur minic go ngearrann soláthraithe i bPoblacht na hÉireann praghsanna níos airde ná a gcontrapháirtithe i dTuaisceart Éireann. Thaispeáin an tuarascáil chomh maith, áfach go bhfuil athrú ag teacht ar mhodhanna siopadóireachta na dtomhaltóirí de bharr go bhfuil siad ag éirí níos íogaire maidir le praghsanna de. Cuireann a leithéid d'iompar siopadóireachta iallach ar mhiondíoltóirí agus a gcuid soláthraithe a gcuid praghsanna a laghdú.<br><br>Braitheann cinneadh an mhiondíoltóra a chuid praghsanna a laghdú mar fhreagairt d'iompar siopadóireachta ar an leibhéal iomaíochta atá san earnáil mhiondíola agus ar chumas an mhiondíoltóra soláthraí eile a roghnú nó idirbheartaíocht a dhéanamh ar phraghsannalena sholáthraithe. Is iad cúiseanna eile atá le praghsanna miondíola níos airde i bPoblacht na hÉireann ná an costas ard a ghabhann le gnó a dhéanamh, na dlíthe pleanála, ioncaim indiúscartha níos airde agus gan éifeacht iomlán a bheith ag athruithe ar ráta mhalartaithe ar phraghsanna earraí allmhairithe. |
| 4. | Leas an tomhaltóra a chur chun cinn agus a chosaint de réir barrchleachtais idirnáisiúnta. | **An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin**<br>Cuireadh an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin ar bun i mí na Samhna 2008 faoi chathaoirleacht an Ollaimh Robert Clark chun athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht a bhaineann le díolachán earraí agus le soláthar seirbhísí agus chun moltaí a dhéanamh i dtaobh an dlí seo a nuachóiriú agus a athchóiriú. Is iad na príomhreachtanna atá athbhreithniú á dhéanamh orthu ná an tAcht um Dhíol Earraí 1893 agus an tAcht um Dhíol Earraí agus |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Soláthar Seirbhísí 1980. Faoi na téarmaí tagartha atá ag an nGrúpa Athbhreithnithe tá air na forálacha a scrúdú a ghabhann le Treoir bheartaithe an AE maidir le Cearta Tomhaltóra agus an tionchar a mheas a imreoidh sí seo ar chearta agus ar dhlí tomhaltóirí na tíre seo. Foilsíodh páipéar seasaimh faoin Treoir bheartaithe i mí Mheithimh 2009. Táthar ag súil go gcríochnóidh an Grúpa Athbhreithnithe a chuid oibre in 2010.<br><br>**An Treoir bheartaithe ar Chearta Tomhaltóirí**<br>Sa mholadh maidir le Treoir um Chearta Tomhaltóirí a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2008 tugtar le chéile ceithre Threoir atá ann cheana féin i bhfoirm chomhdhlúite agus tugtar cothrom le dáta iad. Is iad seo a leanas na Treoracha a chuimsítear sa Treoir nuabheartaithe: (i) díol ó dhoras go doras, (ii) díolacháin ó chéin, (iii) díolachán earraí tomhaltóra agus ráthaíochtaí, agus (iv) téarmaí conartha éagóracha.<br><br>Is é is aidhm don Treoir bheartaithe ná cabhrú chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh idir gnó agus an tomhaltóir, agus leibhéal ard cosanta don tomhaltóir a bhaint amach trí lán-chomhchuibhiú a dhéanamh ar na príomhghnéithe conarthaí tomhaltóra a bhaineann leis an margadh inmheánach. Chuirfeadh bonn lán-chomhchuibhithe na Treorach bac ar bhallstáit forálacha reachtaíochta náisiúnta a choinneáil a bheadh níos leithne ná na forálacha atá sa Treoir í féin. Is ionstraimí comhchuibhithe ar an leibhéal is ísle iad na ceithre Threoir atá i bhfeidhm faoi láthair. Ligeann siad do bhallstáit cosaintí breise a chur i bhfeidhm.<br><br>Bhí an Treoir bheartaithe á breithniú go cruinn ag an bPáirtí Oibre um Chosaint agus Eolas do Thomhaltóirí in 2009. Reáchtáladh cruinniú ar sheacht lá is fiche san iomlán chun an Treoir a phlé.<br><br>**Cód Cleachtais do Ghnóthais Earraí Grósaera**<br>Sa Chlár athnuaite don Rialtas tá gealltanas ar leith tugtha go "gcuifear Cód Cleachtais i bfheidhm maidir le gnó a dhéanamh in earnáil na nEarraí Grósaera chun trádáil chóir a chur chun cinn idir lucht miondíola agus a gcuid soláthraithe" agus go "ndéanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn an Chóid agus cód éigeantach a chur i bhfeidhm más gá". |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Tá sé i gceist feidhm a thabhairt don ghealltanas seo trí shainfhoráil a chur isteach sa reachtaíocht atá á hullmhú faoi láthair chun an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta a chumasc. Dá réir sin is féidir Cód Iompair reachtúil a thabhairt isteach in earnáil na n-earraí grósaera.<br><br>**Cumasc na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta**<br>D'fhógair an tAire Airgeadais ina ráiteas buiséid i mí Dheireadh Fómhair 2008 go gcumascfar an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta. Leanadh de bheith ag ullmhú reachtaíochta lena dtabharfar éifeacht don chumasc ar feadh 2009 ar fad. Lasmuigh de bheith ag cumasc an dá eagraíochta déanfaidh an reachtaíocht seo athshonrú ar na Nósanna Tráchtála Éagóra. Ina theannta sin athshonrófar inti forálacha áirithe na nAchtanna Iomaíochta agus leasófar iad d'fhonn an t-athbhreithniú ar an dlí iomaíochta agus obair an Ghrúpa Comhairleach um Chumasc Meán a chur san áireamh.<br><br>**Feidhm Eolais do Thomhaltóirí a aistriú ó Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann chuig an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí agus í a chomhshamhlú**<br>I mí Mheithimh 2009 d'fhógair an Rialtas go raibh i gceist aige eagraíocht rialála aonair lán-chomhtháite a bhunú d'earnáil na seirbhísí airgeadais, is é sin, Coimisiún an Bhanc Ceannais. Mar chuid den chinneadh seo shocraigh an Rialtas feidhmeanna an Rialtóir Airgeadais (Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann) maidir le heolas agus oideachas do thomhaltóirí a thabhairt don Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí. Sular achtaíodh an reachtaíocht riachtanach chun an Coimisiún a bhunú agus na feidhmeanna tomhaltóirí réamhráite a athshannadh svníodh comhaontú chun éifeacht a thabhairt d'aistriú na freagrachta ó thaobh riaracháin de.<br><br>**Méadreolaíocht Dhlíthiúil**<br>Le linn 2009 d'éirigh le Seirbhís Méadreolaíochta Dlítiúla de chuid Údaráis Náisiúnta Caighdeán na hÉireann Scéim Fíoraitheora Údaraithe a chur i |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | bhfeidhm a chuimsíonn faomhadh ó 16 oibritheoir fíoraithe nua. Is fíorthábhachtach an rud é cruinneas na gcaighdeán tomhais a chothabháil chun a chinntiú go mbíonn muinín ag tomhaltóirí. Rinneadh cigireachtaí i 7,000 áitreabh agus feithicil, nach mór, ar fud na tíre. |
| 5. | Monatóireacht a dhéanamh ar an mBord Díobhálacha Pearsanta agus cabhrú leis a mhisean a chomhlíonadh. | Déanann an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta a cuireadh ar bun i mí Aibreáin 2004 trádáil faoin ainm InjuriesBoard.ie. Phléigh sé le 26,000 éileamh um díobhlálacha pearsanta, nach mór, in 2009 agus rinne sé breis is 8,600 meastóireacht. Bronneadh íocaíochtaí €200 milliún in 2009 ar éilitheoirí. Meastar gur sábháladh beagáinín níos mó ná €44 milliún go díreach i gcomparáid leis an airgead a caitheadh faoi scéim na dlíthíochta.<br><br>Ba é an t-achar ama a thógadh sé an próiseas éilimh a chur i gcrích (ón dáta a thoiligh na freagróirí go ndéanfadh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta an t-éileamh a mheas) ná níos lú ná 7 mí. Is fearr go mór é seo ná an tréimhse 36 mí, ar an meán, a thógadh sé éilimh dá leithéid a phróiseáil tríd na Cúirteanna: rinneadh measúnú ar gach aon chás laistigh den achar ama reachtúil, is é sin, laistigh de naoi mí.<br><br>Faigheann an Bord a phríomhioncam as táillí €1,050 agus €50 a ghearrann sé ar fhreagróirí agus ar éilitheoirí faoi seach. Lean sé dá chuid oibríochta trí bheith á mhaoiniú féin in 2009.<br><br>Le linn 2009 thacaigh an Roinn leis an mBord agus é ag obair chun a chinntiú, de réir a mhisin, go mbeidh ar a chumas na sochair seo a chur ar fáil do thomhaltóirí agus don tsochaí. |
| 6. | A chinntiú go mbeidh Acht um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí achtaithe faoi 2010. | D'earcaigh an Roinn beirt thaighdeoir dlí chun an próiseas dréachtaithe le haghaidh Scéim Ghinearálta an Bhille um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí a tosaíodh i mí na Nollag 2007 a chur ar aghaidh. Chuir siad tús leis an obair i mí Eanáir 2009. Rinneadh dul chun cinn maith le linn 2009 ar an obair chasta atá i gceist le dréachtaí a dhéanamh de chomhchodanna an Bhille a fhreagraíonn do Chrann Taca A den Scéim Ghinearálta agus a sheasann don dlí a bheidh i bhfeidhm maidir le cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (an cineál cuideachta is coitianta in Éirinn).<br>Is amhlaidh a rinneadh an obair seo ag an am céanna agus a bhí an dá Acht Cuideachtaí nua á thabhairt |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | isteach i Leabhar na Reachtaíochta, is é sin, in 2009, Beidh forálacha ábhartha an dá Achta seo ag teacht leis an mBille um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí.<br><br>Tá sé beartaithe go mbeidh dréachtú Crann Taca A críochnaithe faoi dheireadh 2010. Maidir le Crann Taca B (ina bpléitear foirmeacha corparáideacha eile ar nós cuideachtaí teoranta poiblí), meastar go mbeidh an chuid seo críochnaithe faoi dheireadh 2011. Dá réir sin táthar ag súil go mbeidh an Bille iomlán ullamh lena fhoilsiú go luath in 2012. |
| 7. | Cabhrú chun creatlach reachtach sholúbtha a fhorbairt do na meáin chorparáideacha ar úsáideann tionscal na seirbhísí airgeadais iad. | Achtaíodh dhá Acht na gCuideachtaí leasúcháin in 2009. Tá forálacha san dá cheann a théann i bhfeidhm ar tionscal na seirbhísí airgeadais.<br><br>In Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009 méadaítear na nochtaithe atá riachtanach i gcuntais bhliantúla de chuid cuideachtaí baincéireachta maidir le hiasachtaí a thugtar dá stiúrthóirí agus dóibh siúd a bhaineann leo. Tugadh an beart seo isteach i bhfianaise eachtraí a tharla san earnáil bhaincéireachta agus comhlánaíonn sé na leasuithe mionsonraithe a rinne an Rialtóir Airgeadais ar na coinníollacha a ghabhann le ceadúnais baincéireachta.<br><br>Mar fhreagra ar dheiseanna gnó nua a aithníodh i dtionscal na gcomhchistí infheistíochta tugadh sás isteach in Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 lena tugtar cead do chuideachtaí cistí i ndlínsí forordaithe a n-oifigí cláraithe a aistriú go hÉirinn gan a bheith orthu foirceannadh ar dtús ina ndlínsí baile. Déanfaidh an Rialtóir Airgeadais maoirseacht agus rialú ar na cistí seo. Tá foráil déanta do shás den gcineál céanna le haghaidh aistriú amach chomh maith. Cuireadh tús leis na sásanna le haghaidh aistriú isteach agus aistriú amach araon in 2010, tráth ar forordaíodh sé dhlínse chun na críocha seo.<br><br>De bhreis ar na tionscnaimh seo thug an Roinn soiléiriú, mar fhreagra ar iarratas ón tionscal cistí, maidir leis an tslí ina bpléitear le cuideachtaí cistí infheistíochta liostaithe sna Rialacháin a ghabhann le leasuithe a thrasuíomh chuig Treoracha cuntasaíochta agus iniúchóireachta an AE. |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 8. | A chinntiú go mbeidh Éire rannpháirteach go huile agus go hiomlán i gclár oibre Dlí na gCuideachtaí de chuid an AE. | **Leasuithe ar an Treoir um Chuntais Bhliantúla agus Cuntais Chomhdhlúite 2006/46/CE**<br>Trasuídh an Treoir 2006/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an 14 Meitheamh 2006 trí I.R. Uimh. 450 de 2009 ar an 18 Samhain 2009. Leis sin leasaítear na Treoracha seo a leanas ón gComhairle 78/660/CEE faoi chuntais bhliantúla cineálacha áirithe cuideachtaí, 83/349/CEE faoi chuntais chomhdhlúite, 86/635/CEE faoi chuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite de chuid bancanna agus institiúidí airgeadais eile agus 91/674/CEE faoi chuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite de chuid gnóthas árachais. Neartóidh na Rialacháin muinín i ráiteas airgeadais agus tuarascálacha bliantúla le cuideachtaí AE mar thoradh ar iallach a chur orthu eolas níos iontaofa níos iomláine a thabhairt do scairshealbhóirí agus luchtanna leasa eile.<br><br>Trasuíodh an Cinneadh ón Comhairle 2008/627/CE den 29 Iúil 2008 trí I.R. Uimh. 229 de 2009 le héifeacht ón 26 Meitheamh 2009. Foráileann sé seo d'idirthréimhse i ndáil le riachtanais chláraithe d'iniúchóirí agus aonaid iniúchóireachta ó thríú tíortha. Baineann na socruithe a ndéantar foráil dóibh sna Rialacháin leis na blianta airgeadais dar tús le linn na tréimhse chláraithe idir an 29 Meitheamh 2008 agus an 1 Iúil 2010.<br><br>Trasuíodh an Treoir seo le héifeacht ón 6 Lúnasa 2009 i ndiaidh comhairliúcháin mhionsonraithe leanúnach le mórán luchtanna leasa éagsúla idir 2008 agus 2009.<br><br>Tugann an Treoir caighdeáin íosta isteach chun a chinntiú go mbíonn teacht go tráthúil ag scairshealbhóirí cuideachtaí liostaithe a ndéantar a gcuid scaireanna a thrádáil ar mhargadh rialáite ar eolas ábhartha roimh Chruinniú Ginearálta agus go mbíonn slí shimplí acu chun vótáil ó chéin. De bhreis air sin tugann sé caighdeáin íosta isteach don cheart ceisteanna a chur, míreanna a chur ar chlár oibre an Chruinnithe Ghinearálta agus rúin a thairgeadh. Chomh maith leis sin tugann sé bearta isteach a éascaíonn ceapachán seachvótálaí.<br><br>**Cuideachta Phríobháideach Eorpach (SPE)**<br>Ar an 28 Meitheamh 2008 d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach moladh le haghaidh Cuideachta Príobháidí Eorpaí a aithnítear faoin ainm Laidine Societas Privata Europaea (SPE). Is é an phríomhchuspóir atá leis an |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | moladh a rinneadh mar Rialachán AE ná cabhrú le Fiontair Bheaga agus Meánmhéide Eorpacha gnó trasteorann a dhéanamh trí foirm dhlí Eorpach a chur ar fáil dóibh atá de réir bunphrionsabal an ghnáthdhlí chuideachta agus atá curtha in oiriúint do shainriachtanais Fiontar Beag agus Meánmhéide. Measadh go laghdófaí go mór na costais chomhlíonta a éiríonn as cuideachtaí a bhunú agus as gnó a dhéanamh i mballstáit eile más féidir oibriú de réir na rialacha corparáideacha céanna i mballstáit éagsúla.<br><br>Leanadh de na hidirbheartaíochtaí faoin dréacht-mholadh a tosaíodh faoi uachtaránacht na Fraince i mí Iúil 2008 le linn 2009 faoi uachtaránachtaí na Seice agus na Sualainne. Níor éirigh leis an moladh comhréitigh a chuir uachtaránacht na Sualainne isteach chuig Comhairle na nAirí ar an 4 Nollaig 2009 an comhaontú a bhí ag teastáil a bhaint amach sa Chomhairle. Tá bac á chur ag an gComhairle leis an moladh i gcónaí. Baineann na príomhcheisteanna a chruthaíonn fadhb le hionad suímh, caipiteal íosta agus rannpháirtiú oibrithe.<br><br>**Leasuithe ar an Treoir Eolaire**<br>Sa Treoir Eolaire 2003/71/CE leagtar amach riachtanais chomhchuibhithe chun an t-eolaire a dhréachtú, a fhaomhadh agus a scaipeadh atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don bpobal nó nuair a ligtear isteach i dtrádáil i margadh rialáite iad. Is é is eolaire ann ná doiciméad um nochtú ina dtugtar an t-eolas ar fad atá riachtanach chun a chur ar chumas infheisteoirí measúnú ceart a dhéanamh ar shochair agus dliteanais, seasamh airgeadais, brabús agus caillteanas agus ar ionachais an eisitheora agus ar na cearta a díorthaítear as na hurrúis atá á dtairiscint don bpobal nó a ligtear isteach i dtrádáil.<br><br>Is é is aidhm don Treoir seo lena ndéantar reachtaíocht atá i bhfeidhm cheana a thabhairt cothrom le dáta agus a uasghrádú ná feabhas ar chur ar chosaint an infheisteora trí eolairí ardcháilíochta a eisiúint, agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh inmheánaigh trí aon eolaire amháin atá faofa a eisiúint ar fud an AE. Trasuíodh an Treoir seo isteach i ndlí na hÉireann le héifeacht ón 1 Iúil 2005.<br><br>De réir Airteagail 31 den Treoir Eolaire tá ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na Treorach cúig bliana i ndiaidh di teacht i bhfeidhm agus moltaí a chur isteach maidir le hathbhreithniú a |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | dhéanamh uirthi agus de réir mar is gá. Agus athbhreithniú déanta aige d'fhoilsigh an Coimisiún moltaí maidir le leasú a dhéanamh ar an Treoir i mí Mheán Fómhair 2009. Bhreithnigh an Chomhaile iad dá éis agus comhaontaíodh ar réimse leasuithe a dhéanamh ar an Treoir ag Comhairle na nAirí um Iomaíochas i mí na Nollag 2009. Is í príomhchuspóir na leasuithe ná riachtanais nach bhfuil údar maith leo agus a chuireann ualach ar eisitheoirí a laghdú agus a chinntiú, ag an am céanna, nach lagaítear cosaint an infheisteora.<br><br>**An Treoir um Iniúchtaí Reachtúla**<br>Rinneadh dul chun cinn le linn 2009 ar Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 17 Bealtaine 2006 a chur i bhfeidhm. Baineann an Treoir seo le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite agus leasaítear léi Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (an 8ú Treoir). Sa Treoir seo déantar foráil do threisiú agus do chomhchuibhiú na feidhme iniúchóireachta reachtaí ar fud an AE agus leagtar amach inti bunphrionsabail maidir le maoirseacht phoiblí i ngach ballstát mar aon le gá le dearbhú cáilíochta seachtrach. De bhreis air seo déantar na dualgais atá ar iniúchóirí reachtacha a shoiléiriú.<br><br>Bhí plé fairsing á dhéanamh ar Mholadh ón gComhairle (2008/362/CE) (6 Bealtaine 2008) maidir le Dearbhú Cáilíochta (ar Iniúchtaí Reachtacha) ag an Roinn in 2009. San Moladh seo tugtar treoir maidir le córais neamhspleácha do dhearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm maidir leis na hiniúchóirí agus na gnóthais iniúchóireachta siúd a dhéanann iniúchtaí ar Aonaid Leasa Phobail. |
| 9. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreatrialúcháin do chara-chumainn agus chumainn thionscail agus choigiltis agus cibé athruithe is gá nó is inmhianaithe a dhéanamh i saolré an Ráitis Straitéise seo. | Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin in 2009 a bhí bunaithe ar pháipéar comhairliúcháin dar teideal "*Co-operative Societies: Consultation Paper on the Industrial and Provident Societies Acts 1893-2005*". Mar thoradh ar an bpróiseas seo fuarthas aiseolas maith ó mhórán grúpaí leasa. Aithníodh deacrachtaí praiticiúla leis an gcóras reachtaíochta reatha agus cuireadh in iúl gur chóir na socruithe atá i bhfeidhm a thabhairt cothrom le saol na linne seo. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar ullmhú dréacht-reachtaíochta d'fhonn roinnt forálacha sna hAchtanna um Chumainn |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Thionscail agus Cumainn Choigiltis a leasú.<br><br>Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar an athbhreithniú ar an gcreat rialála a bhaineann le cara-chumainn. Áiríodh air seo comhairliúchán le húdaráis phoiblí ábhartha eile i ndáil le freastal ar riachtanais maoirseacht stuamachta atá ag cara-chumainn a chuireann seirbhísí airgeadais ar fáil. |
| 10. | Comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí tras-Ranna agus tras-gníomhaireachta chun ár gcuspóir maidir le Rialú Níos Fearr a bhaint amach. Beimid ag comhoibriú le Ranna eile agus sinne i mbun ár nGníomhartha Straitéiseacha maidir le Tomhaltóirí agus Iomaíocht, chomh maith. | Cuireann an Roinn an rúnaíocht ar fáil don nGrúpa Ardleibhéil um Rialú Gnó. Bíonn an Grúpa seo ag feidhmiú mar theach imréitigh do shaincheisteanna ró-mhaorlathais sa Rialtas trí chéile a thugann an earnáil ghnó faoi deara. Ina theannta sin tá an Roinn freagrach as an togra tras-rialtais chun ualaigh rialacháin ar ghnóthais a thomhas agus a laghdú de 25%. Chuige sin tá an Roinn sa chathaoir ar Ghrúpa oifigeach idir-Ranna a chomhordaíonn an togra seo agus a chuireann ar aghaidh é. De bhreis air seo, de réir mar a sonraíodh níos túisce sa "chaibidil" seo, tá grúpa de ghníomhaireachtaí forfheidhmithe agus cigireachta tionólta ag an Roinn atá faoi chúram mórán Ranna éagsúla. Bíonn an Roinn seo sa chathaoir ar chruinnithe rialta den nGrúpa seo d'fhonn barrchleachtas a roinnt agus d'fhonn moltaí soiléire le haghaidh comhoibriú tras-ghníomhaireachta a dhéanamh. |

# CRANN TACA 5 Comhpháirtíocht san Ionad Oibre agus Cearta Fostaíochta

## Sprioc Ardleibhéil

Caidreamh tionscail maith agus an múnla comhpháirtíochta a chothú agus reachtaíocht chuí cearta fostaíochta agus creatlach chuí institiúideach mar thaca fúthu.

Bhí na hathruithe a tháinig ar an timpeallacht oibríochta le linn 2009 ina gcúis le níos mó corraíl thionsclaíoch ná mar a tugadh faoi deara riamh ó lár na 1980í i leith. Bhí a lán dúshláin romhainn anseo in Éirinn i gcaitheamh na bliana seo maidir le háiteanna oibre agus bhí an Roinn agus na heagraíochtaí réitigh éagsúla a bhaineann léi ag obair go crua chun na cúiseanna a d'fhéadfadh briseadh i gcaidreamh tionsclaíoch a tharraingt a laghdú.

Bhí líon na n-éileamh agus na gcásanna a cuireadh faoi bhráid na n-eagraíochtaí seo ní ba mhó ná riamh roimhe agus ba dheacair dóibh déileáil leo go léir laistigh de na spriocdhátaí seachadta. Cuireadh 1,571 chás ar aghaidh chuig Seirbhís Chomhréitigh an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais. Cuireadh 1,200 cás, nach mór, chuig an gCúirt Oibreachais agus tháinig breis is 5,500 éileamh os comhair an Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Maidir leis na híocaíochtaí imarcaíochta agus dócmhainneachta, cuireadh 77,000 éileamh iomarcaíochta isteach. Sin dhá oiread an líon i gcomparáid le 2008, bliain ina bhfuarthas 40,600 éileamh. Cuireadh 21,411 éileamh dócmhainneachta isteach in 2009 ach níor cuireadh ach 12,028 isteach in 2008. Rinne an Roinn acmhainní a athleithdháil agus próisis inmheánacha a mhionchoigeartú le linn na bliana chun dul i ngleic leis an méadú seo ar éilimh.

Maidir le réimse na gcearta fostaíochta, thug an Roinn bearta isteach chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní d'fhonn a chinntiú go raibh gnóthais á n-oibriú go cothrom cóir in ainneoin na ndálaí eacnamaíocha a bhí ann ar fud na bliana. Reáchtáil an Roinn seimineáir tríd an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta chun oiliúint a chur ar an earnáil ghnó faoi na freagrachtaí atá uirthi thug sí faoi ghníomhaíochtaí dírithe cigireachta lenar áiríodh níos mó cigireachtaí i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim agus / nó leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Mar thoradh ar an méid gníomhaíochta a bhí ar siúl sna réimsí seo tuigeadh níos fearr fós go raibh gá le nua-aoisiú a dhéanamh ar an reachtaíocht fostaíochta agus le n-í a threisiú. Chuige sin chuir an Roinn an Bille um Chomhlíonadh an Dlí Fostaíochta 2008 ar aghaidh tríd an dara chéim sa Dáil d'fhonn é a chur ar aghaidh chuig a achtaithe in 2010. Ina theannta sin d'fhoilsigh sí an Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) 2009 agus an Bille um Rialáil na Gníomhaireachta Fostaíochta 2009.

Bíodh agus go raibh leibhéil na mbásanna san ionad oibre, idir dhearbh-leibhéal agus leibhéal coibhneasta, níos lú ná riamh in 2009 in Éirinn mar thoradh, i bpáirt, ar níos lú gníomhaíochtaí gnó a bheith ar siúl, bhí feidhm lárnach ag an Roinn mar sin féin i dtaobh tacaíocht thabhairt don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an líon ba mhó gníomhaíochtaí cigireachta agus forfheidhmithe riamh á ndéanamh aici. De bhreis air sin chabhraigh an Roinn chun éifeachtúlacht a cuid gníomhaíochtaí cigireachta a mhéadú, go háirithe trí córas TF

le haghaidh bainistíocht cigireachta a thabhairt isteach. Comhlánaíodh na tionscnaimh seo le hobair ar dhréacht-rialacháin do cheimiceáin chun sábháilteacht oibrithe a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin atá ar ghnóthais sa réimse seo a laghdú.

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 1. | Leanúint de rannpháirtíocht ghníomhach i bpróiseas na Comhpháirtíochta Sóisialta | Le linn 2009 ar fad thacaigh an Roinn le próiseas na Comhpháirtíochta Sóisialta trí bheith rannpháirteach in idirbheartaíochtaí ag an leibhéal náisiúnta, trí struchtúir Chomhpháirtíochta Sóisialta, socruithe monatóireachta agus tuairiscithe san áireamh, trí chonarthaí déthaobhacha leis na fostóirí agus daoine tábhachtacha sna ceardchumainn agus trí tionscnamh beartais agus ceanglais reachtacha a fhorbairt a thagann chun cinn as *Towards 2016* agus *Towards 2016 – Review and Transitional Agreement*. |
| 2. | Caidreamh sóisialta a chur chun cinn ag leibhéil an fhiontair. | Leanadh den obair le heagraíochtaí ábhartha in 2009 chun nuálaíocht agus solúbthacht trí chomhpháirtíocht san áit oibre a chur chun cinn. Áirítear air sin obair le Coiste na Creatlaí Náisiúnta um Chothromas Oibre agus Saoil agus an leis an gCiste um Nuálaíocht an Áit Oibre.<br><br>Maidir le hionadaíocht ar an bhfostaí, bhí an Roinn rannpháirteach sa phróiseas athbhreithnithe a raibh mar chuspóir aige féachaint ar na céimeanna dlí agus céimeanna eile nach iad atá ag teastáil chun leas a bhaint as na sásanna a bunaíodh faoi chomhaontuithe roimhe seo de réir mar a bhí beartaithe. Ba í Roinn an Taoisigh a bhí mar chathaoirleach ar an bpróiseas seo. Lasmuigh de sin féachadh ar ghealltanas an Rialtais moltaí reachtacha a chur ar aghaidh a choiscfidh leatrom i gcoinne baill ceardchumainn agus dreasú daoine gan ballraíocht a ghlacadh i gceardchumainn. |
| 3. | Timpeallacht chobhsaí a chur chun cinn maidir le caidreamh tionsclaíoch agus tacú léi, réiteach éifeachtach aighnis san áireamh. | Lean an Roinn uirthi ag tabhairt acmhainní do na heagraíochtaí a oibríonn chun aighneas tionsclaíochta a réiteach agus a chosc, agus bhí sí ag tacú leo i gcónaí.<br><br>I mí na Nollag 2009 d'fhoilsigh an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Saothair an tuarascáil neamhspleách ar an aighneas caidreamh tionsclaíochta a d'éirigh idir an Cheardchumann Innealtóireachta, Teicniúil, agus Leictreach agus Fostóirí i dtionscal na conarthóireachta leictrí i mí Iúil 2009. Bhí stailc ar fud na tíre mar thoradh ar an aighneas seo. Coimisiúnaíodh an tuarascáil faoi Alt 38 (2) den Acht Caidrimh Thionscail 1990. Sa tuarascáil díríodh aird ar réimsí nár mhór tabhairt fúthu chun caidreamh idir na páirtithe go léir in earnáil na conarthóireachta leictrí a fheabhsú. |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 4. | A chinntiú gur féidir leis an Roinn torthaí comhsheasmhacha a bhaint amach agus go bhfuil ar a cumas a cuid gealltanas a chomhlíonadh atá déanta aici in idirbheartaíochtaí comhpháirtíochta. Gur féidir léi ról ceannais a ghlacadh sa mhéid go mbaineann idirbheartaíochtaí faoi chomhpháirtíocht shóisialta le reachtaíocht um Chearta Fostaíochta agus comhlíonadh i dtaobh Cearta Fostaíochta. | Le linn 2009 chuir an Roinn príomh-ghealltanais maidir le reachtaíocht i réimse na gcearta fostaíochta agus caidrimh thionsclaíoch chun cinn trí dhul i mbun idirbheartaíochta le luchtanna leasa faoi cheisteanna a thagann chun cinn le linn d ghealltanais dá sort a bheith á gcomhlíonadh. |
| 5. | Gealltanais sonracha maidir le Dlí Fostaíochta a chomhlíonadh. | **An Bille um Chomhlíonadh an Dlí Fostaíochta 2008**<br>Tháinig an dara céim den Bhille tríd an Dáil gan deighilt ar an 12 Márta 2009. Mar thoradh ar a lán idirphléite le hionadaithe náisiúnta na bhfostaithe agus na bhfostóirí chomh maith le luchtanna leasa eile nach ia, mhol an tAire leasuithe suntasacha a dhéanamh ar an mBille. Tá an tAire i mbun comhairliúcháin lena comhghleacaithe sa Rialtas faoi láthair maidir leis an Bille a chur ar aghaidh chun go n-achtófar é in 2010.<br><br>**An Bille Caidrimh Thionscail (Leasú)**<br>Foilsíodh an Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) i mí Lúnasa 2009. Is é is aidhm don Bhille seo ná na socruithe atá i bhfeidhm i láthair na huaire chun Orduithe um Rialáil Fostaíochta agus Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe a dhéanamh a thabhairt cothrom le dáta agus a threisiú agus foráil a dhéanamh chun iad a oibriú ar shlí níos éifeachtaí.<br><br>**An Bille um Rialáil na Gníomhaireachta Fostaíochta 2009**<br>I mí Iúil 2009 d'fhoilsigh an tAire an Bille um Rialáil na Gníomhaireachta Fostaíochta. Sa Bhille seo foráiltear go bhfuil ar ghníomhaireachtaí fostaíochta a thairgeann seirbhís sa Stát a bheith ceadúnaithe in Éirinn nó i mballstát eile den LEE. Foráiltear sa Bhille seo leis, go n-ullmhóidh Coiste Comhairleach Cód Cleachtais mar threoir iompair san earnáil. |
| 6. | Fostaithe agus Fostóirí a chur ar an eolas maidir leis na teidlíochtaí atá ag an bhfostaí agus na dualgais atá ar an bhfostóir de réir reachtaíocht fostaíochta in Éirinn. Cuirtear béim ar leith ar na fostaithe is leochailí i | Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta cearta fostaíochta oibrithe chun cinn agus caomhnaíonn sé iad trí eolas a chur ar fáil, reachtaíocht fostaíochta a fhorfheidhmiú san áit oibre agus imeachtaí dlí a thionscain i ndáil le cionta a aimsíodh, más gá. |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | ngach earnáil den gheilleagar. | In 2009 bhí an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta rannpháirteach i 35 sheimineár ina rabhthas ag malartú eolais le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha. Áirítear orthu eagraíochtaí fostóirí, ceardchumainn, comhairle saoránach ionadaithe oideachais agus na ngairmeacha agus eagraíochtaí eile nach iad. Rinne an tÚdarás cigireacht ar bhreis is 8,860 fostóir sa tréimhse sin. Cuirtear eolas ar fáil leis, trí lárionad glaonna tiomnaithe ina bhfuil áis soláthar eolais 24 uaire chomh maith. |
| 7. | Comhairle a chur ar fáil maidir le gach saincheist ábhartha faoi beartas sláinte agus sábháilteachta ag an obair agus eagraíochtaí a spreagadh le cloí le beartas Rialtais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair. | In 2009, bhí an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ag obair de réir Cláir Oibre Fhoilsithe (riachtanas de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte, agus Leas ag an Obair 2005) a ullmhaíodh i gcomhairle leis an Roinn agus atá faofa ag an Aire. Rinne an Roinn monatóireacht ar chur i ngníomh an Chláir le linn na bliana. |
| 8. | Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, tacú léi agus measúnú a dhéanamh uirthi. Idirchaidreamh a bheith againn leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le ceisteanna faoi acmhainní. | Tuairiscíonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ar a chuid gníomhaíochtaí go bliantúil. Bhí teagmháil rialta leanúnach ag an Roinn leis an Údarás maidir le saincheisteanna faoi acmhainní, idir acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna, mar chuid dá tacaíocht do shainchúram an Údaráis. In 2009 d'éirigh leis an Údarás €277 míle dá leithdháileadh deontais a shábháil. |
| 9. | Tacú le bearta le haghaidh áiteanna oibre níos sábháilte, ráta na ngalar ceirde agus na dtimpistí ag an obair a laghdú agus leanúint orainn ag obair d'fhonn dlí simplí maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a dhéanamh atá éasca le cur i bhfeidhm. | Rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an líon cigireachtaí agus gníomhartha forfheidhmithe riamh in 2009. Cuireadh níos mó béim ar fhadhbanna maidir le sláinte ag an obair, go háirithe maidir le torann, crith, bulaíocht, strus, láimhsiú agus garchabhair.<br><br>Go staitisticiúil, tá laghdú tagtha go leanúnach ar líon na ngortuithe agus na mbásanna ag an obair le roinnt blianta anuas. Maidir le líon na mbásanna, tharla an líon ba lú díobh riamh in 2009. Is é laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch is cúis leis seo i bpáirt ach tá an ráta báis ag titim go leanúnach agus is de bharr infheistithe i gcóras bainistíochta cigireachta an Údaráis atá sé ag obair níos éifeachtúla agus atá ar a chumas úsáid níos éifeachtaí a bhaint as a chuid acmhainní.<br><br>Tá athbhreithniú á dhéanamh ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta gan stad gan staonadh d'fhonn deimhin a dhéanamh de go dtuigtear í go héasca. In 2009 lean an Roinn de bheith ag cur leis an obair atá á déanamh go leanúnach chun an t-ualach riaracháin a |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | chuireann an reachtaíocht seo ar an earnáil ghnó a laghdú. Tá an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ar cheann de na réimsí a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu. |
| 10. | Acht um Rialú agus Forfheidhmiú maidir le Ceimiceáin a thabhairt isteach atá dírithe ar rialúcháin "REACH" (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán) a chomhlíonadh an oiread agus is féidir. | Tugann an tAcht Ceimiceán 2008 (Uimh. 13 de 2008) ar cuireadh tosach feidhme leis ar an 15 Iúil 2008, bunús dlíthiúil chun roinnt Rialacháin AE maidir le ceimiceáin a chur i ngníomh agus a fhorfheidhmiú. Áirítear ar na rialacháin seo REACH, rialachán maidir le Glantaigh agus Allmhairiú agus Onnmhairiú Ceimiceán Guaiseach faoi Choinbhinsiún Rotterdam. Is é comhar idir na húdaráis inniúla éagsúlacha a ainmnítear san Acht foráil thábhachtach an Achta seo de bharr go bhfuil sé dírithe ar úsáid acmhainní stáit a bharrfheabhsú agus an costas a thiteann ar an tionscal maidir le comhlíonadh na rialachán a íoslaghdú. Rinneadh dul chun cinn in 2009 ar meabhráin tuisceana a chomhaontú idir an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus údaráis inniúla eile ar chóir go n-éascódh sé níos mó comhoibrithe. Meastar go mbainfear an comhlíonadh is fearr amach má théann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta i mbun feasacht a spreagadh sa tionscal i gcomhthéacs a shainchúraim faoin Acht. |
| 11. | A chinntiú go n-íoctar a n-íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla agus a dteidlíochtaí dócmhainneachta le hoibrithe | Mar thoradh ar lagtrá an gheilleagair cuireadh an líon éileamh ba mhó riamh isteach chuig Rannóg na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta agus Iomarcaíochta in 2009. In 2009, cuireadh 77,000 éileamh iomarcaíochta isteach i gcomparáid le 40,600 ceann in 2008; próiseáladh 50,664 éileamh iomarcaíochta i gcomparáid le 29,802 cheann in 2008. Is méadú 70% é seo. Cuireadh isteach 21,411 éileamh dócmhainneachta in 2009 i gcomparáid le 12,028 n-éileamh in 2008, agus próiseáladh 20,172 éileamh i gcomparáid le 9,704 chinn in 2008. Is méadú 108% é seo. Bhí na hachair phróiseála ní b'fhaide san dá scéim mar thoradh ar an líon ollmhór éileamh. Thógadh sé 18 seachtaine ar an meán éileamh dócmhainneachta a phróiseáil agus thogadh sé 32 sheachtain éileamh iomarcaíochta a phróiseáil.<br><br>Mar leigheas chun dul i ngleic leis an riaráiste éileamh d'aistrigh an Roinn baill den bhfoireann ó réimsí oibre eile chuig an réimse oibre seo go sealadach, thug sí tús áite do bhuiséad ragoibre na Roinne chun déileáil leis an riaráiste lasmuigh de ghnáthuireanta oibre agus chuir sí áis speisialta ar bun chun déileáil leis an líon mór glaonna gutháin ó fhostaithe agus fostóirí. Cé gur chuir |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | na bearta seo le táirgiúlacht na Roinne bhí na tréimhsí próiseála ag cur dúshláin roimh an Roinn i gcónaí de dheasca líon ollmhór na n-éileamh a bhí ag teacht isteach. |
| 12. | Iarrachtaí tras-Ranna agus tras-Ghníomhaireachta a chomhordú, de réir mar is cuí, chun roinnt de na cuspóirí thuas a bhaint amach i gcomhar le Ranna eile. | Le linn 2009 bhí an Roinn ina cathaoirleach ar Ghrúpa idir-Ranna/idir-Ghníomhaireachta um Cheimiceáin a bhfuil de chuspóir aige a chinntiú go bhfuil dea-chumarsáid agus dea-chomhar ag na Ranna agus na Gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil cúram acu faoin Acht Ceimiceán 2008 lena chéile. Déanann an tAcht é féin foráil do shocruithe le haghaidh comhair idir údaráis inniúla. Bhí baill d'fhoirne na rannóga rannpháirteach i ngrúpaí idir-Ranna éagsúla a phléigh ceisteanna faoin margadh saothair agus faoi athnuachan an gheilleagair. |

# CRANN TACA 6  Ár Spriocanna Straitéiseacha a sheachadadh

## Sprioc Ardleibhéil

Leibhéal ard tacaíochta gairmiúla, seirbhíse agus comhairle a chur ar fáil agus éascaíocht á déanamh againn do chur i ngníomh spriocanna gnó na Roinne ar shlí a chinntíonn Luach ar Airgead. Leanúint de bheith i dtús cadhnaíochta ar chlár oibre an nuachóirithe ar fud na Seirbhíse Sibhialta agus na Seirbhíse Poiblí ag an am céanna.

In 2009 bhí ar an Roinn í féin a chur in oiriúint i gcónaí don timpeallacht eacnamaíoch a raibh athruithe móra ag teacht uirthi. Chuir an obair dúshláin mhóra roimh an Roinn i roinnt réimsí. Áirítear orthu sin go háirithe srianta ar earcaíocht a bhí ceangailte le scéimeanna a tugadh isteach chun baill foirne a spreagadh chun éirí as a bpoist go buan (an Scéim Luathscoir Dhreasaithe) nó go sealadach (an Scéim Sos Gairme Dhreasaithe), chomh maith leis an méadú ollmhór éilimh ar réimsí áirithe den Roinn, mar shampla i ndáil le híocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta. Chuaigh an Roinn i ngleic leis na fadhbanna seo trí riachtanais a chur in ord tosaíochta agus trí baill den bhfoireann a aistriú chuig na réimsí siúd ba mhó a raibh éileamh orthu. Bhreithníomar ar an Tuarascáil ón Sainghrúpa ar Líon na n-oibrithe sa tSeirbhís Phoiblí agus ar Chaiteachas (Tuarascáil Mhic Chárthaigh) agus thugamar freagra ina leith i ndáil le hobair na Roinne agus ár gcuid Gníomhaireachtaí. Ba chabhair dúinn cur i ngníomh an Phlean Ghníomhaíochta a tháinig as an Athbhreithniú ar an gClár um Athbhreithniú Eagraíochtúil a rinneadh in 2008 agus ár gcuid tosaíochtaí a roghnú againn, chomh maith.

Ag an am céanna bhí an brú ar na hacmhainní airgeadais chomh mór sin go raibh gá le níos mó éifeachtúlacht. Comhlíonadh an riachtanas seo ar fud na Roinne d'fhonn a chinntiú go raibh ár gcuid spriocanna á mbaint amach againn i gcónaí. Rinneadh dul chun cinn maith maidir le hathruithe agus nuachóiriú a chur i ngníomh sa Roinn, go háirithe trí straitéisí Acmhainní Daonna agus TFC. Bhí tábhacht ar leith leis an straitéis TFC maidir le modhanna níos saoire a aimsiú chun gnó a dhéanamh, mar shampla trí áiseanna físchomhdhála a shuiteáil inár bpríomhoifigí agus níos mó neamhspleáchas a bheith againn maidir lenár riachtanais TFC a chomhlíonadh. De bhreis air sin bhí dul chun cinn maith á dhéanamh againn i gcónaí i ndáil le luach ar airgead a bhaint amach i gcúrsaí earcaíochta agus d'éirigh go hiontach linn cláir coigilteas fuinnimh a chur i ngníomh inár bpríomhoifigí, beart a raibh coigiltis 21% mar thoradh air i gcomparáid leis an bhliain seo caite.

Mar aon leis na bearta seo chinntigh an Roinn leis, go raibh ár gcuid dualgas i réimsí eile á gcomhlíonadh againn, réimsí ar nós sláinte agus sábháilteacht agus Saoráil Faisnéise. De bhreis air sin cuireadh ár gcuid gníomhaíochtaí go léir i ngníomh de réir bunphrionsabal barrchleachtais agus Seirbhís Custaiméara Ardcháilíochta. Ina theannta sin rinneadh athbhreithniú ar ár gcórais rialaithe inmheánaigh agus tugadh ráthaíocht chuí don Ardrúnaí ina cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta.

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 1. | Tacú leis an Aire agus leis an Aire Stáit agus Beartas an Rialtais á sheachadadh acu. | Lean an Roinn uirthi ag tabhairt seirbhíse ardcháilíochta dár nAire agus dár gcúigear Airí Stáit (iad siúd a ceapadh don Roinn i mí Bhealtaine san áireamh) ar feadh 2009 ar fad, go mór mór trí comhairle chuí agus faisnéis chuí a chur ar fáil mar thacaíocht d'Airí i gcomhlíonadh a gcuid freagrachtaí don Roinn agus don Oireachtas. |
| 2. | An tSeirbhís is airde cáilíochta a thabhairt dár gcustaiméirí. | Baineadh na caighdeáin seirbhíse ar fad atá curtha ar bun inár gCairt Custaiméara amach in 2009 agus tá tús curtha le hobair ar Nós Imeachta Gearáin na Roinne do Chustaiméirí a thabhairt cothrom le dáta.<br><br>Tá an Roinn tiomanta do mhonatóireacht a dhéanamh go leanúnach ar riachtanais ár gcustaiméirí de réir mar a bhíonn siad ag athrú. Chuige seo cuireadh tús le hobair in 2009 chun Cairt Seirbhíse Custaiméara nua a dhréachtú don Roinn.<br><br>Chomh maith leis sin, geallann an Roinn leanúint ar aghaidh le forbairt ár suíomh idirlín mar bhealach eolais tábhachtach dár gcustaiméirí go léir, iad seo atá faoi mhíchumas san áireamh. Tugadh 1,784,197 gcuairt ar an suíomh in 2009. Is ionann sin agus méadú tuairim is 20.86% i gcomparáid leis an méid trácht a bhí air in 2008.<br><br>Tá áiseanna ríomh-sheirbhíse Rialtais á bhforbairt ag an Roinn i gcónaí d'fhonn ár seirbhís custaiméara a fheabhsú. In 2009 sheol an Roinn ár gCóras Ar Líne d'Iarratais ar Cheadúnas Onnmhairithe. Féadann onnmhaireoirí an áis seo a úsáid chun a gcuid iarratas ar cheadúnais onnmhairithe a chur isteach ar líne. |
| 3. | Tacaíocht ardcháilíochta a chur ar fáil do chórais oibre / pléite Bhord Bainistíochta na Roinne. | Le linn 2009 fuair Bord Bainistíochta na Roinne faisnéisiú agus tuarascálacha ar mhórán saincheisteanna éagsúla a bhaineann le hobair na Roinne. Chabhraigh siad seo linn príomhfheidhm na Roinne a chomhlíonadh, is é sin, comhairle a chur ar an Aire agus ar an Ardrúnaí i ndáil le ceisteanna beartais agus oibríochta araon a imríonn tionchar ar an Roinn agus ar líon mór na luchtanna leasa a bhaineann léi. Bíonn cruinniú in aghaidh na coicíse ag an mBord agus ag amanna eile de réir mar a bhíonn gá leis. Is iad an tArdrúnaí, Rúnaithe Cúnta, POF Forfás agus Ceann Bainistíochta an Aonad Tacaíochta atá ar an mBord Bainistíochta. |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 4. | A chinntiú go mbreithnítear ar cheisteanna tras-Ranna agus tras-Rannóga i Rannóga éasgúla go léir na Roinne. | Faoi mar a mhínítear inár dtuarascálacha ar "chrainn taca" bíonn an Roinn ag plé go réamhghníomhach le mórán ceisteanna a théann i bhfeidhm ar ár gcuid luchtanna leasa cé nach cuid dá sainchúram iad go díreach uaireanta. Seo roinnt samplaí: an clár oibre iomaíochais a chur ar aghaidh, beartas cánach fiontair, an cur chuige uile-Rialtais i leith na Straitéise um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, rialáil níos fearr ar ghnó agus cearta fostaíochta srl. Le linn 2009 lean an Roinn uirthi ag comhoibriú chun seasamh corparáideach a fhorbairt maidir le ceisteanna tábhachtacha a théann i bhfeidhm ar ár luchtanna leasa agus tacú leo sa Rialtas trí chéile. |
| 5. | Tuairisciú ar chur i ngníomh an Ráiteas Straitéise seo. | Tá mionsonraí faoi chur i ngníomh na Straitéise 2008-2010 anseo agus inár dtuarascáil bhliantúil 2008 chomh maith – is í seo an príomhbhealach atá againn chun ár luchtanna leasa go léir a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn ar chur i ngníomh na Straitéise. |
| 6. | A chinntiú go nglacfaidh an fhoireann bainistíochta bearta cuí ar fud na heagraíochta chun na rioscaí nach bhfuil cosaint ag an Roinn orthu a aithint agus iad a bhainistiú go héifeachtach. | Lean an Roinn uirthi ag cur i ngníomh a Beartas Bainistithe Riosca le linn 2009. D'iarr an Bord Bainistíochta ar an Aonad Tacaíochta Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas i gcaitheamh na bliana. Tugadh an obair seo ar aghaidh go 2010. |
| 7. | Trédhearcacht a a chinntiú maidir le húsáid cistí poiblí a leithdháiltear don Roinn agus dá cuid Gníomhaireachtaí. | D'fhoilsigh an Roinn a Ráiteas maidir le Aschur Bliantúil in 2009. Tugtar mionchuntas ann ar na príomhréimsí Cláir a rabhthas chun an buiséad a chaitheamh orthu, mar aon le spriocanna ardleibhéil agus spriocanna feidhmíochta le haghaidh gach Réimse Cláir. Chomh maith leis sin tugtar breac-chuntas sa Ráiteas ar na gnéithe siúd sna spriocanna feidhmíochta a cuireadh i gcrích go rathúil. Chuir an Tánaiste an Ráiteas maidir le hAschur Bliantúil faoi bhráid an roghchoiste Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar an 16 Meitheamh 2009 mar chuid den bhreithniú a bhí á dhéanamh ag an gCoiste ar Mheastachán 2009 na Roinne. Tá sé ar fáil i rannán na bhfoilseachán ar shuíomh idirlín na Roinne ag: www.deti.ie. |
| 8. | A chinntiú go dtaibhítear caiteachas na Roinne de réir nósanna imeachta airgeadais phoiblí seanbhunaithe agus go ndéantar monatóireacht agus taifeadadh air dá réir. Iarracht a dhéanamh maidir le Luach ar Airgead a fheabhsú i riarachán gnóthaí na Roinne. | Rinneadh monatóireacht ghrinn in 2009 ar chaiteachas agus ar éifeachtúlacht riaracháin sa Roinn ar fad agus ina cuid Gníomhaireachtaí agus tugadh tuairisc orthu go rialta do Bhord Bainistíochta na Roinne, don Tánaiste agus don Roinn Airgeadais. Foilsíodh Tuairisc agus Cuntas Leithghabhála an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le 2008 i mí Mheán Fómhair 2009 agus níor thangthas ar aon fhadhbanna maidir le Cuntas Leithghabhála na Roinne. |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 9. | Ag obair chun luach ar airgead a bhaint amach trí chleachtais ceannaigh éifeachtúla. | Ceannaíonn Aonad Seirbhísí Gnó na Roinne earraí agus seirbhísí faoi chonarthaí atá curtha ar bun ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí chun go mbainfí leas as an bpraghas is fearr, as luach ar airgead agus chun acmhainní foirne a choinneáil saor. Ceannaítear leictreachas trí thionscnamh de chuid OOP faoi láthair agus déantar mar seo a leanas é: ceannaíonn grúpa Ranna Rialtais i dteannta a chéile é agus tugtar lascaine 5% dóibh.<br><br>De bhreis air sin tá conarthaí don Roinn agus dá cuid Oifigí á gcur ar bun le 2 bhliain anuas a bhféadann siad tarraingt anuas uathu de réir mar is gá agus nuair a bhíonn gá leis. Is féidir leo acmhainní a shaoradh mar sin trí gan ach aon chonradh amháin a bheith i bhfeidhm. Agus conarthaí á socrú aici déanann an Roinn de réir Rialachán Soláthair Phoiblí an AE, treoirlínte agus beartais an Roinn Airgeadais agus de réir a bhfuil sa bhfoilseachán Roinne ón bhliain 2009 "*Buying Innovation - The 10 Step Guide to Smart procurement and SME Access to Public Contracts.*" |
| 10. | Seirbhís Iniúchóireachta inmheánach bunaithe ar riosca a chur ar fáil a thugann ráthaíocht don bhfoireann bainistíochta maidir leis na córais rialaithe. | Bíonn Aonad Iniúchóireacha Inmheánaí na Roinne ag tabhairt ráthaíochta don Oifigeach Cuntasaíochta i gcónaí maidir le córais rialaithe na Roinne agus córas rialaithe na nOifigí siúd atá go díreach faoi shainchúram na Roinne. Déantar clár gníomhaíochta a chumadh gach bliain ina thaobh seo agus déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne athbhreithniú agus monatóireacht air.<br><br>Le linn 2009 rinneadh roinnt iniúchtaí i ndail le córais rialaithe inmheánacha na Roinne. Chuir an clár oibre a tugadh chun críche in 2009 ar chumas an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí ráthaíocht a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le síniú a chur leis an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach a thugtar in éineacht leis an gCuntas Leithghabhála Bliantúil.<br><br>Chomhlíon an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí freagrachtaí na Roinne do Choimisiún na hEorpa leis, maidir le clár gníomhaíochta iniúchóireachta atá le cur i gcrích sna heagraíochtaí siúd atá ag fáil maoinithe as Ciste Sóisialta na hEorpa agus as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa i réimsí infheistíochta atá faoi bhainistíocht na Roinne. |
| 11. | A chinntiú go bhfuil na hacmhainní daonna is gá leo ag an Roinn agus go bhfuil na | Bhí athbhreithniú á dhéanamh ar an líon foirne ar fud na Roinne agus a cuid Oifigí go leanúnach laistigh de na srianta atá orainn mar thoradh ar an moratóir earcaíochta |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | scileanna acu atá ag teastáil chun ár gcuid spriocanna gnó a bhaint amach; go bhfuil bainistíocht agus forbairt éifeachtach á déanamh orthu tríd an gCóras d'Fhorbairt agus Bainistíocht Feidhmíochta) agus trí tuilleadh gnáthchúrsaí acmhainní daonna a chur faoi chúram bainisteoirí líne; agus timpeallacht a chruthú ina gcothaítear comhionannas deise agus meas ar a chéile. | agus ardú céime a tugadh isteach i mí an Mhárta 2009. Ghlac an tAonad Foirne na bearta cuí i leith riachtanais soláthar foirne agus rinne sé deimhin de gur baineadh úsáid as na hacmhainní de réir na dtosaíochtaí a tháinig chun cinn.<br><br>Rinneadh dul chun cinn nár bheag i 26 ghníomh as 27 gceann a bhí leagtha amach faoin Straitéis Acmhainní Daonna 2008-2010, straitéis a mbeidh mar thoradh uirthi go gcuirfear níos mó freagracht i ndail le gnáthchúrsaí acmhainní daonna ar bhainisteoirí líne. De bhreis air sin cabhróidh cur i ngníomh na Straitéise linn ról níos straitéisí a fhorbairt do bhainistíocht acmhainní daonna laistigh den Roinn chomh maith le dea-chleachtas a chur chun cinn ar fud na ngníomhaíochtaí acmhainní daonna go léir.<br><br>D'éirigh linn mórán dár gcuid oibríochtaí a reáchtáil de réir mar a mholtar sa Chóras d'Fhorbairt agus Bainistíocht Feidhmíochta le linn 2009. Mar chuid den gcóras seo lean an Roinn uirthi ag infheistiú in oiliúint agus i bhforbairt foirne. In 2009 caitheadh €458,000 ar oiliúint inseirbhíse dhírithe agus ar bhreisoiliúint foirne. D'fhéach an Roinn le hinfheistíocht in oiliúint a uasmhéadú in 2009 trí breis úsáide a bhaint as saineolas in-tí ar sholáthar oiliúna agus as soláthar oiliúna saincheaptha ó institiúidí 3ú leibhéil.<br><br>Ní raibh aon athrú ar chionroinn na mball foirne mná i ngráid PO agus a gcoibhéis ag deireadh 2009 i gcomparáid le deireadh 2008 (29%). Tháinig laghdú ar an gcionroinn i ngrád AP agus gráid coibhéiseacha ó 33% ag deireadh 2008 go 30% ag deireadh 2009. Mar thoradh ar an Scéim Luathscoir Dhreasaithe a tugadh isteach i mí Bhealtaine 2009 agus an moratóir earcaíochta agus ardú céime atá i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2009, ní raibh an oiread sin deiseanna againn i 2009 chun níos mó comhionannas inscne a bhaint amach. |
| 12. | Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide cuí a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas ár gcliant rochtain a fháil ar an eolas agus ar na seirbhísí atá uathu chun a gcuid gnóthaí a chur i gcrích trí bhonneagar TFC slán a úsáid a sheachadann sonraí faoi rún, go | Rinneadh roinnt feabhsuithe ar bhonneagar an ghréasán TFC le linn 2009 a thugann breis athléimneachta nó eacnamaíochta. Áirítear orthu:<br>• Suiteáladh bonneagar *Windows Active Directory* chun feabhas a chur ar bhainistiú agus slándáil freastalaithe Windows.<br>• Cuireadh teicneolaíocht cúltaca nua i ngníomh lena n-áirítear tús a chur le criptiúchán téipe. |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | slán sábháilte agus go sofhaighte. | • Coimisiúnaíodh seomra freastalaí nua inár bhfoirgneamh ceannoifige. Tá córas sochta dóiteáin agus gineadóir cumhachta ag an seomra chun athléimneacht gréasáin a mhéadú.<br>• Suiteáladh áiseanna físchomhdhála in ocht gcinn d'oifigí na Roinne (Sráid Chill Dara, Ionad Phort an Iarla agus Cearnóg Parnell i mBaile Átha Cliath, i gCeatharlach, Corcaigh, Cill Choinnigh, Sionainn agus Sligeach). Cuireann siad feabhas ar chumarsáid agus laghdaíonn siad costais taistil. |
| 13. | A chinntiú go bhfuil teacht ag an Roinn ar scileanna agus acmhainní TFC cuí. | Tá oiliúint TFC á soláthar againn i gcónaí don bhfoireann chun cur leis na scileanna atá uathu chun a gcuid oibre a dhéanamh. Chun freagairt don méadú a tháinig ar éileamh in 2009 chuireamar tús le hathbheithniú ar oiliúint TFC d'fhonn na scileanna atá ag teastáil a aithint mar aon leis na bearnaí atá le líonadh sna scileanna sin agus an oiliúint atá ag teastáil chun na scileanna atá uathu a thabhairt do na baill foirne. Chuireamar feabhas ar na scileanna bainistithe maidir le Microsoft Windows trí baill foirne oilte a ath-imlonnú sa réimse seo. |
| 14. | D'fhonn a chinntiú go bhfreastalaíonn an teicneolaíocht ar riachtanais ghnó gach rannóige den Roinn agus a cuid Oifigí déanfaidh an tAonad TFC tograí a sheachadadh i gcomhar le haonaid ghnó. Déanfar é seo trí shocruithe feabhsaithe maidir le rialachas togra lena n-áirítear Bainistiú Togra ar glacadh leis mar mhodh bainistíochta. | Bhí modhanna foirmiúla do bhainistíocht togra á lonnú isteach i dtograí TF ag an Roinn i gcónaí. Ní mór gach togra TF a bheith faofa ag Coiste Stiúrtha TFC chun a bheith ag teacht le dea-chleachtas rialachais chorparáidigh. Cuirtear oiliúint bainistíocht togra fhoirmiúil ar gach ball foirne TFC ar dhul isteach san Aonad TFC dóibh. Agus é ag freagairt do bheartas Rialtais um ríomhsheirbhísí Rialtais, d'fhorbair an Rialtas doiciméad cuimsitheach maidir le ríomhsheirbhísí Rialtais ina sonraítear na seirbhísí atá againn faoi láthair agus na pleananna a dtabharfar fúthu amach anseo.<br><br>Bhí 87 den 108 ngníomh san Straitéis TFC ar bun nó bhíodar tugtha i gcrích faoi dheireadh 2009. Bhí mórán den chuid eile ina stad de bharr go raibh athrú tagtha ar thosaíochtaí nó ar chúinsí.<br><br>Áirítear iad seo a leanas ar mhórthionscnaimh togra ar tugadh fúthu i gcaitheamh na bliana:<br>• Cuireadh tús le Córas Bainistithe Ceadúnais Fostaíochta níos fearr. Feabhsóidh sé seo éifeachtúlacht próiseála agus tuairisciú bainistíochta.<br>• Bronnadh an conradh maidir le tacaíocht do na Córais Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta. Is é an feabhsú a bhain leis an gconradh seo ná comhtháthú níos fearr den dá chóras a dhéanamh. Uasghrádaíodh na |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | bogearraí agus na crua-earraí a úsáidtear sa chóras Iomarcaíochta. Uasghrádaíodh iad siúd a bhaineann le roinnt córais ghnó eile chomh maith. |
| 15. | An Luach is fearr ar Airgead a fháil as infheistíochtaí teicneolaíochta a rinneadh cheana agus a dhéanfar amach anseo. | Rinne an Roinn athbhreithniú mór ar úsáid acmhainní TFC mar fhreagairt d'Imlitir 02/09 ón Roinn Airgeadais i ndáil le rialachas corparáideach agus níos mó neamhspleáchas maidir le seachadadh TFC. Aithníodh roinnt tionscnamh a chabhródh linn costais a laghdú agus neamhspleáchas a mhéadú. Tá cuid acu curtha i bhfeidhm cheana féin (ceapadh oiliúnóir TFC nua, tá tús curtha le breisoiliúint a chur ar bhaill den bhfoireann agus tá tús curtha le ilghnéitheacht na dteicneolaíochtaí a dtacaítear leo a chuíchóiriú). Tá obair idir lámha chun torthaí a bhaint amach sna tionscnaimh eile chomh maith.<br><br>Ath-imlonnaíodh oiliúnóir inmheánach TFC chuig an Aonad TFC. Tá tuilleadh airgid á shábháil dá bharr agus beidh níos mó solúbthacht againn maidir le roghanna oiliúna, chomh maith.<br><br>Mar thoradh ar athbhreithniú agus comhdhlúthú a dhéanamh ceadúnais bhogearraí sábháladh costais chomhlíonta nach beag a d'fhéadfadh titim ar an Roinn mura mbeadh an obair seo déanta againn. Sábháladh €36,000 in aghaidh na bliana go hiarbhír de bhreis air sin, chomh maith. |
| 16. | Barrchleachtas maidir le cúrsaí comhshaoil a fhí isteach inár gcuid oibríochtaí TFC. | Tá córais uathoibrithe curtha isteach a mhúchann ríomhairí pearsanta gach tráthnóna. Spreagtar na baill foirne le córais a mhúchadh tráthanna eile nach mbíonn siad á n-úsáid acu.<br><br>Coimisiúnaíodh seomra freastalaí nua i Sráid Chill Dara ina bhfuil rialtáin chomhshaoil feabhsaithe.<br><br>Mar thoradh ar bhainistiú cumhachta feabhsaithe ar threalamh TFC tá laghdú 9% ar ídiú fuinnimh bainte amach againn sna trí phríomhfhoirgneamh (Port an Iarla, Sráid Chill Dara agus Teach Davitt). |
| 17. | Timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte a chothú dár bhfoireann agus do chuairteoirí in oifigí na Roinne. | Rinne an Roinn, i gcomhar le Bainistíocht Shinsearach Oifigí na Roinne, athchóiriú ar phríomhchoiste Sláinte agus Sábháilteachta agus thug sí isteach Coistí Sláinte agus Sábháilteachta Tí áitiúla a phléifidh le gnóthaí Sláinte agus Sábháilteachta i ngach foirgneamh agus i ngach Oifig den Roinn. Tá a pearsanra Sláinte agus Sábháilteachta féin ag gach Oifig den Roinn, m. sh. daoine a thugann garchabhair, maoir urláir, srl. |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Chuir an Roinn sainoiliúint sláinte agus sábháilteachta ar fáil dá pearsanra i ngarchabhair, maoirseacht urláir, athbheochan chardascamhógach/uath-dhífhibrileoir seachtrach agus i Sábháilteacht Oifige.<br><br>Le linn 2009 lean an Roinn uirthi ag cur i ngníomh moltaí a dhéantar sa Tuarascáil a rinne *Corporate Risk Strategies Ltd* ar fud na Roinne agus a cuid Oifigí. Tosaíodh ar Ráiteas Sábháilteachta nua a dhréachtú don Roinn agus a cuid Oifigí in 2009 a chuirfear faoi bhráid Bhord Bainistíochtana Roinne. In 2009 rinneadh obair chomh maith, chun imlitreacha atá dírithe go sonrach ar shláinte agus sábháilteacht a dhréachtú i gcomhar leis an Aonad Pearsanra. Sna imlitreacha seo pléitear rudaí ar nós úsáid gluaisteáin i mbun gnó oifigiúil, beartas maidir le caitheamh tobac don Roinn chomh maith le beartas i dtaobh deochanna meisciúla agus drugaí.<br><br>Rinneadh roinnt measúnaithe ar phriacail sláinte agus sábháilteachta ar fud na Roinne agus a cuid Oifigí le linn 2009 agus cuireadh na moltaí a rinneadh dá thoradh i ngníomh ina n-iomláine. |
| 18. | Ár gcuid oifigí go léir a bhainistiú ar shlí atá inrochtana agus tíosach ar fhuinneamh. | Tá an Roinn, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, i mbun foirne fuinnimh a chur ar bun i bhfoirgnimh agus in Oifigí na Roinne go léir d'fhonn na spriocanna maidir le coigilt fuinnimh a bhaint amach atá sonraithe sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide.<br><br>Baineadh coigiltí fuinnimh 13.52% ar an meán amach in 2009 i gcúig cinn dár bhfoirgnimh a bhí rannpháirteach i dtionscnamh coigilte fhuinnimh de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. Baineadh an luach ba mhó, 21.76% amach inár gceanncheathrú i Sráid Chill Dara. |
| 19. | Feabhas a chur ar éifeachtacht bainistíochta agus trédhearcachta ár gcuid gnó, rud lena n-áirítear faisnéis ardcháilíochta faoi Shaoráil Faisnéise agus instraimí eile nach í, agus cumarsáid éifeachtach a chur ar fáil go leanúnach ar fud na Roinne. | Le linn 2009 cuireadh 124 iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise isteach chuig an Roinn. Ba ionann sin agus méadú 46% ar an líon cásanna a fuarthas in 2008. Próiseáladh na hiarratais go léir laistigh de na tréimhsí reachtúla forordaithe (20 lá oibre).<br><br>Níor aimsíodh aon reachtaíocht phríomhúil oiriúnach in 2009 chun leasú a dhéanamh ar an *Tríú Sceideal* den Acht um Shaoráil Faisnéise *(Alt 32 – Forálacha um neamhnochtadh)* d'fhonn forálacha rúndachta áirithe a chur faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Leanfaidh an Roinn uirthi ag déanamh staidéir ar roghanna reachtacha in 2010 chun an leasú beartaithe ar an Acht um Shaoráil |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Faisnéise a éascú.<br><br>Ina theannta sin cuireadh tús le hobair ar fhorbairt *Straitéise Cumarsáide* nua don Roinn. |
| 20. | An clár rollach le haghaidh Athraithe agus Nua-aoisithe sa Roinn a chur chun cinn agus tacú leis d'fhonn feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí chuig líon mór ár luchtanna leasa de réir a chéile. Leanúint orainn gach réimse den bpróiseas nua-aoisithe a chur chun cinn le meon na comhpháirtíochta. | Agus gan aon chomhaontú ar íocaíocht chomharba faoi *Towards 2016* a bheith bainte amach go fóill bhí an Roinn agus a cuid Gníomhaireachtaí ag cur chun cinn a gcuid bearta nua-aoisithe fadtéarmacha i gcónaí lasmuigh d'fhoirmiúlachtaí na struchtúr a ghabhann le *Towards 2016.* I ndáil leis an gclár oibre um nua-aoisiú díríodh aird na Roinne in 2009 go mór mór ar bhearta a aithníodh sa Chláir Athbhreithnithe Eagraíochtúil in 2009 agus a dtugtar tuairisc orthu faoi Sprioc 21 thíos.<br><br>Bhí 5 chuinniú den gCoiste Comhpháirtíochta ar siúl le linn 2009. Phléigh siad le réimse leathan ceisteanna a tharraing baill d'fhoireann na Roinne anuas. De bhreis air sin rinne an Coiste monatóireacht ar chur i ngníomh an Phlean Ghnímh *Great Place to Work*; bhreithnigh sé ar láithreoireachtaí ó Ghrúpa na nÚsáideoirí TFC agus ón nGrúpa Comhionannais; chuir siad le forbairt na Scéime nua le haghaidh Moltaí ó Bhail Foirne; agus d'fhéach siad ar láithreoireacht faoi rátaí asláithreachta de dheasca breoiteachta sa Roinn. |
| 21. | Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chumas na Roinne freastal ar na héilimh a chuireann an bonn leathan custaiméirí atá againn orainn, éilimh a bhíonn ag síor-athrú. | Bhí roinnt cruinnithe ag an gGrúpa um Chur i nGníomh a cuireadh ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i ngníomh an Phlean Ghnímh a rinneadh chun freagairt do na moltaí atá sa tuarascáil ar an gClár Athbhreithnithe Eagraíochtúil 2008 le chéile roinnt uaireanta sa dara leith de 2009. Bhreithnigh an Grúpa faisnéis ar dhul chun cinn atá bainte amach maidir leis na 38 bPointe Gnímh sna 7 réimse théamacha a sonraítear sa Phlean agus chuir sé tús le hoiriúnú na ngníomhartha chun an laghdú ar acmhainní na Roinne a chur san áireamh.<br><br>Sa tuarascáil a rinne an Sainghrúpa ar Líon na n-oibrithe sa tSeirbhís Phoiblí agus ar Chaiteachas (Tuarascáil Mhic Chárthaigh) tugadh roinnt moltaí maidir le hobair na Roinne agus a cuid Gníomhaireachtaí. Rinne an Roinn measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh na moltaí ar fad a imirt ar thacaíocht d'fhiontair / forbairt fiontar d'fhonn moltaí a thabhairt sa bpróiseas breithniúcháin ar Thuarascáil Mhic Chárthaigh agus na cinntí buiséid a rinne an Rialtas ina dhiaidh sin.<br><br>Tá mórán de na moltaí maidir le hAcmhainní Daonna atá |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | i Tuarascáil an Tascfhórsa um Sheirbhísí Poiblí curtha i ngníomh ag an Roinn le tamall anuas agus tugadh cuid eile díobh isteach sa Roinn tríd ár Straitéis Acmhainní Daonna 2008-2010. Mar shampla, faoi mar a cuireadh in iúl i Sprioc 11 thuas, leagtar freagrachtaí ar bhaill foirne agus ath-imlonnaítear baill foirne de réir mar a thagann tosaíochtaí gnó chun cinn. Rinneadh a leithéid go forleathan le linn 2009. Chomh maith leis sin, rinneadh monatóireacht go comhsheasmhach ar an gCóras d'Fhorbairt agus Bainistíocht Feidhmíochta in 2009 agus cuireadh eolas mionchruinn ar dháileadh rátálacha ar fáil don bhainistíocht shinsearach. Faoin Straitéis Acmhainní Daonna cuireadh tús le clár meantóireachta píolótach in 2009 mar fhreagairt do mholadh ón Tascfhórsa um Sheirbhísí Poiblí maidir le leas a bhaint as talann. Rinneadh dul chun cinn le linn 2009 ar spriocanna inghnóthaithe faoin Straitéis Acmhainní Daonna atá ag teacht le spriocanna an Tascfhórsa um Sheirbhísí Poiblí chomh maith, spriocanna cosúil le cúrsa oiliúna píolótach i mbainistíocht tearcfheidhmíochta; taighde ar theicníochtaí le haghaidh pleanáil lucht saothair. |
| 22. | Tuairim is 250 ball d'fhoireann na Roinne agus feidhmeanna Roinne a ath-imlonnú go Ceatharlach laistigh den tréimhse ama atá leagtha síos ag an Rialtas agus lóistíocht an aistrithe a phleanáil ar shlí go ndéantar deimhin de nach gcuirfear isteach ar ghníomhaíochtaí na Roinne. | Aistríodh 100 ball foirne in 2007, roimh an aistriú mór beartaithe, chuig áitreabh sealadach i gCeatharlach. Beifear ag fanacht le torthaí an athbhreithnithe lárnaigh ar an gClár Díláraithe a dhéanfar in 2011 sula n-aistreofar tuilleadh baill foirne go Ceatharlach. |
| 23. | Cur i ngníomh Straitéis Sonraí na Roinne a thabhairt i gcrích agus monatóireacht a dhéanamh uirthi d'fhonn tacú leis an bhfianaise staitisticiúil a mbunaítear cinntí beartais orthu. | Cuireadh an obair ar fhorbairt Straitéise Sonraí don Roinn ar aghaidh le linn 2009 ach níor cuireadh i gcrích í de bharr gur tugadh tosaíocht d'obair eile san Aonad Gnó lena mbaineann.<br><br>Iarradh ar an Aonad Rialuithe Ghnó roghanna maidir le hAitheantóir Uathúil Gnó a fhorbairt a bhreithniú. Tá obair idir lámha ag na Coimisinéirí Ioncaim agus an Príomh-Oifig Staidrimh faoi láthair chun a mbunachair shonraí a oiriúnú dá chéile i dtreo gur féidir leis an bPríomh-Oifig Staidrimh úsáid a bhaint as sonraí riaracháin atá á gcoimeád ag na Coimisinéirí Ioncaim. Mar thoradh air an obair seo beidh níos lú gá le suirbhéanna gnó. Beifear ag féachaint ar thuilleadh céimeanna ina dhiaidh seo agus mar thoradh ar rudaí a |

| | Sprioc | Dul chun cinn ar Ghníomhartha Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | fhoghlaimítear as an togra seo. |
| 24. | A chinntiú go gcuirtear beartais na Roinne seo san áireamh nuair a ullmhaítear tionscnaimh agus cláir tras-Ranna. | Lean an Roinn uirthi ag obair ar fud an Rialtais le comhghleacaithe. D'oibrigh sí agus léirigh sí a cuid tuairimí in iliomad tograí a chuaigh i bhfeidhm ar ár luchtanna leasa (m.sh. seoladh Creatlach an Gheilleagair Chliste, obair atá idir lámha ag Coistí Airí agus Fochoistí éagsúla, ár gclár oibre maidir leis an AE a chur chun cinn srl.). |
| 25. | Iarracht a dhéanamh ar dhul i bhfeidhm ar bheartais agus tionscnaimh de chuid an AE i réimsí beartais a bhaineann le sainchúram na Roinne. | Leanamar orainn, i gcomhar lenár nIonadaíocht Bhuan sa Bhruiséil, ag comhordú tuairimí beartais le haghaidh idirbheartuithe de chuid an AE agus iad a ullmhú chun tionchar a imirt ar thorthaí bearta reachtacha agus neamhreachtacha an AE. Maidir le Comhairle Iomaíochais an AE, dhíríomar isteach ar na saincheisteanna reachtacha agus beartais seo a leanas: athbhreithniú ar Bheartas Tionscail, Acht an AE um Ghnólachtaí Beaga, Athbhreithniú ar an Margadh Aonair, Straitéis iar-Liospóin – An Eoraip 2020, an Margadh Inmheánach, Rialú níos Fearr, Taighde agus Forbairt agus Maoin Intleachtúil. |

# Aguisín 1

## Meastachán (nó Buiséad don Roinn do 2009 lena n-áirítear táirgeacht shealadach do 2008).

### FIONTAR, TRÁDÁIL AGUS FOSTAÍOCHT

I. Meastachán ar an méid a theastóidh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 do thuarastail agus chostais Oifige an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ag áireamh seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, le híocaíocht a dhéanamh ar fhóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair áirithe agus d'íoc deontas áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta.

(a) mar sholáthar don bhliain reathas

**Míle, ceithre chéad agus naoi milliún is seasca, trí chéad agus seacht míle is ochtó euro**

**(€1,469,387,000)**

(b) mar iarratas ar sheirbhísí soláthar caipitil ar leithreasuithe nár caitheadh, go bhféadfaí a ngéilleadh a chur siar faoi Alt 91 d'Achtt Airgeadais 2004.

**Ocht milliún déag, trí chéad agus sé mhíle is fiche euro**

**(€18,326,000)**

II. Fo-theidil faoina ndéanfar cuntasacht ar an Vóta seo ag Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

| | Cur i nGníomh Sealadach 2008 | | | **Meastachán 2009** | | | Athrú 2009 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | thar 2008 |
| **Riarachán** | €000 | €000 | **€000** | €000 | €000 | **€000** | % |
| TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS | 35,554 | - | **35,554** | 36,040 | - | **36,040** | 1% |
| TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL | 1,575 | - | **1,575** | 1,246 | - | **1,246** | -21% |
| COSTAIS THEAGMHASACHA | 1,549 | - | **1,549** | 1,348 | - | **1,348** | -13% |
| POST AGUS CUMARSÁID SEIRBHÍSÍ. | 1,252 | - | **1,252** | 840 | - | **840** | -33% |
| MEAISÍNÍ OIFIGE AGUS EILE OIFIGE SOLÁTHAIRTÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA | 5,253 | - | **5,253** | 4,819 | - | **4,819** | -8% |
| COSTAIS ÁITREAMH OIFIGE | 1,677 | - | **1,677** | 1,566 | - | **1,566** | -7% |
| SEIRBHÍSÍ COMHAIRLIÚCHÁIN | 547 | - | **547** | 155 | - | **155** | -72% |
| FÓGRAÍOCHT AGUS POIBLÍOCHT | 250 | - | **250** | 351 | - | **351** | 40% |
| OIFIG AN STIÚRTHÓRA CORPARÁIDE FORFHEIDHMIÚCHÁN | 4,324 | - | **4,324** | 5,535 | - | **5,535** | 28% |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AN CHÚIRT OIBREACHAIS | 2,983 | - | **2,983** | 3,115 | - | **3,115** | 4% |
| AN ´tÚDARÁS NÁISIÚNTA UM CHEARTA FOSTAÍOCHTA | 9,593 | - | **9,593** | 8,731 | - | **8,731** | -9% |
| ATHBHREITHNIÚ AR LUACH AR AIRGEAD AGUS AR PHOLASAÍ | 165 | - | **165** | 100 | - | **100** | -39% |
| *FO-IOMLÁN:-* | *64,722* | - | ***64,722*** | *63,846* | - | ***63,846*** | *-1%* |
| **FORBAIRT FIONTAR, EOLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT** | | | | | | | |
| FORFÁS – DEONTAS RIARACHÁIN AGUS AR CHOSTAIS GHINEARÁLTA | 36,033 | - | **36,033** | 36,527 | - | **36,527** | 1% |
| IDIR-THRÁDÁIL ÉIREANN | 2,386 | 4,150 | **6,536** | 2,499 | 6,000 | **8,499** | 30% |
| UFT ÉIREANN – DEONTAS RIARACHÁIN AGUS AR CHOSTAIS GHINEARÁLTA | 44,099 | - | **44,099** | 41,877 | - | **41,877** | -5% |
| UFT ÉIREANN - DEONTAIS DO THIONSCLAÍOCHT | - | 75,120 | **75,120** | - | 70,364 | **70,364** | -6% |
| UFT ÉIREANN – DEONTAS AR FHOIRGNIMH OIBRÍOCHTAÍ | - | 3,400 | **3,400** | - | 3,230 | **3,230** | -5% |
| FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS AR RIARACHÁN AGUS AR CHOSTAIS GHNINEARÁLTA | 100,218 | - | **100,218** | 94,476 | - | **94,476** | -6% |
| FIONTRAÍOCHT ÉIREANN - DEONTAS DO THIONSCLAÍOCHT | 7,570 | 48,800 | **56,370** | 7,746 | 92,400 | **100,146** | 78% |
| FIONTRAÍOCHT ÉIREANN - DEONTAS CAIPITIL CAITEACHAS | - | 3,400 | **3,400** | - | 2,400 | **2,400** | -29% |
| CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAIM NA SIONAINNE TEORANTA –DEONTAS AR RIARACHÁN AGUS AR CHOSTAIS GHNINEARÁLTA | 102 | - | **102** | 2 | - | **2** | -98% |
| CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAIM NA SIONAINNE TEORANTA – DEONTAIS DO THIONSCLAÍOCHT | - | 1,289 | **1,289** | - | 700 | **700** | -46% |
| - EOLAÍOCHT, TEICNEOLAÍOCHT AGUS NUÁLAÍOCHT CLÁIR | 24,581 | 280,378 | **304,959** | 21,674 | 289,292 | **310,966** | 2% |

| | Cur i nGníomh Sealadach 2008 | | **Meastachán 2009** | Athrú 2009 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | thar 2008 |
| **FORBAIRT FIONTAR, EOLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT – ar leanúint** | €000 | €000 | **€000** | €000 | €000 | **€000** | % |
| - FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA CONTAE | 13,642 | 17,537 | **31,179** | 13,583 | 14,229 | **27,812** | -11% |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CLÁR MONATÓIREACHTA AGUS MEASÚNAITHE AR CHLÁIR AE | 3 | - | **3** | 100 | - | **100** | - |
| FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA INTERREG | - | - | **-** | - | 2,000 | **2,000** | - |
| - AN tÚdarás UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN | | | | | | | |
| - DEONTAS RIARACHÁIN AGUS AR CHOSTAIS GHINEARÁLTA | 8,237 | 550 | **8,787** | 7,965 | 276 | **8,241** | -6% |
| *FO-IOMLÁN:-* | *236,871* | *434,624* | ***671,495*** | *226,449* | *480,891* | ***707,340*** | *5%* |
| **FORBAIRT AR AN LUCHT SAOTHAIR** | | | | | | | |
| RIARACHÁN AGUS COSTAIS GHNINEARÁLTA FÁS | 149,754 | - | **149,754** | 150,111 | - | **150,111** | - |
| TACAÍOCHTAÍ TRAENÁLA AGUS COMHTHÁTHAITHE FÁS | 98,485 | - | **98,485** | 108,245 | - | **108,245** | 10% |
| CLÁIR FHOSTAÍOCHTA FAS | 434,550 | - | **434,550** | 440,669 | - | **440,669** | 1% |
| CAIPITEAL FÁS | - | 16,000 | **16,000** | - | 7,500 | **7,500** | -53% |
| - DEONTAS D'EAGRAÍOCHT NA hÉIREANN DO DHAOINE DÍFHOSTAITHE . | 52 | - | **52** | 52 | - | **52** | - |
| CLÁR FEIDHMÍOCHTA D'FHORBAIRT ACMHAINNÍ DAONNA - - CÚNAMH TEICNIÚIL . | 502 | - | **502** | 1,653 | - | **1,653** | 229% |
| CLÁR LEONARDO | 140 | - | **140** | 140 | - | **140** | - |
| - TACAÍOCHT THEICNIÚIL DO THIONSCNAIMH POBAIL . | 496 | - | **496** | - | - | **-** | - |
| - CISTÍOCHT CHOMHFHREAGRACH DO .THIONSCNAIMH POBAIL | 40 | - | **40** | - | - | **-** | - |
| - TIONSCNAMH UM CHOMHPHÁIRTÍOCHTA COTHROMA POBAIL | 2,469 | - | **2,469** | - | - | **-** | - |
| *FO-IOMLÁN:-* | *686,488* | *16,000* | ***702,488*** | *700,870* | *7,500* | ***708,370*** | - |
| **Cearta Fostaíochta AGUS CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH** | | | | | | | |
| - Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais - DEONTAS AR RIARACHÁN AGUS AR CHOSTAIS GHNINEARÁLTA . | 5,921 | - | **5,921** | 6,286 | - | **6,286** | 6% |
| DEONTAIS AR SHEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN CHEARDCHUMANN | 1,511 | - | **1,511** | 1,200 | - | **1,200** | -21% |
| CUR CHUN CINN AR CHISTE NUÁLAÍOCHTA NA HÁITE OIBRE | | | | | | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NA HÁITE OIBRE … | 418 | - | **418** | 805 | - | **805** | 93% |
| COMHNASCTHAÍ CEARDCHUMAINN … | 50 | - | **50** | 50 | - | **50** | - |
| *FO-IOMLÁN:-* | *7,900* | - | ***7,900*** | *8,341* | - | ***8,341*** | *6%* |
| **TRÁCHTÁIL, TOMHALTÓIRÍ AGUS IOMAÍOCHAS** | | | | | | | |
| - DEONTAS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA | 5,957 | - | **5,957** | 5,568 | - | **5,568** | -7% |
| Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóra – DEONTAS AR RIARACHÁN AGUS AR CHOSTAIS GHNINEARÁLTA | 7,605 | - | **7,605** | 8,588 | - | **8,588** | 13% |
| TACAÍOCHT DON TOMHALTÓIR | 68 | - | **68** | 68 | - | **68** | - |
| AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ AGUS CLÁR NA gCARA-CHUMANN - DEONTAS DO RIARACHÁN AGUS AR CHOSTAIS GHNINEARÁLTA | 9,808 | - | **9,808** | 8,912 | - | **8,912** | -9% |
| ÚDARÁS MAOIRSEACHTA INIÚCHTA AGUS CUNTASAÍOCHTA NA HÉIREANN (DEONTAS I GCABHAIR) … | 1,220 | - | **1,220** | 1,532 | - | **1,532** | 26% |
| *FO-IOMLÁN:-* | *24,658* | - | ***24,658*** | *24,668* | - | ***24,668*** | *0%* |

*Fo-cheannteideal airgeadteoranta*

| | Cur i nGníomh Sealadach 2008 | | | **Meastachán 2009** | | | Athrú 2009 thar 2008 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | |
| **Sláinte agus Sábháilteacht** | €000 | €000 | **€000** | €000 | €000 | **€000** | % |
| - AN tÚDARÁS sláinte agus sábháilteachtA - DEONTAS DO RIARACHÁN AGUS AR CHOSTAIS GHNINEARÁLTA | 23,940 | - | **23,940** | 22,638 | - | **22,638** | -5% |
| *FO-IOMLÁN:-* | *23,940* | - | ***23,940*** | *22,638* | - | ***22,638*** | *-5%* |
| **SEIRBHÍSÍ EILE** | | | | | | | |
| - TAIGHDE AG ÁIREAMH SUIRBHÉIREACHTAÍ AR DHAONCHUMHACHT | 145 | - | **145** | 235 | - | **235** | 62% |
| - CREATCHOISTE NÁISIÚNTA AR PHOLASAITHE COTHROMAÍOCHTA OIBRE/SAOL … | 153 | - | **153** | 175 | - | **175** | 14% |
| - SÍNTIÚIS D'EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA, ETC. .... | 16,193 | - | **16,193** | 17,330 | - | **17,330** | 7% |
| COIMISIÚIN, COISTÍ AGUS FIOSRUITHE SPEISIALTA | 507 | - | **507** | 702 | - | **702** | 38% |
| ÍOCAÍOCHTAÍ ILGHNÉITHEACHA | 809 | - | **809** | 2,327 | - | **2,327** | 188% |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AOISLIÚNTAS AGUS PINSIN DO BHAILL NA CÚIRTE OIBREACHAIS AN COIMISIÚN UM CHLEACHTAIS SHRIANTACHA AGUS AN tÚDARÁS IOMAÍOCHTA CREIDMHEAS ÁRACHAIS EASPÓRTÁLA – AISÍOC LEIS | 527 | - | **527** | 708 | - | **708** | 34% |
| AN STÁTCHISTE … | 60 | - | **60** | 17 | - | **17** | -72% |
| *FO-IOMLÁN:-* | *18,394* | - | ***18,394*** | *21,494* | - | ***21,494*** | *17%* |
| Móriomlán :- | 1,062,973 | 450,624 | **1,513,597** | 1,068,306 | 488,391 | **1,556,697** | 3% |
| *Déaduchtaigh:-* | | | | | | | |
| - Leithreasuithe i gcabhair | 79,287 | 570 | **79,857** | 87,230 | 80 | **87,310** | 9% |
| Iomlán glan | 983,686 | 450,054 | **1,433,740** | 981,076 | 488,311 | **1,469,387** | 2% |
| | | | | Méadú Glan | | | 35,647 |
| *Pá agus pinsin an Státchiste san áireamh san iomlán glan thuas …* | | | *336,998* | | | *325,979* | -3% |
| *Fostaithe agus pinsinéirí na Seirbhíse Poiblí a bhaineann le hábhar …* | | | *7,412* | | | *7,481* | *1%* |

*An Fotheideal faoina bhfuil sé i gceist an tsuim de €18.236 milliún i leeithreasuithe neamhchaitedo sheirbhísí soláthar caipitil 2008 a chur.*

| | Cur i nGníomh Sealadach 2008 | **Meastachán 2009** | Athrú 2009 thar 2008 |
|---|---|---|---|
| | | *Forchur an Ghéillte Iarchurtha.* | |
| | €000 | €000 | % |
| IDIR-THRÁDÁIL ÉIREANN | 1,200 | **-** | - |
| FIONTRAÍOCHT ÉIREANN - DEONTAS DO THIONSCLAÍOCHT | - | **3,500** | - |
| FIONTRAÍOCHT ÉIREANN - DEONTAS AR CAITEACHAS CAIPITIL | 2,000 | **-** | - |
| - EOLAÍOCHT, TEICNEOLAÍOCHT AGUS NUÁLAÍOCHT CLÁIR | - | **6,000** | - |
| - FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA CONTAE | - | **6,000** | - |
| - AN TÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN | - | **326** | - |
| DO RIARACHÁN AGUS AR CHOSTAIS GHNINEARÁLTA | - | **2,500** | - |
| | 3,200 | **18,326** | - |

**Meastachán ar Ioncam agus Chaiteachas an Chiste Oilúna Náisiúnta [(a)]**

| | Cur i nGníomh Sealadach 2008 | **Meastachán 2009** | Athrú 2008 thar 2008 |
|---|---|---|---|
| | Reatha | **Reatha** | |
| | €000 | **€000** | % |
| Ioncam: | | | |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí .... | 413,000 | **392,000** | -5% |
| Ioncam ó infheistíochtaí .... | 6,200 | **6,000** | -3% |
| Fáltais ón gCiste Shóisialaigh Eorpach | - | **7,000** | - |
| An tIoncam Iomlán:- | 419,200 | **405,000** | -3% |
| Caiteachas: | | | |
| Clár Líonraí Oiliúna (FÁS agus Skillnets) | 191,698 | **122,064** | -36% |
| FÁS - Oiliúint do dhaoine le linn fostaíochta…. | 195,816 | **248,558** | 27% |
| FÁS - An tAonad Anailíse Scileanna…. | 383 | **379** | -1% |
| FÁS - Ciste Oideachais an Ionaid Oibre …. | 3,110 | **3,005** | -3% |
| GFT Éireann - Deontais Oiliúna do Thionscail .... | 2,500 | **2,500** | - |
| Fiontar Éireann - Deontais Oiliúna do Thionscail .... | 3,000 | **2,950** | -2% |
| CFANST (SFADCo) - Deontais Oiliúna do Thionscail .... | 39 | **255** | - |
| Treoir-Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (IEI) .... | 450 | **300** | -33% |
| Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna amach anseo (Forfás) .... | 535 | **637** | - |
| Aonad Tacaíochta Teicniúla (Oiliúint -I-gCuideachta) .... | 707 | **-** | - |
| Tacaíochtaí Oiliúna Eile .... | 797 | **835** | 5% |
| An Caiteachas Iomlán:- | 399,035 | **381,483** | -4% |
| Farasbarr Ioncaim ar Chaiteachas .... | 20,165 | **23,517** | 17% |
| Méid an Bharrachais sa Chiste ar 31 Nollaig 2008 (Réamh-mheastachán is déanaí) .... | 181,161 | | |
| Méid an Bharrachais sa Chiste ar 31 Nollaig 2009 (tuartha) .... | | **204,678** | |

*(a)* *Leithdháiltear caiteachas faoin gCiste Oiliúna Náisiúnta ar eagraíochtaí a fheidhmíonn scéimeanna chun scileanna daoine atá ar fostaíocht a fheabhsú nó chun oiliúint a thabhairt do dhaoine ar mian leo scileanna a fhoghlaim chun fostaíocht a fháil, nó chun faisnéis a sholáthar maidir le riachtanais scileanna sa gheilleagar, idir scileanna reatha agus dhóchúla sa todhchaí. Tugann leithdháileadh an CNO do FÁS cabhair bhreise le haghaidh gníomhaíocht a mhaoinítear as fo-mhírchinn Státchiste K1-K3.*

# Aguisín 2

## Tuarascáil faoi Chomhlíonadh Fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas

Le linn 2009, thabhaigh 23 sonrasc ús pionósach €878.43. Tugtar miondealú ar an méid sin mar seo a leanas:

- Maidir le 8 sonrasc, bhí an íocaíocht dlite thar téarma suas go 30 lá arbh é €157.40 méid an úis.

- Maidir le 6 shonrasc, bhí an íocaíocht dlite thar téarma idir 31 agus 60 lá arbh é €80.15 méid an úis.

- Maidir le 9 sonrasc, bhí an íocaíocht dlite thar téarma níos mó ná 60 lá, arbh é €640.88 méid an úis.

De réir I.R. Uimh. 388, ní íoctar an t-ús ach amháin nuair is méid os cionn €5 atá dlite.

Ba é 43 an figiúr comhfhreagach do 2008 i leith íocaíochtaí déanacha, arbh é €2,405.33 an t-ús íoc pras.

## Tuarascáil faoi Chomhlíonadh Chinneadh an Rialtais, an 19 Bealtaine, a chuireann ceanglas íocaíochta 15 lá chun feidhme do sholáthróirí ag Ranna Rialtais.

**Tréimhse a chlúdaítear: 1 Iúil 2009 – 31 Nollaig 2009**

| Sonraí | Líon | Luach (€) |
|---|---|---|
| **An líon íocaíochtaí a rinneadh taobh istigh de 15 lá** | 3,687 | 101,623,438.70 |
| **An líon íocaíochtaí a rinneadh taobh istigh de 16-30 lá** | 564 | 1,353,017.16 |

# Aguisín 3

## Tuarascáil faoin Anailís Rialála Tionchair (RIA) a rinne an Roinn in 2009

**Cead a thabhairt cleachtas cuntasaíochta na SA a bhfuil glacadh leis (US GAAP) a úsáid nó caighdeáin eile cuntasaíochta**

Ullmhaíodh RIA bunaithe ar na roghanna atá ar fáil le reachtú maidir le húsáid US GAAP nó cleachtais cuntasaíochta eile. Tá téacs iomlán an RIA ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Ba é cuspóir na reachtaíochta foráil a dhéanamh maidir le máthairchuideachtaí liostaithe sna Stáit Aontaithe, a chorpraíonn in Éirinn, a gcuntas aonair máthairchuideachta agus grúpa a ullmhú agus iad ag úsáid GAAP US. D'úsáidfidís sin in ionad GAAP na hÉireann nó IFRS ar feadh ceithre bliana airgeadais ar a laghad tar éis dóibh a chorprú, nó ag críochnú roimh nó ag an 31 Nollaig 2015. Ba é an chuspóir freisin foráil a dhéanamh maidir le Rialacháin a dhéanamh sa todhchaí, más gá, a cheadóidh do mháthairchuideachtaí nach bhfuil liostaithe ar mhargadh rialáilte sa LEE a gcuid cuntas a ullmhú de réir caighdeáin eile cuntasaíochta shonraithe. Achtaíodh reachtaíocht in 2009 chun éifeacht a thabhairt don dá chuspóir trí Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Uimh. 45 de 2009).

Ba é cuspóir na reachtaíochta an trasdul ordúil chuig GAAP na hÉireann nó IFRS an AE ag corparáidí na SA a éascú, ar corparáidí iad atá ag smaoineamh ar a gcuid cuideachtaí shealbhaíochta a bhogadh go hÉireann/nó a bhog le déanaí, trí chead a thabhairt dóibh a gcuid cuntas a ullmhú de réir GAAP na Stát Aontaithe ar bhonn idirthréimhseach ar feadh íostréimhse ama.

Ba é chuspóir na bhforálacha fáil réidh le costais a eascróidh do chuideachtaí agus a gcuid cuntas á n-ullmhú le GAAP na hÉireann nó IFRS sa ghearrthéarma.

# Aguisín 4
## Reachtaíocht a achtaíodh in 2009

**Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009 (Uimh. 20 de 2009)**

Tháinig Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009 in éifeacht an 12 Iúil 2009. Tugadh isteach é mar fhreagra ar imeachtaí san earnáil seirbhísí airgeadais. Cuireann an tAcht le trédhearcacht íasachtaí a dhéanann gnóthaí, ar bainc iad, dá stiúrthóirí agus do dhaoine i dteagmháil leo. Sa bhreis air sin, tá líon beart san Acht a chuireann le cumhachtaí an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena chuid iarrachtaí comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a fhorghníomhú, cibé atá an chuideachta, a bhfuil iniúchadh á dhéanamh uirthi, ina banc nó nach bhfuil. Leasaíodh roinnt forálacha reatha, freisin, i leith cuideachtaí Éireannacha cláraithe neamhchónaitheoirí, chun freastal ar chúraimí Choimisiún an AE.

**Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Uimh. 45 de 2009)**

Tugadh isteach roinnt forálacha nua tábhachtacha d'Achtanna na gCuideachtaí trí Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Áiríodh orthu sin líon tionscnamh a tugadh isteach mar fhreagra ar dheiseanna nua fostaíochta a d'aithin an tionscal.

Áiríodh ar na bearta sin cead a thugtar do roinnt cuideachtaí, ar bhonn sealadach, Prionsabail Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo sna Stáit Aontaithe (US GAAP) a úsáid agus a gcuid cuntas á n-ullmhú acu. Chomh maith leis sin, tugadh meicníocht isteach san Acht a cheadaíonn cineálacha áirithe ciste comhinfheistíochta chun a gcuid gníomhaíochtaí a aistriú go hÉireann, agus aisti, gan fhoirceannadh ar dtús sna dlínsí ina bhfuil siad. Sa bhreis air sin, déantar foráil maidir le Stocmhalartáin a aithint lasmuigh den Stát, le hordú ón Aire, inar féidir le cuideachtaí a gcuid scaireanna féin a cheannach i margaí i dtíortha thar lear. Cuireann sé teorainn le costais a d'fhéadfadh bheith ar an Státchiste maidir le cineálacha áirithe iniúchtaí a dhéantar ar ghnóthaí cuideachta. Faoi dheireadh, déantar foráil maidir le ballraíocht leanúnach stiúrthóirí coistí fiosrúcháin a bhunaigh Údarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IASSA). Shínigh an tUachtarán an tAcht sa dlí an 23 Nollaig 2009.

# Aguisín 5

# Ionstraimí Reachtúla a rinneadh le linn 2009

**I.R. Uimh. 13 de 2009**

**An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (Iniúchóireacht agus Cuntasaíocht) 2003 (Tosach Feidhme) 2009**
Socraíonn an tOrdú seo an 27 Eanáir 2009 an dáta a thiocfaidh alt 36 den Acht i ngníomh. Ceadaíonn an fhoráil seo tacaíocht reachtúil maidir le nósanna imeachta araíonachta comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe.

**I.R. Uimh. 20 de 2009**

**Rialacha Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Imeachtaí os comhair an Cheannasaí) 2009**
Is é feidhm na Rialacha seo nósanna imeachta a bheidh le hurramú a fhorordú mar aon leis na táillí is iníochta i ndáil le nósanna imeachta os comhair an Cheannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 (Uimh. 28 de 2000).

**I.R. Uimh. 169 de 2009**

**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha i gcoinne Daoine agus Eintitis Áirithe a bhaineann le Usama Bin Laden, le líonra Al-Qaida agus leis na Talabanaigh) (Leasú) 2009**
Is é éifeacht na Rialachán seo an Ionstraim Reachtúil lena ndearnadh foráil maidir le pionóis i leith sáruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 881 de 2002 ón gComhairle a thug bearta isteach i gcoinne daoine agus eintitis áirithe a bhaineann le Usama Bin Ladan, le líonra Al-Qaida agus leis na Talabanaigh.

**I.R. Uimh. 181 de 2009**

**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (Burma/Myanmar) 2009**
Is é éifeacht na Rialachán seo foráil a dhéanamh maidir le pionóis i leith sáruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 194/2008 ón gComhairle maidir le hathnuachan eile ar bhearta sriantacha áirithe lena n-áirítear, toirmeasc ar chúnamh teicniúil agus ar mhaoiniú a sholáthar a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata agus toirmeasc ar threalamh a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhair Diansmachta Inmheánaigh a dhíol le Burma/Myanmar, a sholáthar dó, a aistriú nó a onnmhairiú chuige agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (Burma/Myanmar) 2006 (I.R. Uimh. 473 de 2006) a aisghairm.

**Na Rialacha Paitinní (Leasú) 2009 (Uimh. 194 de 2009)**
Eascraíonn Rialacha na bPaitinní (Leasú) 2009 as leasuithe a rinneadh ar reachtaíocht phríomha, achtú Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 go sonrach. Bhí gá le hathruithe

áirithe a dhéanamh ar rialacha do thosach feidhme alt áirithe Acht na bPaitinní (Leasú) 2006, go háirithe na forálacha a bhaineann leis an gConradh um Dhlí na bPaitinní. Sa bhreis air sin, agus na leasuithe sin á ndéanamh, thapaigh an tAonad um Maoin Intleachtúil an deis sin athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacha na bPaitinní go ginearálta agus na leasuithe agus na breisithe cuí a dhéanamh. Déantar 34 leasú ar Rialacha na bPaitinní 1992 a bhí ann cheana le Rialacha na bPaitinní (Leasú) 2009, mar aon le seacht dtáille nua agus dhá athrú ar an sceideal táillí a bhí ann cheana. Bhí gá le toiliú agus le síniú an Aire Airgeadais a fháil do na táillí is inmhuirearaithe i leith nósanna imeachta os comhair an Cheannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna. Shínigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan T.D., Rialacha na bPaitinní (Leasú) an Déardaoin, an 21 Bealtaine 2009.

**An tOrdú um Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 (Forálacha Áirithe) (Tosach Feidhme) 2009 (I.R. Uimh. 196 de 2009)**

Bhí gá le hathruithe áirithe a dhéanamh ar rialacha do thosach feidhm roinnt alt Acht na bPaitinní (Leasú) 2006, go háirithe na forálacha a bhaineann leis an gConrach um Dhlí na bPaitinní. Thug na hailt seo tosach feidhme don Ordú um Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 (Forálacha Áirithe) 2009 a shínigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan T.D. Déardaoin, an 21 Bealtaine 2009.

**I.R. Uimh. 229 de 2009**

**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Idirthréimhseacha i leith Iniúchóirí Tríú Tíortha) 2009**

Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Chinneadh 2008/627/CE ón gCoimisiún, an 29 Iúil 2008, agus déanann siad foráil maidir le tréimhse idirthréimhseach i ndáil le ceanglais chlárúcháin a leagtar amach in Alt 45 de Theoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 i ndáil le hiniúchóirí agus le heintitis iniúchóireachta ó thríú thíortha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh an Choimisiúin.

Is iad na hiniúchóirí tríú tíortha agus na heintitis iniúchóireachta atá i gceist ná na hiniúchóirí agus na heintitis iniúchóireachta nach de chuid an AE iad a dhéanann iniúchadh ar chuideachtaí a chorpraítear lasmuigh den Chomhphobal Eorpach ina nglactar a gcuid urrúis inaistrithe chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte laistigh den Chomhphobal. Soláthraítear an fhaisnéis ordaithe lena clárú do na húdaráis inniúla i mBallstáit a gceanglaítear orthu é a thaifeadadh agus a chinntiú go gcuirtear an pobal ar an eolas faoi chuid dá ngnéithe sonracha. Tá feidhm ag na socruithe dá bhforáiltear sna Rialacháin do bhlianta airgeadais dar tosach an 29 Meitheamh 2008 agus dar críoch an 1 Iúil 2010. Cuireadh na Rialachain i bhfeidhm le héifeacht ón 26 Meitheamh 2009.

**I.R. Uimh. 302 de 2009**

**An tOrdú um Acht na gCuideachtaí 1963 (An tOchtú Sceideal a athrú) 2009**

Athraíonn an tOrdú seo an tOchtú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí 1963 trí Chuid 1 den Sceideal a chur ina ionad. Cúlghaireann an tOrdú Ordú na gCuideachtaí (Táillí) (Uimh. 4) 2005 (I.R. Uimh. 737 de 2005) agus Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2006 (I.R. Uimh. 502 de 2006).

**I.R. Uimh. 303 de 2009**

**An tOrdú faoin Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha (Tosach Feidhme) 2009**
Socraíonn an tOrdú seo an 1 Meán Fómhair 2009 an dáta a thiocfaidh alt 59 agus 60 den Acht i ngníomh. Ceadaíonn na forálacha seo ainm chuideachta a fhorchoimeád ar feadh tréimhse áirithe sula ndéantar é a chorprú.

**I.R. Uimh. 304 de 2009**

**An tOrdú Cuideachtaí (Táillí) 2009**
Déantar foráil leis an Ordú seo maidir le comhdú táillí má chomhdaítear doiciméid áirithe go leictreonach nó i bhfoirm páipéir le Cláraitheoir na gCuideachtaí.

**I.R. Uimh. 305 de 2009**

**An tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht) 2009**
Is é éifeacht an Ordaithe seo a chumasú don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta onnmhairiú earraí, a luaitear sa Sceideal a ghabhann leis an Ordú seo, a rialú. Déanann an tOrdú I.R. Uimh.884 de 2005 a aisghairm.

**I.R. Uimh. 306 de 2009**

**Na Rialacháin Aerfoirt Neamhchustaim (Réim Dlíthe a Leathnú) 2009**
Is é éifeacht na Rialachán seo forálacha an Ordaithe chun Onnmhairí a Rialú (Earraí agus Teicneolaíocht) 2009 (I.R. Uimh.305 de 2009) a leathnú don Aerfort Neamhchustaim.

**I.R. Uimh. 316 de 2009**

**Na Rialacháin um Chearta Scairshealbhóirí (Treoir 2007/36/Ce) 2009**
Tugann na Rialacháin seo éifeacht d'fhorálacha na Treorach 2007/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 11 Iúil 2007, maidir le cearta áirithe scairshealbhóirí a fheidhmiú a ghabhann le scaireanna vótála i ndáil le cruinnithe ginearálta bliantúla cuideachtaí a bhfuil a n-oifig chláraithe sa Stát nó a nglactar a gcuid scaireanna chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte lonnaithe nó a oibríonn i mBallstáit. Tríd na Rialacháin, leasaítear alt áirithe d'Acht na gCuideachtaí 1963 a dhéileálann le hábhar na Treorach, arb é is éifeacht leis roinnt ceart a bhí ann roimhe i ndlí na gcuideachtaí in Éirinn a fheabhsú agus foráil a dhéanamh maidir le cearta nua sa réimse sin.

**I.R. Uimh. 35 de 2009**

**An tOrdú fán Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 (Tosach Feidhme) 2009**

Socraíonn an tOrdú an 23 Lúnasa 2009 an dáta a thiocfaidh alt 69 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 i ngníomh. Déanann alt 69 Údarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann a ainmniú mar údarás inniúil faoi alt 21(3) d'Acht na gCuideachtaí 1990, a bhaineann le faisnéis a shlánchoimeád, ar faisnéis é a fhaigtear le linn imscrúduithe reachtúla a dhéanann Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Mar údarás inniúil, beidh an IAASA ábalta faisnéis faoi rún, a eascraíonn as feidhmiú cumhachtaí imscrúdaitheacha reachtúla an ODCE, a fháil.

**I.R. Uimh. 433 de 2009**

**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comharchumann na hEorpa) 2009**

Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Rialachán (CE) Uimh. 1435/2003 ón gComhairle, an 22 Iúil 2001, maidir leis an Reacht do Chomharchumann Eorpach (SCE). Déanann an Rialachán ón gComhairle foráil maidir le Comharchumann na hEorpa a bhunú ar a dtabharfar "SCE". Is é cuspóir an Reachta gníomhaíochtaí trasteorann ag eintitis chomhoibríocha a éascú. Rinneadh foráil maidir le páirtíocht fostaithe in SCE go leithleach faoi Theoir ón AE 2003/72/CE a ndearna I.R. Uimh. 259/2007 a thrasuí.

**I.R. Uimh. 440 de 2009**

**Na Rialacháin faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 (Fógra Urghabhála) 2009**

Forordaíonn na Rialacháin seo an fhoirm fógra a bheidh le tabhairt ag an am urghabhála don úinéir, don áititheoir, nó don duine atá i bhfeighil na háite a ndéantar cóipeanna sáraitheacha, taifeadtaí aindleathacha, gairis sáraithe cosanta a urghabhháil nó earraí a bhaineann le cóipeanna sáraitheacha nó taifeadtaí aindhleathacha a dhéanamh, de réir mar a bheidh, faoi Alt 133 nó Alt 257 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 (Uimh. 28 de 2000).

**I.R. Uimh. 443 de 2009**

**An tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Ítimí Dé-Úsáide) 2009**

Is é éifeacht an Ordaithe seo foráil a dhéanamh maidir le pionóis i leith sáruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 428/2009, an 5 Bealtaine 2009, ón gComhairle lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun onnmhairí, aistriú, bróicéireacht agus iompar ítimí dé-úsáide a rialú, agus chun rialuithe bróicéireachta agus iompair a chur i bhfeidhm ar ítimí áirithe dé-úsáide má táthar chun iad a úsáid i dtaca le hairm ollscriosta. Déantar foráil leis an Ordú chomh maith go bhféadfadh an tAire toirmeasc a chur ar cheanglas údaraithe nó é a fhorchur ar ítimí áirithe dé-úsáide a easpórtáil ar chúiseanna slándála poiblí nó cúinsí cearta daonna.

Déanann an tOrdú Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Onnmhaire Ítimí Dé-úsáide a Rialú) 2000 (I.R. Uimh. 317 de 2000).

**I.R. Uimh. 446 de 2009**

**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rannóirí Aerosóil) (Leasú) 2009**

Leagtar síos forálacha i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rannóirí Aerosóil) 1988 maidir le rannóirí aerosóil a dhéantúsú, a líonadh, a mhargú agus lipéadú. Is é an chuspóir atá ag na Rialacháin Leasaitheacha, a chuireann Treoir 2008/47/CE ón gCoimisiún i bhfeidhm, sonraíochtaí teicniúla agus ceanglais lipéadaithe a oiriúniú don phróiseas teicniúil.

**I.R. Uimh. 450 de 2009**

**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46/CE) 2009**

Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Theoir 2006/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 14 Meitheamh 2006, a leasaíonn Treoracha 78/660/CEE ón gComhairle maidir le cuntais bhliantúla cineálacha áirithe cuideachtaí, 83/349/CEE maidir le cuntais chomhdhlúite, 86/635/CEE maidir le cuntais bhliantúla agus chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais, agus 91/674/CEE maidir le cuntais bhliantúla agus chomhdhlúite gnóthais árachais. Is iad príomhcheanglais na Treorach oibleagáidí socruithe lasmuigh den chlár comhardaithe a nochtadh, idirbhirt páirtithe gaolmhara agus (do chuideachtaí le hurrús a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte LEE .i. cuideachtaí liostaithe) ráiteas rialachais chorparáidigh a ullmhú agus a fhoilsiú lena n-áirítear cur síos ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca. Cuireadh na Rialacháin seo i bhfeidhm le héifeacht ón 18 Samhain 2009.

**I.R. Uimh. 478 de 2009**

**Na Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Seirbhísí um Chosaint Shibhialta a Dhíolmhú) 2009**

Is é cuspóir na Rialachán seo mion-leasú teicniúil a dhéanamh ar na Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Seirbhísí um Chosaint Shibhialta a Dhíolmhú) 1998 (I.R. Uimh. 52 de 1998) chun an t-athrú ar an ainm "Seirbhís Éigeandála Muirí na hÉireann" go "Gardaí Cósta na hÉireann" a thabhairt san áireamh ionas go dtagraíonn na tagairtí sna Rialacháin don ainm nua anois .i. "Gardaí Cósta na hÉireann", agus do dhaoine eile a ghabhann do ghníomhaíocht a thacaíonn le seirbhís éigeandála Ghardaí Cósta na hÉireann.

**I.R. Uimh. 482 de 2009**

**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (an Iaráin) (Leasú) 2009**

Is é éifeacht na Rialachán seo na hIonstraimí Reachtúla a leasú lena ndéantar foráil maidir le pionóis i leith sáruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 423/2007 ón gComhairle, an 19 Aibreán 2007. Thug an Rialachán ón gComhairle srianta isteach ar easpórtáil earraí agus teicneolaíochta a d'fhéadfadh cur le gníomhaíochtaí na hIaráine atá bainteach le saibhriú, le gníomhaíochtaí athphróiseála nó le gníomhaíochtaí atá bainteach go trom le huisce, nó le forbairt córas seachadta airm núicléacha. Cuireann sé toirmeasc freisin ar chúnamh teicniúil, ar sheirbhísí bróicéireachta agus infheistíochta a sholáthar a bhaineann le hearraí agus teicneolaíocht den sórt sin ón Iaráin agus ar iad a fháil. Déantar foráil leis na leasuithe, a thugann éifeacht do Rialachán (CE) Uimh. 1110/2008 ón gComhairle, maidir le toirmisc bhreise ar ítimí áirithe a dhíol, a sholáthar nó a aistriú a d'fhéadfadh cur le gníomhaíochtaí íogaire núicléacha a iomadú nó le córas seachadta airm núicléacha a fhorbairt.

**I.R. Uimh. 555 de 2009**

**An tOrdú um an Acht Iomaíochta (Alt 34(11) (an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe) 2009**

Cuireann an tOrdú seo an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe ar an liosta comhlachtaí reachtúla a gceanglaítear ar an Údarás Iomaíochta comhaontú comhoibrithe a dhéanamh leo.

# Aguisín 6

*Sonraí Mhargadh an tSaothair*

Tábla 1: Sonraí Mhargadh Saothair 2003 - 2009

| Iomlán (000) | **2003** | **2004** | **2005** | **2006** | **2007** | **2008** | **2009** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Lucht Saothair** | 1,912.7 | 1,982.1 | 2,078.1 | 2,162.4 | 2,239.9 | 2,222.7 | 2,155.2 |
| **Fostaithe** | 1,827.1 | 1,896.4 | 1,985.7 | 2,072.1 | 2,138.9 | 2,052.0 | 1,887.7 |
| Lánaimseartha | 1,522.3 | 1,580.1 | 1,645.2 | 1,724.1 | 1,754.4 | 1,660.5 | 1,468.3 |
| Páirtaimseartha | 304.7 | 316.3 | 340.6 | 348.0 | 384.5 | 391.5 | 419.5 |
| **Dífhostaithe** | 85.7 | 85.8 | 92.3 | 90.3 | 101.0 | 170.6 | 267.4 |
| Dífhostaithe go fadtéarmach | 26.3 | 28.8 | 27.6 | 27.1 | 27.7 | 40.5 | 89.1 |
| Fir (000) | **2003** | **2004** | **2005** | **2006** | **2007** | **2008** | **2009** |
| **An Lucht Saothair** | 1,114.9 | 1,149.9 | 1,202.9 | 1,248.2 | 1,277.7 | 1,263.1 | 1,205.3 |
| **Fostaithe** | 1,061.6 | 1,096.9 | 1,148.0 | 1,193.1 | 1,214.1 | 1,145.3 | 1,016.2 |
| Lánaimseartha | 995.0 | 1,031.7 | 1,072.9 | 1,116.9 | 1,128.7 | 1,052.1 | 898.3 |
| Páirtaimseartha | 66.6 | 65.2 | 75.1 | 76.2 | 85.4 | 93.2 | 117.8 |
| **Dífhostaithe** | 53.3 | 53.0 | 54.9 | 55.1 | 63.6 | 117.8 | 189.1 |
| Dífhostaithe go fadtéarmach | 19.6 | 21.3 | 20.7 | 19.9 | 20.6 | 31.4 | 68.8 |
| Iomlán (000) | **2003** | **2004** | **2005** | **2006** | **2007** | **2008** | **2009** |
| **An Lucht Saothair** | 797.8 | 832.3 | 875.1 | 914.2 | 962.3 | 959.6 | 949.9 |
| **Fostaithe** | 765.5 | 799.5 | 837.7 | 879.0 | 924.8 | 906.7 | 871.6 |
| Lánaimseartha | 527.3 | 548.3 | 572.3 | 607.2 | 625.7 | 608.4 | 569.9 |
| Páirtaimseartha | 238.1 | 251.1 | 265.5 | 271.8 | 299.1 | 298.3 | 301.6 |
| **Dífhostaithe** | 32.4 | 32.8 | 37.4 | 35.2 | 37.5 | 52.9 | 78.4 |
| Dífhostaithe go fadtéarmach | 6.7 | 7.5 | 7.0 | 7.1 | 7.1 | 9.1 | 20.3 |
| **Ráta (%)** | **2003** | **2004** | **2005** | **2006** | **2007** | **2008** | **2009** |
| **Fostaíocht** | 65.6% | 66.6% | 67.8% | 68.8% | 69.0% | 65.8% | 61.1% |
| **Fostaíocht Ban** | 55.7% | 57.1% | 58.3% | 59.6% | 60.8% | 59.0% | 57% |
| **Dífhostaíocht** | 4.5% | 4.3% | 4.4% | 4.2% | 4.5% | 7.7% | 12.4% |
| **Dífhostaíocht Fhadtéarmach** | 1.4% | 1.5% | 1.3% | 1.3% | 1.2% | 1.8% | 4.1% |

# AGUISÍN 7

## Feidhmíocht Trádála na hÉireann

| *Feidhmíocht Trádála na hÉireann 2004 - 2009* | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ***Marsantacht €bn*** | | | ***Seirbhísí €bn*** | | | **Allmhairí Iomlána €bn** | **Easpórtálacha Iomlána €bn** | **Barrachas ar an iomlán €bn** |
| ***Bliain*** | **Allmhairí** | **Onnmhairí** | **Barrachas** | **Allmhairí** | **Onnhairí** | **Easnamh** | | | |
| **2004** | **51.105** | **84.409** | **33.304** | **52.625** | **42.424** | **-10.201** | **103.730** | **126.833** | **23.103** |
| **2005** | **57.465** | **86.732** | **29.267** | **57.521** | **48.219** | **-9.302** | **114.986** | **134.951** | **19.965** |
| **Athrú Bliantúil** | 12.44% | 2.75% | | 9.30% | 13.66% | | 10.85% | 6.40% | |
| **2006** | **60.857** | **86.772** | **25.915** | **63.867** | **57.069** | **-6.798** | **124.724** | **143.841** | **19.117** |
| **Athrú Bliantúil** | 5.90% | 0.05% | | 11.03% | 18.35% | | 8.47% | 6.59% | |
| **2007** | **63.486** | **89.226** | **25.740** | **69.081** | **67.960** | **-1.121** | **132.567** | **157.186** | **24.619** |
| **Athrú Bliantúil** | 4.32% | 2.83% | | 8.16% | 19.08% | | 6.29% | 9.28% | |
| **2008** | **57.585** | **86.394** | **28.809** | **75.617** | **67.947** | **-7.670** | **133.202** | **154.341** | **21.139** |
| **Athrú Bliantúil** | -9.29% | -3.17% | | 9.46% | -0.02% | | 0.48% | -1.81% | |
| **2009** | **45.061** | **84.239** | **39.178** | **75.049** | **66.634** | **-8.415** | **120.11** | **150.873** | **30.763** |
| **Athrú Bliantúil** | -21.75% | -2.49% | | -0.75% | -1.93% | | -9.83% | -2.25% | |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), Marsanacht: Eisithe Márta 2010,  Seirbhísí  Comhardú na nÍocaíochtaí eisithe Márta 2010

# AGUISÍN 8

## Oifigí agus Comhlachtaí na Roinne

### An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: 01-804 5200, Íosghlao: 1890-220226
Facs: 01-804 5222
Láithreán Gréasáin: www.cro.ie
Ríomhphost: info@cro.ie

Is é an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) an stór lárnach maidir le faisnéis reachtúil phoiblí faoi chuideachtaí Éireannacha. Áirítear ar a cuid príomhfheidhmeanna corprú cuideachtaí; clárú ainmneacha gnó, muirir cuideachtaí, doiciméid tar éis iad a chorprú, agus athruithe ar shonraí ainmneacha gnó. Maidir le tuairisceáin a chomhdú, tá clár leathan forfheidhmiúcháin i bhfeidhm.

### An tÚdarás Iomaíochta

Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: 01-804 5400, Íosghlao: 1890 220 224
Facs: 01 804 5401
Láithreán Gréasáin: www.tca.ie
Ríomhphost info@tca.ie

Is é feidhm an Údaráis Iomaíochta iomaíocht níos fearr a chur chun cinn i ngach earnáil den gheilleagar trí aghaidh a thabhairt ar chleachtais fhrithiomaíocha agus trí fheasacht a mhúscailt ar chleachtais dá leithéid. Ghlac an tÚdarás freagacht air féin maidir le hiniúchadh agus cinneadh a dhéanamh ar chumaisc agus ar éadálacha a tugadh fógra dóibh faoin Acht Iomaíochta 2002.

### Boird Fiontar Contae agus Cathrach

Bunaíodh 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach (CEB) chun tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí bheaga ("micreathionscadail") le 10 bhfostaí nó níos lú ag an leibhéal áitiúil. Tugann Boird Fiontar Contae agus Cathrach tacaíocht deontais d'fhiontair reatha agus nua, agus cuireann siad fiontraíocht, forbairt cumas agus mná sa ghnó chun cinn ag an leibéal áitiúil ag micreathionscadail san earnáil tráchtála. Tá liosta de na 35 CEB ar fáil ag www.entrepriseboards.ie

## An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

23 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01-631 2121, Íosghlao: 1890-220 222
Facs: 01-631 2827
Láithreán Gréasáin: www.entemp.ie
Ríomhphost: webmaster@entemp.ie

Ionad Phort an Iarla, Sráid Haiste Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01-631 2121, Íosghlao: 1890-220 222
Facs: 01-631 2827
Láithreán Gréasáin: www.entemp.ie
Ríomhphost: webmaster@entemp.ie

Teach Davitt, 65a Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01-631 2121, Íosghlao: 1890-220 222
Facs: 01-631 3267
Láithreán Gréasáin: www.entemp.ie
Ríomhphost: webmaster@entemp.ie

## Fiontar Éireann

An Plaza, Páirc Ghnó Eastpoint, Baile Átha Cliath 3.
Teileafón: 01-727 2000
Láithreán Gréasáin: www.enterprise-ireland.com
Ríomhphost: info@enterprise-ireland.com

Is é Fiontraíocht Éireann an ghníomhaireacht rialtais atá freagrach as an earnáil dhúchasach ghnó a fhorbairt agus a chur chun cinn. Is é an misean atá acu dlús a chur le forbairt cuideachtaí Éireannacha den scoth le háit mhaith láidir a ghlacadh ar mhargaí domhanda a chruthóidh saibhreas náisiúnta agus réigiúnach. Tagann na príomhthionscnaimh margaíochta, teicneolaíocht, forbairt fiontraíochta, oiliúint gnó, eolaíocht agus nuálaíocht le chéile ag Fiontraíocht Éireann a dtacaíonn an Rialtas fás an tionscail Éireannaigh tríothu.

## An Binse Achomhairc Fostaíochta

Teach Davitt, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01-631 2121, Íosghlao: 1890 220 222
Facs: 01-631 3266
Láithreán Gréasáin: www.eatribunal.ie
Ríomhphost: eat@entemp.ie

Is comhlacht neamhspleách é an Binse Achomhairc Fostaíochta a bunaíodh chun modh tapa, neamhchostasach, atá réasúnta neamhfhoirmiúil, a sholáthar le breithniú a

dhéanamh ar dhíospóidí faoi chearta fostaíochta faoin reachtaíocht éagsúil faoi raon an Bhinse. Is é aidhm an bhinse go mbeidh custaiméirí a úsáideann an tseirbhís sásta ar an iomlán leis.

### FÁS

27-33 Sráid Bhagóid Uachtarach, Baile Átha Cliath 4.
Teileafón: 01-607 0500
Facs: 01-607 0608
Láithreán Gréasáin: www.fas.ie

Mar Údarás náisiúnta Oiliúna agus Fostaíochta, bíonn coinne ag FÁS le, agus freagraíonn siad, riachtanais mhargadh an tsaothair a athraíonn i gcónaí. Trí ghréasán réigiúnach 66 oifig agus 20 ionad oiliúna, oibríonn FÁS cláir oiliúna agus fostaíochta; soláthraíonn siad seirbhís earcaíochta do chuardaitheoirí post agus d'fhostóirí, seirbhís chomhairleach don tionscal, agus tacaíonn siad le fiontair phobalbhunaithe.

### Forfás

Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01-607 3000
Facs: 01-607 3030
Láithreán Gréasáin: www.forfas.ie,
Ríomhphost: info@forfas.ie

Is é Forfás an comhlacht náisiúnta beartas agus comhairleach maidir le fiontraíocht, trádáil, eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht.

### An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: 01-614 7000, Íosghlao: 1890-289 389
Facs: 01-614 7020
Láithreán Gréasáin: www.hsa.ie
Ríomhphost: wcu@hsa.ie

Tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta freagreach as an gcreat rialála ceirde, sláinte agus sábháilteachta, agus an creat rialála do cheimicí a riar agus a chur i bhfeidhm mar a fhoráiltear in Acht na gCeimicí 2008 agus i reachtaíocht áirithe eile. Soláthraíonn sé faisnéis, comhairle agus treoir d'fhostóirí, d'oibrithe, do dhaoine féinfhostaithe agus eile a bhfuil feidhm ag reachtaíocht cheirde sábháilteachta agus sláinte leo, nó a bhfuil baint aici leo.

## An tÚdarás Forbartha Tionscail Éireann

Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01-603 4000
Láithreán Gréasáin: www.idaireland.com
Ríomhphost: idaireland@ida.ie

Tá an tÚdarás Forbartha Tionscail freagrach as tionscal thar lear a mhealladh go hÉireann agus a fhorbairt ann.

## InjuriesBoard.ie

BOSCA PO 8, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí
Teileafón: 1890-829 121
Facs: 1890-829 122
Láithreán Gréasáin: www.injuriesboard.ie
Ríomhphost: enquiries@injuriesboard.ie

Is comhlacht reachtúil é an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, *InjuriesBoard.ie*, a sholáthraíonn measúnú neamhspleách ar chúiteamh i ndíobhálacha pearsanta do dhaoine i dtimpistí Oibre, Mótar agus Dliteanais Phoiblí. Soláthraítear an measúnú seo ach ní bhíonn gá le formhór na gcostas reatha dlíthíochta .i. costais Aturnaetha, Abhcóidí agus Saineolaithe a bhíonn bainteach le héilimh den sórt sin. D'fhéadfadh go mbeadh gá le costais dhlíthiúla/saineolaithe i gcásanna eisceachtúla. Déanann *InjuriesBoard.ie* iniúchadh ar gach cás ar a thuillteanas féin.

## Idir-Thrádáil Éireann

Páirc Ghnó na Seanoibreacha Gáis, Sráid na Cille Móire, An tIúr, an Dún BT34 2DE.
Teileafón: 048-3083 4100
Facs: 048-3083 4155
Láithreán Gréasáin: www.intertradeireland.com
Ríomhphost: info@intertradeireland.com

Is é Idir-Thrádáil Éireann an Comhlacht Trádála agus Forbartha Gnó a bunaíodh faoi Chomhaontú na Breataine – na hÉireann a d'eascraigh as Comhaontú Aoine an Chéasta 1998. Ba é misean Idir-Thrádáil Éireann, don tréimhse 2008-2010, iomaíochas domhanda an dá dhlínse a fheabhsú trí ghnó comhoibríoch, trí chláir beartas agus taighde, trí pháirtíochtaí agus gréasáin. Tá Idir-Thrádáil Éireann comh-mhaoinithe ag an Rionn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta sa Tuaisceart ar bhonn dhá thrian agus trian amháin faoi seach.

## Údarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Teach na Saileog, Páirc na Mílaoise, an Nás, Contae Chill Dara.
Teileafón: 045-983 600
Facs: 045-983 601
Láithreán Gréasáin: www.iaasa.ie
Ríomhphost: info@iaasa.ie

Tá ceithre phríomhchuspóir ag an Údarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cuntasaíochta; maoirseacht a dhéanamh ar an tslí a rialaíonn na comhlachtaí forordaithe cuntasaíochta a gcuid comhaltaí agus an tslí a ndéanann siad monatóireacht orthu; comhlíonadh ardchaighdeán proifisiúnta a chur chun cinn sa ghairm iniúchóireachta agus cuntasaíochta; monatóireacht a dhéanamh ar cibé atá cineálacha áirithe cuideachtaí agus gnóthas ag comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí nó nach bhfuil; agus bheith mar fhoinse chomhairle don Aire i leith cúrsaí iniúchóireachta agus cuntasaíochta.

## An Chúirt Oibreachais

Teach Tom Johnson, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.
Teileafón: 01-613 6666, Íosghlao: 1890-220 228
Facs: 01-613 6667
Láithreán Gréasáin: www.labourcourt.ie
Ríomhphost: info@labourcourt.ie

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais faoin Acht Caidrimh Thionscail 1946. Soláthraíonn sé seirbhís chuimsitheach shaor chun díospóidí faoi chaidrimh thionscail agus faoi chearta reachtúla fostaíochta a iniúchadh agus a réiteach. Sa bhreis air sin, déanann an Chúirt Orduithe Rialaithe Fostaíochta ina mbunaítear íosrátaí pá agus coinníollacha fostaíochta infhorghníomhaithe le dlí sna hearnálacha sin a chlúdaíonn Comhchoistí Oibreachais. Cláraíonn an Chúirt comhaontuithe fostaíochta freisin. Is é éifeacht an chláraithe go mbíonn forálacha comhaontuithe infhorghníomhaithe le dlí.

## An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Teach Tom Johnson, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.
Teileafón: 01-613 6700, Íosghlao: 1890-220 227
Facs: 01-613 6701
Láithreán Gréasáin: www.lrc.ie
Ríomhphost: info@lrc.ie

Tá an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, a bunaíodh faoin Acht Caidrimh Thionscail 1990, freagrach go hiomlán as feabhsú caidrimh thionscail a chur chun cinn. Déantar sin trí réimse seirbhísí a sholáthar lena n-áirítear Seirbhís Chomhréitigh, Seirbhís Coimisinéara um Chearta, agus Roinn Seirbhísí Comhairleacha.

## An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

4 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01-402 5555
Ceisteanna na Meán Cumarsáide: 01-475 1444
Líne Chabhrach Íosghlao na dTomhaltóirí: 1890-432 432
Ceisteanna Corparáideacha: 01-402 5500
Facs: 01-402 5501
Láithreán Gréasáin na dTomhaltóirí: www.consumerconnect.ie
Láithreán Gréasáin Corparáideach: www.nca.ie

Is é aidhm na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí suimeanna tomhaltóirí a chosaint agus cultúr láidir tomhaltóirí a neadú in Éirinn. Áirítear ar a sainordú abhcóideacht, taighde, faisnéis, forfheidhmiú, oideachas agus feasacht. Cuireann an Ghníomhaireacht réimse leathan dlíthe cosanta tomhaltóirí i bhfeidhm, lena n-áirítear dlíthe maidir le cleachtais mhealltacha trádála (áirítear orthu sin cleachtais éagóracha, mhíthreoracha agus ionsaitheacha tráchtála), creidmheas tomhaltais, taisteal pacáiste, téarmaí éagóracha conartha, comhroinnt ama, lipéadú bia, lipéadú teicstílí, praghsáil aonad agus taispeáintí praghsanna.

## An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta

Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach.
Teileafón: 01-917 8800, Íosghlao: 1890 808 090
Facs: 059-917 8912
Láithreán Gréasáin: www.employmentrights.ie

Is é an ról atá ag an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA) cultúr náisiúnta comhlíonta maidir le cearta fostaíochta a chothú agus a chur i bhfeidhm sa Stát. Glacann an NERA réimse feidhmeanna air féin, lena n-áirítear an soláthar faisnéise neamhchlaonta d’fhostóirí agus d’fhostaithe, feidhm iniúchta agus seirbhís ionchúisimh agus forfheidhmithe. Is é an phríomhchuspóir atá aige obair a dhéanamh le fostóirí chun comhlíonadh reachtaíochta a fháil, agus sáruithe a aithnítear a réiteach, lena n-áirítear sásamh do na daoine lena mbaineann agus riaráistí a íoc atá dlite d’fhostaithe.

## An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann

1 Cearnóg an Déin Swift, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9 01-807 3800
Facs: 01-807 3838
Láithreán Gréasáin: www.nsai.ie
Ríomhphost: nsai@nsai.ie

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann caighdeáin a fhorbairt agus a fhoilsiú, soláthar earra chuimsithigh mar aon le seirbhís deimhniúcháin córas bainistíochta.

Déanann an NSAI, tríd an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta, caighdeáin náisiúnta tomhais a fhorbairt agus a scaipeadh de réir Chóras Idirnáisiúnta na nAonad.

### Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: 01-858 5800, Íosghlao: 1890-315 015
Facs: 01-858 5801
Láithreán Gréasáin: www.odce.ie
Ríomhphost: info@odce.ie.

Is é an misean atá ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach an timpeallacht comhlíonta a fheabhsú maidir le gníomhaíocht chorparáideach i ngeilleagar na hÉireann. Áirítear ar fheidhmeanna an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh, iniúchadh a dhéanamh ar chionta amhrasta faoi na hAchtanna, agus nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla achomair sna Cúirteanna. Tá ról ginearálta maoirseachta ag an Stiúrthóir i leith leachtaitheoirí agus glacadóirí.

### Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann

Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: 01-804 5499, Íosghlao: 1890-220 225
Facs: 01-804 5498

Is oifig neamhspleách reachtúil é Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann atá freagrach as cara-chumainn, as ceardchumainn agus as cumainn tionscail agus choigiltis a chlárú agus a rialú go ginearálta.

### Oifig na bPaitinní

Tithe an Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh.
Teileafón: 01-772 8800, Íosghlao: 1890-220 223
Facs: 056-772 0100, Íosghlao Facs: 1890-220 120
Láithreán Gréasáin: www.patentsoffice.ie
Ríomhphost: patlib@entemp.ie

Tá Oifig na bPaitinní freagrach as paitinní a cheadú d'aireagáin agus as trádmharcanna agus dearaí a chlárú.  Tá feidhmeanna ag an Rialtóir chomh maith maidir le díospóidí áirithe cóipchirt a réiteach.

## Seirbhís Choimisinéir um Chearta

Teach Tom Johsnson, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4
Teileafón: 01-613 6700, Íosghlao: 1890-220 227
Facs (01) 613 6701
Láithreán Gréasáin: www.lrc.ie
Ríomhphost: rightscomm@lrc.ie

Is seirbhís de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais é Seirbhís Choimisinéir um Chearta. Déanann an tSeirbhís iniúchadh ar dhíospóidí, ar chúiseanna gearáin agus ar éilimh daoine aonair/grúpaí beaga oibreoirí faoi reachtaíocht áirithe.

## Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01-607 3200
Facs: 01-607 3201
Láithreán Gréasáin: www.sfi.ie
Ríomhphost: info-at-sfi.ie

Soláthraíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) deontais do thaighdeoirí eolaíochta agus foirne taighde in institiúidí ardoideachais na hÉireann ar taighdeoirí agus foirne iad is mó is dóigh leis a dhéanfaidh faisnéis nua a ghiniúint, mar aon le teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus fiontair iomaíocha sa réimse eolaíochta agus innealtóireachta. Tá taighde an SFI mar bhonn agus taca ag trí réimse leithne: is iad sin an Bhiteicneolaíocht, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, agus teicneolaíochtaí Fuinnimh Inmharthana/atá tíosach ar fhuinneamh. Bunaítear na dámhachtainí seo ar phróiseas athbhreithnithe piaraí ina bhfuil feabhas taighde agus ábharthacht straitéiseach maidir le riachtanais fiontar na hÉireann.

## Forbairt na Sionainne

Lár an Bhaile, Sionainn, Contae an Chláir.
Teileafón: 061-361 555
Facs: 061-361 903
Láithreán Gréasáin: www.shannondevelopment.ie

Is cuideachta forbartha réigiúnach é Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne, ar leis an Rialtas é, atá tiomanta don réigiún a chur chun cinn agus a fhorbairt. Is é an fhorbairt réigiúnach geilleagrach a ghnó, ar próiseas casta é a bhaineann le gach earnáil gníomhaíochta agus a úsáideann ilphróisis chun réigiún den scoth a bhaint amach. Díríonn Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne ar thorthaí a bhaint amach i gceithre phríomhréimse a bhfuil éifeacht shuntasach acu go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta .i. Tionscadail

straitéiseacha nó “Suaitheanta”, Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, Forbairt Fiontraíochta agus Forbairt Maoine.